BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

Clár

I. An dlí lena mbaineann 5

A. Treoir 2014/59/AE 5

B. Rialachán SRA 6

II. Cúlra na díospóide 16

A. Staid eacnamaíoch Banco Popular in 2016 agus 2017 16

B. Seoladh an nós imeachta réitigh 18

C. An scéim réitigh atá faoi chonspóid 20

D. Fíorais tar éis ghlacadh na scéime réitigh faoi chonspóid 22

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc 23

A. Imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta 23

B. An breithiúnas faoi achomharc 24

IV. Conclúidí na bpáirtithe san achomharc 24

V. An t-achomharc 25

A. Réamhbharúlacha 25

B. An chéad saincheist dlí agus an ceathrú saincheist dlí go dtí an séú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 296 CFAE, ar Airteagal 18 de Rialachán SRA, ar an dualgas cúraim atá ar BRA, ar Airteagal 47 den Chairt, ar Airteagal 6 de ECHR agus ar phrionsabal na sáraíochta 26

1. An cúigiú saincheist dlí 26

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

(a) Argóintí na bpáirtithe 27

(b) Cinntí na Cúirte 28

(1) Inghlacthacht 28

(2) Substaint 30

2. An chéad saincheist dlí 34

(a) Argóintí na bpáirtithe 34

(b) Cinntí na Cúirte 35

(1) Inghlacthacht 35

(2) Substaint 36

(i) An chéad chuid den chéad shaincheist dlí 36

(ii) An dara cuid den chéad shaincheist dlí 37

3. An ceathrú saincheist dlí 39

(a) Argóintí na bpáirtithe 39

(b) Breithniú na Cúirte 39

4. An séú saincheist dlí 41

(a) Argóintí na bpáirtithe 41

(b) Cinntí na Cúirte 42

(1) Inghlacthacht 42

(2) Substaint 42

C. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 17 agus 52 den Chairt agus ar Airteagal 5(4) CAE 43

1. Argóintí na bpáirtithe 43

2. Cinntí na Cúirte 45

(a) Inghlacthacht 45

(b) Substaint 45

D. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 14 agus 20 de Rialachán SRA, Airteagal 39 de Threoir 2014/59 ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 296 CFAE 50

1. Argóintí na bpáirtithe 51

2. Measúnú na Cúirte 52

(a) Inghlacthacht 52

(b) Substaint 53

(1) An chéad agus an ceathrú cuid den dara saincheist dlí 53

(2) An dara cuid den dara saincheist dlí 55

E. An tríú agus an t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine agus ar phrionsabal na comhréireachta 56

1. An tríú saincheist dlí 56

(a) Argóintí na bpáirtithe 56

(b) Measúnú na Cúirte 57

(1) Inghlacthacht 57

(2) Substaint 58

2. An t-ochtú saincheist dlí 59

(a) Argóintí na bpáirtithe 60

(b) Measúnú na Cúirte 61

VI. Costais 61

(Achomharc – Beartas eacnamaíochta agus airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Sásra Réitigh Aonair le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Nós imeachta réitigh is infheidhme i gcás cliseadh iarbhír nó intuartha ag eintiteas – Scéim réitigh a ghlacadh i leith Banco Popular Español SA – Airteagal 18(1) – Coinníollacha a bhfuil glacadh scéim réitigh faoina réir i ndáil le Banco Popular Español SA – Oibleagáidí an Bhoird Réitigh Aonair (BRA) – Dualgas cúraim – Oibleagáid cúiseanna a lua – Airteagal 88 – Oibleagáid rúndachta – Airteagal 14 – Cuspóirí an réitigh – Díol gnó an eintitis lena mbaineann – Coinníollacha díola agus faoina réir a bhféadfaí glacadh le tairiscint – Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 17 – Ceart na scairshealbhóirí chun maoine – Bailíocht Rialachán (AE) Uimh. 806/2014)

I gCás C-535/22 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 9 Lúnasa 2022,

Aeris Invest Sàrl, arna bhunú i Lucsamburg (Lucsamburg), dá ndéanann E. Galán Burgos, R. Vallina Hoset agus M. Varela Suárez, abogados,, ionadaíocht agus ansin dá ndéanann C. Jaramillo Samper, R. Vallina Hoset agus M. Varela Suárez, abogados, ionadaíocht,

achomharcóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann L. Flynn, P. Němečková, A. Nijenhuis, A. Steiblytė agus D. Triantafyllou, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht le cúnamh ó J. Rivas Andrés, abogado,,

an Bord Réitigh Aonair (BRA), dá ndéanann H. Ehlers, S. Fernández Rupérez, R. Lapresta Bienz agus J. Rius Riu, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht le cúnamh ó F. B. Fernández de Trocóniz Robles, abogado, B. Meyring agus S. Schelo, Rechtsanwälte,

cosantóirí ag an gcéad chéim,

Ríocht na Spáinne, dá ndéanann L. Ruiz Sánchez agus M.J. Aguilera Ruiz, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

Parlaimint na hEorpa, dá ndéanann J. Etienne, P. López-Carceller, M. Menegatti, L. Stefani agus L. Visaggio, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

Comhairle an Aontais Eorpaigh, dá ndéanann J. Haunold, H. Marcos Fraile agus A. Westerhof Löfflerová, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

Banco Santander SA, arna bhunú in Santander (an Spáinn), dá ndéanann J. Remón Peñalver, J. M. Rodríguez Cárcamo, A. M. Rodríguez Conde agus D. Sarmiento Ramírez-Escudero, abogados, ionadaíocht,

idiragraithe ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz (Rapóirtéir), P. G. Xuereb, A. Kumin agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag an éisteacht an 14 Márta 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína achomharc, iarrann Aeris Invest Sàrl go gcuirfí ar neamhní breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 1 Meitheamh 2022, *Aeris Invest* v *an Coimisiún agus BRA* (T-628/17, ‘an breithiúnas faoi achomharc’, EU:T:2022:315), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean faoi Airteagal 263 CFAE lena n-iarrtar go nglacfaí Cinneadh BRA/EES/2017/08 ó Sheisiún Feidhmiúcháin an Bhoird Réitigh Aonair (BRA) an 7 Meitheamh 2017 maidir le scéim

réitigh i leith Banco Popular Español SA ('an scéim réitigh faoi chonspóid') agus Cinneadh (AE) 2017/1246 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena bhformhuinítear an scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español SA (IO 2017 L 178, lch. 15, agus ceartúchán IO 2017 L 320, lch. 31).

I. An dlí lena mbaineann

A. Treoir 2014/59/AE

2 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 38(2) dar teideal 'uirlis díolta gnó' de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173 lch. 190):

'Is ar théarmaí tráchtála a dhéanfar aistriú de bhun mhír 1, ag féachaint do na cúinsí agus i gcomhréir le creat Státchabhair an Aontais [Eorpaigh].'

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 39(2) den Treoir sin dar teideal 'uirlis díolta gnó: ceanglais nós imeachta':

'Gan dochar do chreat Státchabhrach an Aontais, i gcás inarb iomchuí, déanfar an díolachán dá bhforáiltear i mír 1 de réir na gcritéar seo a leanas:

a) beidh sé a thrédhearcaí agus is féidir agus ní thabharfar cuntas míchruinn ó thaobh ábhair ar na sócmhainní, na cearta, na gealltanais ná ar na hionstraimí úinéireachta eile de chuid na hinstitiúide sin ar mhaithe leis an údarás iad a aistriú, i bhfianaise na n-imthosca agus an ghá leis an gcobhsaíocht airgeadais a chaomhnú;

b) ní thabharfar buntáiste gan chúis leis do cheannaitheoir ionchasach ná ní dhéanfar idirdhealú leis;

[...]

f) Féachfar leis, a mhéid is féidir, a dhéanamh gurb airde an praghas díola atá ar na scaireanna nó ar na hionstraimí úinéireachta, sócmhainní, cearta nó gealltanais lena mbaineann eile.

Faoi réir phointe (b) den chéad fhomhír, ní chuirfear cosc leis na prionsabail dá dtagraítear sa mhír seo ar an údarás réitigh ceannaitheoirí áirithe a lorg a d'fhéadfadh a bheith ann.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Rialachán SRA

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in aithrisí 24, 26, 58 agus 116 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1, 'Rialachán SRA '):

'(24) Ós rud é nach bhféadfaidh ach institiúidí an Aontais comhbheartas réitigh an Aontais a bhunú agus ós rud é go bhfanann lamháil discréide i nglacadh gach scéime réitigh ar leith, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht leordhóthanach [Chomhairle an Aontais Eorpaigh] agus an Choimisiúin [Eorpaigh], mar institiúidí a fhéadfaidh cumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 291 [CFAE]. Beidh measúnú le déanamh ag an gCoimisiún ar ghnéithe lánroghnacha na gcinntí réitigh arna ndéanamh ag BRA. Ráite an tionchar suntasach a bhíonn ag na cinntí réitigh ar chobhsaíocht airgeadais na mBallstát agus ar an Aontas, mar sin, agus ar fhlaithiúnas buiséadach na mBallstát chomh maith, tá sé tábhachtach go dtabharfar an chumhacht cur chun feidhme don Chomhairle chun cinntí áirithe a ghlacadh a bhaineann le réiteach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé faoin gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún, rialú éifeachtach a fheidhmiú ar an meastóireacht ó BRA go bhfuil leas an phobail ann agus chun measúnú a dhéanamh ar aon athrú ábhartha ar mhéid an [Chiste Réitigh Aonair ("an Ciste")] a bheidh le húsáid i ngníomhaíocht réitigh ar leith. Thairis sin, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na critéir bhreise nó na coinníollacha breise a shonrú a bheidh le cur i gcuntas ag an mBord i bhfeidhmiú a chumhachtaí éagsúla. Níor cheart go gcuirfeadh bronnadh cúraimí réitigh den sórt sin isteach ar shlí ar bith ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart [d'Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)] a ról a choimeád ar bun agus a chumhachtaí agus a chúraimí atá ann cheana féin a choinneáil: ba cheart go ndéanfadh sé reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile a fhorbairt, agus rannchuidiú leis, agus ba cheart go ndéanfadh sé cóineasú na gcleachtas réitigh ar fud an Aontais ina iomláine a fheabhsú.

[...]

(26) Ba cheart go mbeadh an Banc Ceannais Eorpach (BCE), ina cháil mar mhaoirseoir laistigh [den sásra aonair maoirseachta arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013, lena dtugtar sainchúraimí don Bhanc Ceannais Eorpaigh maidir le maoirsiú stuamachta na n-institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63)], agus an Bord, in ann a mheas an bhfuil ag cliseadh ar institiúid chreidmheasa nó an bhfuil an dóchúlacht ann go gclisfear uirthi agus cibé an bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfadh aon ghníomh de chineál eile san earnáil phríobháideach nó aon ghníomh maoirseachta eile cosc a chur lena cliseadh laistigh de thréimhse ama réasúnach. Ba cheart don Bhord, má mheasann sé go gcomhlíontar na critéir uile a bhaineann le réitigh a spreagadh, an scéim réitigh a ghlacadh. Neartaítear leis an nós 'imeachta a bhaineann le glacadh na scéime réitigh, lena mbaineann an Chomhairle agus an Coimisiún, an neamhspleáchas oibríochta atá riachtanach don Bhord agus prionsabal tharmligean na gcumhachtaí chuig gníomhaireachtaí, arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á urramú san am céanna. [...]

[...]

(58) Dá ndéanfaí eintiteas a mbeadh ag cliseadh air a leachtú de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta d'fhéadfaí an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol, d'fhéadfaí cur as do sholáthar seirbhísí riachtanacha, agus d'fhéadfaí difear a dhéanamh do chosaint taisceoirí. Sa chás sin is le leas an phobail é uirlisí réitigh a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a bheith de chuspóir ag réiteach a dhéanamh leanúnachas seirbhísí riachtanacha a áirithiú, cobhsaíocht an chórais airgeadais a chaomhnú, baol morálta a laghdú trí spleáchas ar an tacaíocht airgeadais poiblí a thugtar d'eintitis a bhfuil ag cliseadh orthu a laghdú a oiread is féidir é, agus taisceoirí a chosaint.

[...]

(116) Ba cheart go dtabharfaí fógra faoi ghníomhartha réitigh i gceart agus, faoi réir na n-eisceachtaí teoranta a leagtar síos sa Rialachán seo, go bpoibleofar iad. De bhrí gur dócha faisnéis a gheobhaidh BRA, na húdaráis réitigh náisiúnta agus a gcomhairleoirí gairmiúla le linn na n-imeachtaí réitigh a bheith íogair, sula bpoibleofar an cinneadh réitigh, ba cheart an fhaisnéis sin a bheith faoi réir ag ceanglais na rúndachta gnó. Is gá a chur san áireamh go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag faisnéis maidir le hábhar agus sonraí pleananna réitigh iontu féin chomh maith le toradh aon mheasúnaithe ar na pleananna sin, go háirithe ar na gnóthais lena mbaineann. Ní mór a thoimhdiú go mbeidh éifeachtaí ar leasanna poiblí agus príobháideacha lena mbaineann an ngníomhaíocht ag aon fhaisnéis a sholáthrófar i leith cinnidh sula dtógfar é, bíodh sé i dtaobh an gcomhlíonfar na coinníollacha réitigh, i dtaobh uirlis shonrach nó aon ghníomhaíocht i rith na n-imeachtaí a úsáid. D'fhéadfadh, áfach, nár leor ach an fhaisnéis a bheith ann go bhfuil eintiteas sonrach á scrúdú ag an Bord agus na húdaráis réitigh náisiúnta chun éifeachtaí diúltacha a chur faoi deara don eintiteas sonrach sin á scrúdú ag an mBord agus ag na húdaráis náisiúnta réitigh. Is gá mar sin a áirithiú go mbeidh sásraí iomchuí chun rúndacht na faisnéise sin a chothabháil, amhail inneachar agus sonraí na bpleananna réitigh agus an toradh ar aon mheasúnacht a dhéanfar sa chomhthéacs sin.'

5 I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 5(2) de Rialachán SRA, tá BRA faoi réir rialacha teicniúla agus cur chun feidhme ceangailteacha arna n-ullmhú ag ÚBE agus arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO 2010 L 331, lch. 12), mar aon le treoirlínte agus moltaí arna n-eisiúint ag ÚBE de réir an Rialacháin sin, mar is amhlaidh an cás don Chomhairle agus don Choimisiún.

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 14 de Rialachán SRA sin, dar teideal 'Cuspóirí réitigh':

'1. Agus iad ag gníomhú faoin nós imeachta réitigh dá dtagraítear in Airteagal 18, cuirfidh an Bord, an Chomhairle, an Coimisiún, agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis réitigh náisiúnta, san áireamh, i ndáil lena bhfreagrachtaí faoi seach, na cuspóirí réitigh, agus roghnóidh siad na huirlisí réitigh agus na cumhachtaí réitigh is fearr, dar leo féin, lenar féidir na cuspóirí réitigh atá ábhartha maidir le himthosca an cháis a bhaint amach.

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí réitigh dá dtagraítear i mír 1:

(a) leanúnachas na bhfeidhmeanna criticiúla a áirithiú;

(b) éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar chobhsaíocht airgeadais a sheachaint, go háirithe trí aicídiú a sheachaint, lena n-áirítear ar bhonneagair an mhargaidh, agus trí smacht an mhargaidh a chothabháil.

(c) cistí poiblí a chosaint tríd an méid a bhítear ag brath ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú;

(d) taisceoirí atá cumhdaithe faoi [Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (IO 2014 L 173, lch. 149) agus infheisteoirí agus infheisteoirí atá cumhdaithe ag Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le córais um infheisteoirí a chúiteamh (IO 1997 L 84, lch. 22] a chosaint;

(e) chun cistí cliant agus sócmhainní cliant a chosaint.

Agus na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á saothrú acu, féachfaidh an Bord, an Chomhairle, an Coimisiún agus, nuair is ábhartha, na húdaráis réitigh [náisiúnta], costas réitigh a íoslaghdú agus scriosadh luacha a sheachaint mura gá iad chun na cuspóirí réitigh a bhaint amach.

3. Faoi réir fhorálacha éagsúla an Rialacháin seo, is ionann tábhacht a bheidh ag na cuspóirí réitigh agus déanfar iad a chothromú, i gcás inarb iomchuí, do nádúr agus d'imthosca gach cáis.'

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 15(1) den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail ghinearálta maidir le réiteach':

'Agus iad ag gníomhú faoina nós imeachta réitigh dá dtagraítear in Airteagal 18, déanfaidh an Bord, an Chomhairle, an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis réitigh náisiúnta, na bearta ar fad is iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an ghníomhaíocht réitigh i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

a) gurb iad scairshealbhóirí na hinstitiúide faoi réir nós imeachta réitigh a iompróidh na chéad chaillteanais;

[...]'

8 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 18 den Rialachán sin, dar teideal 'Nós imeachta réitigh':

'1. Déanfaidh an Bord scéim réitigh a ghlacadh de bhun mhír 6 i ndáil leis na heintitis agus leis na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus leis na hinstitiúidí agus leis na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4)(b) agus (5) i gcás ina mbeidh na coinníollacha do chur i bhfeidhm na míreanna sin comhlíonta, ach amháin nuair a dhéanfaidh sé measúnú orthu, ina sheisiún feidhmiúcháin, tar éis dó teachtaireacht a fháil de bhun an ceathrú fomhír nó ar a thionscnamh féin, go mbeidh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

(a) tá ag cliseadh ar an eintiteas nó is dócha go gclisfidh air;

(b) ag féachaint d'uainiú agus d'imthosca ábhartha eile, níl aon ionchas réasúnach ann go gcuirfeadh aon bhearta malartacha ón earnáil phríobháideach lena n-áirítear bearta ó IPS nó aon ghníomhaíocht maoirseachta, lena n-áirítear bearta luath-idirghabhála nó díluachála nó comhshó ionstraimí caipitil ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 21, a dhéanfaí i ndáil leis an eintiteas, cosc ar chliseadh an eintitis laistigh de thréimhse réasúnach ama;

(c) is gá beart réitigh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail de bhun mhír 5.

Is é BCE, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, a dhéanfaidh measúnú ar an gcoinníoll dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír. Féadfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin dó, measúnú den sórt sin a dhéanamh ach ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh ach amháin tar éis dó a rún intinne a chur in iúl roimh ré do BCE agus sa chás amháin nach mbeidh measúnú den sórt sin déanta ag BCE laistigh de thrí lá féilire ón bhfaisnéis sin a fháil. Aon fhaisnéis ábhartha a iarrfaidh an Bord ar BCE d'fhonn eolas a thabhairt le haghaidh a mheasúnaithe, tabharfaidh BCE dó í gan mhoill.

I gcás ina measúnóidh BCE go bhfuil an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír comhlíonta i ndáil le heintiteas nó le grúpa dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh sé an measúnú sin in iúl don Choimisiún agus don Bhord gan mhoill.

Is é an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin dó, a dhéanfaidh an measúnú faoin gcoinníoll dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír, nó, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis réitigh náisiúnta, i ndlúthchomhar le BCE. Féadfaidh BCE an Bord nó na húdaráis réitigh náisiúnta lena mbaineann a chur ar an eolas go measann sé go bhfuil an coinníoll a leagtar síos sa phointe sin comhlíonta.

2. Gan dochar do chásanna inar chinn BCE cúraimí maoirseachta a fheidhmiú go díreach a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 6(5)(b) de Rialachán Uimh. 1024/2013 ag BCE, i gcás ina bhfaightear cumarsáid de bhun mhír 1, nó i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an mBord measúnú a dhéanamh faoi mhír 1 ar a thionscnamh féin, i ndáil le heintiteas nó le grúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(3), déanfaidh an Bord a mheasúnú sin a chur in iúl gan mhoill do BCE.

[...]

4. Chun críocha phointe (a) de mhír 1, measfar go bhfuil ag cliseadh ar an eintiteas nó gur dócha go gclisfear air i gceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

(a) tá na ceanglais chun leanúint d'údarú á sárú ag an eintiteas nó tá eilimintí oibiachtúla ann chun bonn a chur faoin gcinneadh go sáróidh an t-eintiteas na ceanglais sin amach anseo, ar dhóigh ina mbeadh bonn cirt le tarraingt siar an údaraithe ag BCE, lena n-áirítear de dheasca caillteanais a bheith tabhaithe ag an eintiteas nó gur dócha go dtabhóidh an t-eintiteas caillteanais a ídeoidh a chistí dílse ar fad nó cuid shuntasach díobh, ach gan a bheith teoranta don chúis sin amháin;

(b) tá sócmhainní an eintitis níos lú ná dliteanais an eintitis, nó tá eilimintí oibiachtúla ann chun bonn a chur faoin gcinneadh gurb amhlaidh a bheidh sé go gairid amach anseo;

(c) níl an t-eintiteas in ann na fiacha nó na dliteanais eile atá air a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite, nó tá eilimintí oibiachtúla ann chun bonn a chur faoin gcinneadh gurb amhlaidh a bheidh sé go gairid amach anseo;

(d) tá gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách ach amháin, chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, nuair a bheidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách sin in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas: [...]

5. Chun críocha phointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo, caithfear le gníomhaíocht réitigh amhail is le leas an phobail sin a dhéanamh más gá é le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí réitigh mar dá dtagraítear in Airteagal 14 a bhaint amach agus é comhréireach leo agus más rud é nach gcomhlíonfaí na cuspóirí réitigh sin go feadh an mhéid chéanna dá ndéanfaí an t-eintiteas a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta.

6. Má chomhlíontar na coinníollacha ar fad a leagtar síos i mír 1, glacfaidh an Bord scéim réitigh [agus déanfar an méid seo a leanas] leis an scéim réitigh:

(a) an t-eintiteas a chur faoi réir nós imeachta réitigh;

(b) cur i bhfeidhm na n-uirlisí réitigh i leith na hinstitiúide faoi réir nós imeachta réitigh dá dtagraítear in Airteagal 22(2) a chinneadh, go háirithe aon eisiaimh ó chur i bhfeidhm na fortharrthála i gcomhréir le hAirteagal 27(5) agus (14);

(c) úsáid an Chiste a chinneadh chun tacaíocht a thabhairt don ghníomhaíocht réitigh i gcomhréir le hAirteagal 76 agus i gcomhréir le cinneadh ón gCoimisiún a bheidh glactha i gcomhréir le hAirteagal 19.

7. Díreach tar éis an scéim réitigh a ghlacadh, déanfaidh an Bord é a tharchur chuig an gCoimisiún.

Laistigh de 24 huaire an chloig den scéim réitigh a bheith tarchurtha ag an mBord, déanfaidh an Coimisiún an scéim réitigh a fhormhuiniú, nó agóid a dhéanamh ina haghaidh maidir le gnéithe lánroghnacha na scéime réitigh sna cásanna nach gcumhdaítear sa tríú fomhír den mhír seo.

Laistigh de 12 uair an chloig den scéim réitigh a tharchur chuig an mBord, féadfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) agóid a dhéanamh in aghaidh na scéime réitigh ar an bhforas nach bhfuil an critéar i leith leas an phobail dá dtagraítear i mír 1(c) á chomhlíonadh ag an mBord;

(b) modhnú ábhartha maidir le méid an Chiste dá bhforáiltear i scéim réitigh an Bhoird a fhormheas nó agóid a dhéanamh ina aghaidh.

[...]

8. I gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle agóid in aghaidh institiúid a chur faoi réir nós imeachta réitigh ar an bhforas nach mbeidh an critéar i leith leas an phobail dá dtagraítear i mír 1(c) comhlíonta, déanfar an t-eintiteas ábhartha a fhoirceannadh go hordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

[…]’

9 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 20 den Rialachán sin, dar teideal ‘Luacháil chun críoch réitigh’:

‘1. Sula ndéanfaidh an Bord cinneadh faoi ghníomhaíocht réitigh nó faoi fheidhmiú na cumhachta chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó, áiritheoidh sé go ndéanfaidh duine atá neamhspleách ar aon údarás poiblí, lena n-áirítear an Bord agus an t-údarás réitigh náisiúnta, agus ar an eintiteas lena mbaineann, luacháil chothrom, stuama agus réalaíoch ar shócmhainní agus dliteanais eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2.

2. Faoi réir mhír 15, más rud é go gcomhlíonfar na ceanglais ar fad a leagtar síos i míreanna 1 agus 4 go mír 9, measfar an luacháil a bheith cinntitheach.

3. I gcás nach féidir luacháil neamhspleách a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Bord luacháil shealadach a dhéanamh ar shócmhainní agus dliteanais an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2, i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo.

4. Is é an cuspóir a bheidh leis an luacháil measúnú a dhéanamh ar an luach atá ar shócmhainní agus ar dhliteanais eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach in Airteagal 16 agus in Airteagal 18 á gcomhlíonadh aige.

5. Beidh na cuspóirí seo a leanas leis an luacháil:

(a) go mbeadh sí mar fhaisnéis don chinneadh an bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach nó na coinníollacha maidir le díluacháil nó comhshó na n-ionstraimí caipitil comhlíonta;

(b) má bhíonn na coinníollacha maidir le réiteach comhlíonta, go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoin ngníomhaíocht réitigh iomchuí atá le déanamh i ndáil le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2;

(c) nuair a chuirfear an chumhacht chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó i bhfeidhm, go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi mhéid an chealaithe nó an chaolaithe i dtaca le hionstraimí úinéireachta, agus faoi mhéid na díluachála nó an chomhshó i dtaca le hionstraimí caipitil ábhartha;

(d) nuair a chuirfear an uirlis fortharrthála i bhfeidhm, go mbeadh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi mhéid na díluachála nó an chomhshó i dtaca le dliteanais inghlactha;

(e) nuair a chuirfear an uirlis droichead-institiúide nó an uirlis deighilte sócmhainní i bhfeidhm, go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi na sócmhainní, na cearta, na dliteanais nó na hionstraimí úinéireachta atá le haistriú agus don chinneadh faoi luach aon chomaoine atá le híoc leis an institiúid faoi réir nós imeachta réitigh nó, de réir mar a bheidh, le húinéirí na n-ionstraimí úinéireachta;

(f) nuair a chuirfear an uirlis díolta gnó i bhfeidhm, go mbeadh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi na sócmhainní, faoi na cearta, na dliteanais nó na hionstraimí úinéireachta atá le haistriú agus go mbeadh sí mar fhaisnéis do thuiscint an Bhoird ar céard is téarmaí tráchtála ann chun críocha Airteagal 24(2)(b);

(g) i ngach cás, a áirithiú go n-aithneofar go hiomlán aon chaillteanais ar shócmhainní eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 an tráth a chuirfear na huirlisí réitigh i bhfeidhm nó an tráth a fheidhmeofar an chumhacht chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó.

6. Gan dochar do chreat Státchabhrach an Aontais, beidh an luacháil, i gcás inarb infheidhme, bunaithe ar thoimhdí stuama, lena n-áirítear i ndáil le rátaí mainneachtana agus déine na gcaillteanas. Ní thoimhdeofar sa luacháil aon tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, nó aon instealladh airgid práinneach ó bhanc ceannais, nó aon instealladh airgid ó bhanc ceannais a sholáthraítear faoi théarmaí neamhchaighdeánacha [...].

[...]

10. Más rud é, de dheasca práinne in imthosca an cháis, nach féidir na ceanglais a leagtar síos i míreanna 7 agus 9 a chomhlíonadh, nó go mbeidh feidhm ag mír 3, is luacháil shealadach a dhéanfar. Comhlíonfaidh an luacháil shealadach na ceanglais a leagtar síos i mír 4 agus, a mhéid is indéanta go réasúnach sna himthosca, na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1, 7 agus 9.

Áireofar sa luacháil shealadach dá dtagraítear sa chéad fhomhír maolán i leith caillteanas breise, mar aon le bonn cirt iomchuí.

11. Measfar gur luacháil shealadach aon luacháil nach gcomhlíonfaidh na ceanglais ar fad a leagtar síos i míreanna 1 agus 4 go 9 go dtí go mbeidh luacháil a chomhlíonfaidh go hiomlán na ceanglais ar fad a leagtar síos sna míreanna sin curtha i gcrích ag duine neamhspleách amhail dá dtagraítear i mír 1. Déanfar an luacháil chinntitheach *ex post* sin a luaithe is indéanta. Féadfar í a dhéanamh ar leithligh ón luacháil dá dtagraítear í míreanna 16, 17 agus 18, nó féadfar í a dhéanamh ag an am céanna leis an luacháil sin agus féadfaidh an duine neamhspleách céanna an dá luacháil a dhéanamh, ach beidh sí éagsúil ón luacháil eile. Beidh na cuspóirí seo a leanas leis an luacháil chinntitheach *ex post*:

(a) a áirithiú go mbeidh aon chaillteanais ar shócmhainní eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 aitheanta go hiomlán i leabhair chuntasaíochta an eintitis sin;

(b) a bheith mar fhaisnéis do chinneadh éilimh ó chreidiúnaithe a aisiompú nó luach na comaoine íoctha a mhéadú, i gcomhréir le mír 12 den Airteagal seo.

12. I gcás ina mbeidh meastachán na luachála cinntithí *ex-post* ar ghlanluach sócmhainní eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 níos airde ná meastachán na luachála sealadaí ar ghlanluach sócmhainní an eintitis sin, féadfaidh an Bord a iarraidh ar an údarás réitigh náisiúnta:

(a) a chumhacht a fheidhmiú chun an luach atá ar éilimh na gcreidiúnaithe nó úinéirí na n-ionstraimí caipitil ábhartha atá díluacháilte faoin uirlis fortharrthála a mhéadú

(b) teagasc a thabhairt do dhroichead-institiúid nó do mheán bainistíochta sócmhainní íocaíocht bhreise comaoine i ndáil leis na sócmhainní, leis na cearta nó leis na dliteanais a dhéanamh le hinstitiuid atá faoi réir nós imeachta réitigh nó de réir mar a bheidh, i ndáil leis na hionstraimí úinéireachta, an íocaíocht a dhéanamh le húinéirí na n-ionstraimí sin.

13. D'ainneoin mhír 1, maidir le luacháil shealadach arna seoladh i gcomhréir le míreanna 10 agus 11, beidh sí ina bunús bailí don Bhord chun cinneadh ar bhearta réitigh, lena n-áirítear a

theagasc d'údaráis réitigh náisiúnta stiúir a ghlacadh ar institiúid a bhfuil ag cliseadh uirthi nó ar chumhacht díluachála nó comhshó na n-ionstraimí caipitil ábhartha a fheidhmiú.

[...]

15. Beidh an luacháil ina chroíchuid den chinneadh faoi uirlis réitigh a chur i bhfeidhm nó faoi chumhacht réitigh a fheidhmiú nó den chinneadh faoi chumhacht ionstraimí caipitil díluacháil nó comhshó a fheidhmiú. Ní bheidh an luacháil féin faoi réir athbhreithniú breithiúnach ar leithligh ach féadfaidh sí a bheith faoi réir achomhairc in éineacht leis an gcinneadh ón mBord.

16. Chun a mheasúnú an gcuirfí cóir níos fearr ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe dá rachadh an institiúid faoi réir imeachtaí réitigh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, áiritheoidh an Bord, a luaithe agus is féidir tar éis éifeacht a bheith leis an ngníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí réitigh, gur duine neamhspleách amhail dá dtagraítear i mír 1 a dhéanfaidh an luacháil. Beidh an luacháil sin ar leithligh ón luacháil arna déanamh faoi mhíreanna 1 go 15.

[...]'

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 21(1) de Rialachán SRA, dar teideal 'Ionstraimí caipitil a dhíluacháil agus a chomhshó':

'Feidhmeoidh an Bord an chumhacht chun ionstraimí caipitil a dhíluacháil nó a chomhshó ag gníomhú dó faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in [Airteagal] 7(4)(b) agus (5), i gcás ina mbeidh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na míreanna sin comhlíonta, ach ní dhéanfaidh sé an méid sin ach amháin, ar theachtaireacht a bheith faighte aige de bhun an dara fomhír nó ar a thionscnamh féin, nuair a mheasfaidh sé, ina sheisiún feidhmeannach dó, go gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás inar cinneadh nach mbeidh na coinníollacha maidir le himeachtaí réitigh comhlíonta a shonraítear in Airteagal 16 agus in Airteagal 18, sula nglacfar aon ghníomhaíocht réitigh;

[...]'

11 Foráiltear le hAirteagal 22 den Rialachán sin, dar teideal 'Na prionsabail ghinearálta maidir le huirlisí réitigh':

'1. I gcás ina gcinnfidh an Bord uirlis réitigh a chur i bhfeidhm maidir le heintiteas nó le grúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(2) nó le heintiteas nó le grúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(4)(b) agus (5) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun na míreanna sin a chur i bhfeidhm, ina mbeadh de thoradh ar an mbeart réitigh sin go mbeadh caillteanais le hiompar ag creidiúnaithe nó go ndéanfaí a n-éilimh a chomhshó, déanfaidh an Bord a theagasc do na húdaráis réitigh náisiúnta an chumhacht chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil agus a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 a fheidhmiú láithreach sula gcuirfear an uirlis réitigh i bhfeidhm nó go comhuaineach leis an gcur i bhfeidhm sin.

2. Is iad seo a leanas na huirlisí réitigh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 18(6):

(a) an uirlis díolta gnó;

(b) an uirlis droichead-institiúide;

(c) an uirlis deighilte sócmhainní;

(d) an uirlis fortharrthála.

[...]

4. Déanfar na huirlisí réitigh a chur i bhfeidhm ionas go gcomhlíonfar na cuspóirí réitigh a shonraítear in Airteagal 14, i gcomhréir leis na prionsabail réitigh a shonraítear in Airteagal 15. Féadfar iad a chur i bhfeidhm ina n-aonar nó i gcomhcheangal ar bith, ach amháin i gcás na huirlise deighilte sócmhainní nach bhféadfar a chur i bhfeidhm ach amháin i dteannta uirlise réitigh eile.

[...]'

12 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 24 den Rialachán sin, dar teideal 'An uirlis díolta gnó':

'1. Faoi chuimsiú na scéime réitigh, is é a bheidh san uirlis díolta gnó aistriú aon cheann de na nithe seo a leanas chuig ceannaitheoir nach droichead-institiúid é:

(a) ionstraimí úinéireachta arna n-eisiúint ag institiúid faoi réir nós imeachta réitigh; nó

(b) na sócmhainní, cearta nó dliteanais uile, nó aon chuid díobh, atá ag institiúid faoi réir nós imeachta réitigh.

2. Maidir leis an uirlis díolta gnó, bunófar leis an scéim réitigh an méid seo a leanas:

[...]

(b) na téarmaí tráchtála, ag féachaint do na himthosca agus do na costais agus na speansais arna dtabhú sa nós imeachta réitigh, ar de bhun na dtéarmaí sin a dhéanfaidh an t-údarás réitigh náisiúnta an t-aistriú i gcomhréir le hAirteagal 38(2), (3) agus (4) de [Threoir 2014/59];

[...]

(d) na socruithe maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh an t-údarás réitigh náisiúnta an t-eintiteas sin nó na hionstraimí, na sócmhainní, na cearta agus na dliteanais sin a mhargú i gcomhréir le hAirteagal 39(1) agus (2) de [Threoir 2014/59];

(e) an dóchúlacht go mbainfidh comhlíonadh na gceanglas margaíochta ag an údarás réitigh náisiúnta an bonn de na cuspóirí réitigh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

3. Cuirfidh an Bord an uirlis díolta gnó i bhfeidhm gan na ceanglais mhargaíochta a leagtar síos i bpointe (e) de mhír 2 a chomhlíonadh má chinneann sé gur dócha go mbainfeadh comhlíonadh na gceanglas sin an bonn de cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí réitigh agus go háirithe i gcás ina measann sé:

(a) go bhfuil bagairt ábhartha ar an gcobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as cliseadh nó cliseadh dóchúil na hinstitiúide faoi réir nós imeachta réitigh nó go bhfuil bagairt ábhartha á géarú ag cliseadh den sórt sin; agus

(b) gur dócha go mbainfeadh comhlíonadh na gceanglas sin an bonn d'éifeachtacht na huirlise díolacháin gnó chun dul i ngleic leis an mbagairt sin nó chun an cuspóir réitigh atá sonraithe i bpointe (b) d'Airteagal 14(2) a bhaint amach.'

13 Rialaítear cur chun feidhme na gcinntí arna ndéanamh de réir an Rialacháin sin ag na húdaráis réitigh le hAirteagal 29 de Rialachán SRA agus foráiltear leis, sa chéad abairt de mhír 5 go ndéanfaidh an Bord cóip den scéim réitigh nó fógra ina dtugtar achoimre ar éifeachtaí na gníomhaíochta réitigh, go háirithe na héifeachtaí ar chustaiméirí miondíola, a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin oifigiúil.

14 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 34(1) agus (2) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'Iarrataí ar fhaisnéis':

'1. Chun a chuid cúraimí faoin Rialachán seo a fheidhmiú, féadfaidh an Bord, trí na húdaráis réitigh náisiúnta nó go díreach, agus tar éis dó iad a chur ar an eolas agus lánúsáid á baint aige as an bhfaisnéis uile atá ar fáil do BCE nó do na húdaráis inniúla náisiúnta, ceangal a chur ar na daoine dlítheanacha nó nádúrtha seo a leanas an fhaisnéis uile a sholáthar is gá chun na cúraimí a thugtar dó faoin Rialachán seo a fheidhmiú:

(a) na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2;

(b) fostaithe na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2;

(c) tríú páirtithe a mbeidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 tar éis feidhmeanna nó gníomhaíochtaí a eisfhoinsiú chucu.

2. Déanfaidh na heintitis agus na daoine dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis a iarrtar de bhun na míre sin a sholáthar. Ní bheidh na heintitis ná na daoine sin díolmhaithe ón dualgas an fhaisnéis sin a sholáthar de dhroim ceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil. Ní mheasfar gur sárú ar cheanglais maidir le rúndacht ghairmiúil an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar.'

15 Foráiltear le hAirteagal 76(1)(e) de Rialachán SRA, laistigh de scéim réitigh, ní fhéadfaidh an Bord an Ciste [a] úsáid ach a mhéid is gá chun cur i bhfeidhm éifeachtach na n-uirlisí réitigh a áirithiú chun cúiteamh a íoc le scairshealbhóirí nó le creidiúnaithe más rud é, tar éis meastóireachta de bhun Airteagal 20(5), go bhfuil caillteanais níos mó tabhaithe acu ná mar a bheadh tabhaithe acu, tar éis luachála de bhun Airteagal 20(16), i gcás foirceanta faoi ghnáthimeachtaí [dócmhainneachta];

16 Faoi Airteagal 88(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Rúndacht ghairmiúil agus malartú faisnéise’:

‘Beidh comhaltaí an Bhoird, an Leas-Chathaoirleach, comhaltaí an Bhoird dá dtagraítear in Airteagal 43(1)(b), foireann an Bhoird agus baill foirne arna malartú le Ballstáit rannpháirteacha nó arna bhfáil ar iasacht acu, atá i mbun dualgas réitigh, beidh siad faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil de bhun Airteagal 339 CFAE agus na forálacha ábhartha i reachtaíocht an Aontais, fiú nuair a bheidh deireadh lena ndualgais. Beidh siad faoi thoirmeasc faisnéis rúnda go háirithe a gheofar a nochtadh le linn a ngníomhaíochtaí gairmiúla nó ó údarás inniúil nó údarás réitigh i ndáil lena bhfeidhmeanna faoin Rialachán seo, d’aon duine nó d’aon údarás, mura rud é gur ag feidhmiú a bhfeidhmeanna a bheidh siad faoin Rialachán seo nó i bhfoirm achoimre nó chomhchoiteann sa chaoi nach féidir na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 a shainaithint nó gan toiliú sainráite nó réamhthoiliú an údaráis nó an eintitis a chuir an fhaisnéis ar fáil.

Ní dhéanfar faisnéis atá faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil a nochtadh d’eintiteas poiblí nó príobháideach ach amháin i gcás go ndéanfar an nochtadh sin chun críche imeachtaí dlíthiúla.

Beidh feidhm ag na ceanglais freisin maidir le ceannaitheoirí ionchasacha a rachfar i dteagmháil leo chun an bealach a ullmhú chun eintiteas a réiteach de bhun Airteagal 13(3).’

17 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 90 de Rialachán SRA, dar teideal ‘Rochtain ar dhoiciméid’:

‘1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún IO 2001 L 145, lch. 43)] maidir le doiciméid atá i seilbh an Bhoird.

[...]

4. Maidir le daoine is ábhar do chinntí ón mBord, beidh siad i dteideal rochtain a bheith acu ar chomhad an Bhoird, faoi réir leasa dhlisteanaigh daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní fholóidh an ceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda ná doiciméid ullmhúcháin inmheánacha de chuid an Bhoird.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

II. Cúlra na díospóide

18 Institiúid creidmheasa ab ea Banco Popular Español SA (‘Banco Popular’) a bhí faoi mhaoirseacht stuamachta dhíreach BCE.

19 Duine dlítheanach is ea Aeris Invest faoi dhlí Lucsamburg a bhí ina scairshealbhóir in Banco Popular.

A. Staid eacnamaíoch Banco Popular in 2016 agus 2017

20 Féadfar achoimre a dhéanamh mar seo a leanas ar na cora i staid Banco Santander ó thaobh na heacnamaíochta de le linn 2016 agus 2017, a leagtar amach i míreanna 26 go 46 den bhreithiúnas faoi achomharc.

21 In 2016, rinne Banco Popular méadú caipitil EUR 2.5 billiún.

22 An 5 Nollaig 2016, glacadh i seisiún feidhmiúcháin BRA plean réitigh do ghrúpa Banco Popular ('plean réitigh 2016'). An uirlis réitigh tosaíochta i bplean réitigh 2016 ab ea an uirlis fortharrthála dá bhforáiltear in Airteagal 27 de Rialachán SRA.

23 An 3 Feabhra 2017, d'fhoilsigh Banco Popular a thuarascáil bhliantúil 2016 inar fógraíodh go raibh gá le soláthairtí eisceachtúla EUR 5.7 billiún – rud a chothaigh caillteanas comhdhlúite EUR 3.485 billiún – agus le huachtaráin nua a cheapadh.

24 An 10 Feabhra 2017, d'íosghrádaigh DBRS Morningstar Ratings Ltd (DBRS), (DBRS Morningstar anois), rátáil Banco Popular, le hionchas diúltach, i bhfianaise staid chuntais chaipitil Banco Popular lagaithe i ndiaidh glanchaillteanas níos mó a bheith aige ná an glanchaillteanas dá bhforáiltear ina thuarascáil bhliantúil, dá dtagraítear i mír 23 den bhreithiúnas seo, agus iarrachtaí Banco Popular a stoc sócmhainní neamhthuillmheacha atá fós ard a laghdú.

25 An 3 Aibreán 2017, d'fhógair Banco Popular toradh na n-iniúchtaí inmheánacha lenar léiríodh go bhféadfadh gá a bheith le ceartúcháin ar thuarascáil bhliantúil 2016. Rinneadh na coigeartuithe sin i dtuarascáil airgeadais Banco Popular don chéad ráithe de 2017.

26 Tar éis an fhógra sin, d'íosghrádaigh DBRS Morningstar rátáil Banco Popular an 6 Aibreán, le hionchas diúltach á choimeád. D'íosghrádaigh Standard & Poor's rátáil Banco Popular an 7 Aibreán, rud a rinne Moody's Investors Service ('Moody's') chomh maith an 21 Aibreán 2017, le hionchas diúltach.

27 An 10 Aibreán 2017, le linn cruinniú ginearálta scairshealbhóirí Banco Popular, d'fhógair Uachtarán an bhoird stiúrthóirí go raibh an banc ag súil le méadú caipitil nó idirbheart gnó mar gheall ar staid an ghrúpa agus ar leibhéal a shócmhainní neamhthuillmheacha. Malartaíodh príomhoifigeach feidhmiúcháin Banco Popular níos lú ná bliain tar éis dó dul i mbun oifige.

28 I mí Aibreáin 2017, thionscain Banco Popular imeachtaí díola phríobháidigh d'fhonn é féin a dhíol le hiomaitheoir cumasach agus a staid eacnamaíoch a athbhunú dá réir sin. Socraíodh an 10 Meitheamh 2017 mar an spriocdháta taiscthe tairisceana d'aon cheannaitheoirí ar spéis leo Banco Popular a thabhairt faoina smacht.

29 An 5 Bealtaine 2017, thíolaic Banco Popular a thuarascáil airgeadais don chéad ráithe de 2017, inar fógraíodh caillteanais EUR 137 milliún.

30 An 12 Bealtaine 2017, thit ceanglas Banco Popular maidir le cumhdach leachtachta faoi íosthairseach 80 % arna socrú le hAirteagal 460(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2013 L 176, lch. 1).

31 I litir dar dáta an 16 Bealtaine 2017, chuir Banco Santander SA Banco Popular ar an eolas nach raibh sé in acmhainn dó tairiscint dhaingean a thaisceadh mar chuid de na himeachtaí díola phríobháidigh.

32 An 16 Bealtaine 2017, shonraigh Banco Popular, i bhfógra fíorais ábhartha chuig an Comisión nacional del mercado de valores (CNMV, an Coimisiún Náisiúnta um Margaí Urrús, an Spáinn), gur léirigh ceannaitheoirí ionchasacha go raibh spéis acu sna himeachtaí díola phríobháidigh, ach nach bhfuarthas aon tairiscint dhaingean.

33 An 19 Bealtaine 2017, d'íosghrádaigh gníomhaireacht Fitch Ratings Ltd rátáil fhadtéarmach Banco Popular.

34 An 23 Bealtaine 2017, chuaigh Uachtarán BRA, Elke König, faoi agallamh leis an gcainéal teilifíse Bloomberg, ar lena linn a ceistíodh í, *inter alia*, faoi staid Banco Popular.

35 Le linn mhí na Bealtaine 2017, tuairiscíodh fadhbanna Banco Popular in go leor ailt phreasa.

36 Sna chéad laethanta de mhí an Mheithimh 2017, bhí Banco Popular thíos le haistarraingtí ollmhóra airgid.

37 An 5 Meitheamh 2017, chuir Banco Popular an chéad iarratas ar instealladh airgid práinneach faoi bhráid Banco de España ar maidin, agus an dara hiarraidh ina dhiaidh sin, san iarnóin, ina raibh síneadh leis an méid arna iarraidh de bharr gluaiseachtaí suntasacha airgid. Ar bhonn iarraidh ó Banco de España agus tar éis mheasúnú BCE an lá céanna ar iarraidh Banco Popular ar instealladh airgid práinneach, ní dhearna bord rialaithe BCE agóidí i gcoinne instealladh airgid práinneach do Banco Popular don tréimhse go dtí an 8 Meitheamh 2017. Fuair Banco Popular cuid den instealladh airgid práinneach sin, ansin shonraigh Banco de España nach raibh sé in acmhainn dó instealladh airgid sa bhreis a sholáthar do Banco Popular.

B. Seoladh an nós imeachta réitigh

38 I míreanna 47 go 67 den bhreithiúnas faoi achomharc, leagann an Chúirt Ghinearálta amach na fíorais maidir le seoladh an nós imeachta réitigh, ar féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas.

39 An 23 Bealtaine 2017, thug BRA treoir don ghnólacht iniúchóireachta Deloitte ('Deloitte'), mar shaineolaí neamhspleách, luacháil a dhéanamh ar Banco Popular faoi Airteagal 20 de Rialachán SRA.

40 An 24 Bealtaine 2017, d'iarr BRA ar Banco Popular, ar bhonn Airteagal 34 de Rialachán SRA, an fhaisnéis is gá chun a luacháil a dhéanamh. An 2 Meitheamh 2017, d'iarr sé ar Banco Popular faisnéis a sholáthar chomh maith maidir leis na himeachtaí díola phríobháidigh agus rochtain a sholáthar ar an seomra sonraí fíorúil slán a bhí bunaithe ag Banco Popular mar chuid de na himeachtaí sin.

41 An 3 Meitheamh 2017, glacadh i seisiún feidhmiúcháin BRA Cinneadh BRA/EES/2017/06, arna dhíriú ar Fondo de Reestructuración Ordenada Bancaria (FROB) (an Ciste um Institiúidí Bainc a Athstruchtúrú go Rianúil, an Spáinn), maidir le Banco Popular a dhíol. D'fhormheas BRA tionscnamh láithreach imeachtaí díola Banco Popular ag FROB agus chuir sé FROB ar an eolas faoi na ceanglais a bhaineann leis an díol i gcomhréir le hAirteagal 39 de Threoir 2014/59. Shonraigh BRA, *inter alia*, go raibh ar FROB dul i dteagmháil leis an gcúigear ceannaitheoirí ionchasacha ar tugadh cuireadh dóibh tairiscint a thaisceadh mar chuid de na himeachtaí díola phríobháidigh.

42 As an gcúigear ceannaitheoirí ionchasacha, chinn beirt gan páirt a ghlacadh sna himeachtaí díola agus chuir BCE cosc ar cheann amháin ar chúiseanna stuamachta.

43 An 4 Meitheamh 2017, shínigh an bheirt cheannaitheoirí ionchasacha a chinn páirt a ghlacadh sna himeachtaí díola, eadhon, Banco Santander agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria SA, comhaontú neamhnochta agus, an 5 Meitheamh 2017, fuair siad rochtain ar an seomra sonraí fíorúil.

44 An 5 Meitheamh 2017, rinne BRA luacháil den chéad uair ('luacháil 1'), faoi réir Airteagal 20(5)(a) de Rialachán SRA, arbh é ba chuspóir di an fhaisnéis ba ghá a sholáthar chun a chinneadh ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le nós imeachta réitigh a thionscnamh, mar a shainítear iad sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) den Rialachán sin.

45 An 6 Meitheamh 2017, rinne BCE measúnú ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular, tar éis dó dul i gcomhairle le BRA, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 18(1) den Rialachán sin.

46 Is léir ó mhír 61 den bhreithiúnas faoi achomharc gur mheas BCE, tar éis an mheasúnaithe sin, agus na hathruithe ar staid eacnamaíoch Banco Popular le linn 2016 agus 2017 á gcur san áireamh – mar a achoimrítear iad i míreanna 21 go 37 den bhreithiúnas seo, agus eis-sreabhadh iomarcach taiscí go háirithe, a luaithe a chaill an banc sin a shreabhadh airgid agus nach raibh an cumas aige airgead eile a ghiniúint – go raibh tosca oibiachtúla ann lenar léiríodh gur dhócha nach mbeadh Banco Popular in ann a fhiacha nó a dhliteanais eile a íoc go gairid de réir mar a bheidís siad dlite. Bhain BCE de chonclúid as sin gurbh amhlaidh go raibh Banco Popular ag cliseadh nó, in aon chás, go raibh amhlaidh intuartha go gairid, i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) agus le pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(4) de Rialachán SRA.

47 An lá céanna, chuir Banco Popular BCE ar aon eolas gur tháinig a bhord stiúrthóirí ar an gconclúid gurbh intuartha go gclisfeadh ar an mbanc.

48 Seo a leanas faoi mar a bhféadfaí na fíorais a leagan amach maidir leis na himeachtaí díola mar is léir ó mhíreanna 63 go 67 den bhreithiúnas faoi achomharc.

49 Trí litir an 6 Meitheamh 2017, thug FROB faisnéis le fios ar an bpróiseas díolta agus an 6 Meitheamh ag meán-oíche á shocrú aige mar an spriocdháta taiscthe tairiscintí.

50 An lá céanna, chuir Banco Bilbao Vizcaya Argentaria, ar ceann den bheirt cheannaitheoirí ionchasacha Banco Popular é, FROB ar an eolas nach dtairgeadh sé tairiscint.

51 An 6 Meitheamh 2017 chomh maith, chuir Deloitte dara luacháil ('luacháil 2') faoi bhráid BRA, arna déanamh de bhun Airteagal 20(10) de Rialachán SRA. Bhí sé de chuspóir do luacháil 2 luach sócmhainní agus dliteanais Banco Popular a mheas, meastachán a sholáthar ar an gcaitheamh a bheadh ar na scairshealbhóirí agus creidiúnaithe i gcás ina mbeadh Banco Popular faoi réir gnáth-imeachtaí dócmhainneachta agus an méid is gá a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh ar na leasanna scaireanna agus úinéireachta atá le haistriú agus ionas gurbh fhéidir le BRA téarmaí tráchtála na huirlise díola gnó a shocrú. Measadh leis an luacháil sin, *inter alia*, luach eacnamaíoch Banco Popular ag EUR 1.3 billiún sa chás is fearr, ag EUR -8.2 billiún sa chás is measa agus ag EUR -2 billiún de réir an mheastacháin is fearr.

52 An 7 Meitheamh 2017, thaisc Banco Santander tairiscint dhaingean.

53 I litir dar dáta an 7 Meitheamh 2017, chuir FROB BRA ar an eolas gur thaisc Banco Santander tairiscint an 7 Meitheamh ag 3.12 a.m. agus gurbh é EUR 1 an praghas ar an tairiscint ag Banco Santander chun scaireanna Banco Popular a cheannach. Dúirt FROB gur roghnaigh a choiste stiúrtha Banco Santander mar an tairgeoir rathúil in imeachtaí díola iomaíoch Banco Popular agus gur chinn sé a mholadh do BRA Banco Santander a ainmniú mar cheannaitheoir i gcinneadh BRA maidir le scéim réitigh a ghlacadh i ndáil le Banco Popular.

C. An scéim réitigh atá faoi chonspóid

54 An 7 Meitheamh 2017, ghlac BRA an scéim réitigh faoi chonspóid i ndáil le Banco Popular, ar bhonn Rialachán SRA.

55 In aithrisí 19, 21 go 25 26(c) agus in aithrisí 36 agus 46 den scéim sin, luaigh BRA an méid seo a leanas:

– an 5 Nollaig 2016, ghlac BRA plean réitigh, lena socraítear straitéis réitigh agus lena n-aithnítear uirlis réitigh a mheastar a bheith níos fearr (aithrisí 19, 21 agus 22);

– ba léir ó mheasúnú BCE ar an staid chliste iarbhír go raibh meath suntasach tagtha ar staid leachtachta Banco Popular ó mhí Dheireadh Fómhair 2016, mar gheall ar aistarraingtí taiscí i ngach deighleog custaiméirí; gur lean sé as sin nach bhfuil roghanna leordhóthanacha ag an mbanc chun a sheasamh leachtachta a thabhairt ar ais chun a áirithiú go mbeidh sé in ann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite (aithris 23);

– tháinig meath tapa ar staid leachtachta Banco Popular mar thoradh ar roinnt imthosca, eadhon:

  – i mí Feabhra 2017, d'fhógair Banco Popular gá aige le soláthairtí eisceachtúla arbh ionann iad agus EUR 5.7 billiún, rud a raibh caillteanas comhdhlúite EUR 3.485 billiún de thoradh air, agus go raibh gá aige go gceapfaí uachtarán nua;

  – an 10 Feabhra 2017, d'íosghrádaigh DBRS Morningstar rátáil Banco Popular;

  – an 3 Aibreán 2017, d'fhógair Banco Popular dearbhú poiblí *ad hoc* inar sonraíodh toradh na n-iniúchtaí inmheánacha a bhfuil tionchar inimeartha acu ar a ráitis airgeadais agus dheimhnigh sé gur cuireadh duine in ionad a phríomhoifigigh feidhmiúcháin níos lú ná bliain amháin tar éis dó dul i mbun oifige;

  – an 7 Aibreán 2017, d'íosghrádaigh Standard & Poor's rátáil Banco Popular, mar a rinne Moody's an 21 Aibreán;

  – an 12 Bealtaine 2017, sháraigh Banco Popular an ceanglas 80 % maidir le cumhdach leachtachta dá bhrí nach raibh sé in ann é a chur ag luí leis an teorainn rialála in athuair;

  – an tuairisciú diúltach leanúnach sna meáin ar thorthaí airgeadais Banco Popular agus an gar-riosca féimheachta nó neamhleachtachta líomhainte ba chúis le méadú ar aistarraingtí taiscí; agus

  – an 6 Meitheamh 2017, d'íosghrádaigh DBRS Morningstar agus Moody's rátáil Banco Popular (aithris 24);

– rinneadh aistarraingtí suntasacha taiscí (aithris 25) mar thoradh ar na himthosca thuas;

– fuair Banco Popular an chéad instealladh airgid práinneach an 5 Meitheamh 2017, i ndiaidh do BCE aontú leis, ach nach raibh instealladh airgid práinneach sa bhreis indeonaithe dó ag Banco de España (aithris 26(c));

– chuir Banco Popular BCE ar an eolas an 6 Meitheamh 2017 gur tháinig a bhord stiúrthóirí ar an gconclúid go raibh an banc i staid chliste intuartha (aithris 36)

– nach raibh an uirlis réitigh dá bhforáiltear i bplean réitigh 2016 iomchuí do na himthosca a bhí ann ar dháta an réitigh (aithris 46).

56 In Airteagal 1 den scéim réitigh atá faoi chonspóid, chinn BRA Banco Popular a chur faoi réir nós imeachta réitigh ó dháta an réitigh, ar na forais gur comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) den Rialachán sin.

57 I ndáil leis sin, is léir ó Airteagail 2 go 4 den scéim réitigh faoi chonspóid gur mheas BRA, ar an gcéad dul síos, go raibh Banco Popular i staid chliste iarbhír nó intuartha, ina dhiaidh sin, nach raibh aon bhearta eile ann lena mbeadh cosc inchurtha le cliseadh Banco Popular laistigh de thréimhse ama réasúnta agus, ar deireadh, gur gá beart réitigh i bhfoirm uirlis díolta ghnó Banco Popular le háirithiú gur leanúnach feidhmeanna ríthábhachtacha an bhainc agus chun éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar chobhsaíocht airgeadais a sheachaint, go háirithe sa Spáinn.

58 Mar sin, in Airteagal 5(1) den scéim réitigh faoi chonspóid, chinn BRA an méid seo a leanas:

'Is éard a bheidh san uirlis réitigh a chuirfear i bhfeidhm maidir le Banco Popular ná gnó a dhíol faoi réir Airteagal 24 de Rialachán [SRA] tríd na scaireanna a aistriú chuig ceannaitheoir. Déanfar ionstraimí cothromais a dhímheas agus a chomhshó díreach sula n-úsáidfear an uirlis díolta gnó.'

59 Sonraítear in Airteagal 6 den scéim réitigh faoi chonspóid na coinníollacha a bhaineann leis an dímheas sin agus leis an ngnó a dhíol. Mar sin, in Airteagal 6(1) den Rialachán sin, chinn BRA an méid seo a leanas:

– ar an gcéad dul síos, méid ainmniúil scairchaipiteal Banco Popular a dhímheas de mhéid EUR 2 098 429 046, dá bhrí gur cealaíodh 100 % de scaireanna Banco Popular;

– ina dhiaidh sin, príomhshuim iomlán ionstraimí cothromais breise Aicme 1 arna n-eisiúint ag Banco Popular agus atá gan íoc ar dháta an chinnidh maidir leis an scéim réitigh atá á heisiúint a chomhshó ina scaireanna nua-eisithe in Banco Popular, arb iad 'scaireanna nua I';

– ansin, luach ainmniúil 'scaireanna nua I' a dhímheas go nialas dá bhrí go gcealófaí 100 % de na 'scaireanna nua I' sin;

– ar deireadh, chun príomhshuim iomlán ionstraimí cothromais Aicme 2 arna n-eisiúint ag Banco Popular agus atá gan íoc ar dháta an chinnidh réitigh a chomhshó ina scaireanna nua-eisithe in Banco Popular, na 'Scaireanna Nua II'.

60 Foráiltear le hAirteagal 6(3) den scéim réitigh faoi chonspóid gur luacháil 2 is bun leis na bearta dímheasa agus comhshóite sin, arna dtacú le torthaí próisis díola thrédhearcaigh oscailte arna dhéanamh ag FROB.

61 In Airteagal 6(5) den scéim réitigh faoi chonspóid, shonraigh BRA go raibh sé ag feidhmiú na gcumhachtaí arna dtabhairt dó le hAirteagal 24(1)(a) de Rialachán SRA a bhaineann leis an uirlis díolta gnó agus d'ordaigh sé go n-aistreofaí 'Scaireanna Nua II' chuig Banco Santander, in éagmais agus d'uireasa aon cheart nó lian de chuid tríú páirtí, i gcomaoin praghas ceannaigh EUR 1 a íoc. Soiléiríodh gur thoiligh an ceannaitheoir leis an aistriú cheana féin.

62 Shonraigh BRA chomh maith gur cheart 'Scaireanna Nua II' a aistriú ar bhonn thairiscint cheangailteach an cheannaitheora an 7 Meitheamh 2017 agus nach mór do FROB é a chur chun feidhme.

63 Cuireadh an scéim réitigh faoi chonspóid faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas an 7 Meitheamh 2017.

64 An lá céanna, ghlac an institiúid sin Cinneadh 2017/1246 lenar formhuiníodh an scéim réitigh faoi chonspóid agus chuir sí an cinneadh sin in iúl do BRA. Mar is léir ó aithris 4 den chinneadh sin:

'Aontaíonn an Coimisiún leis an scéim réitigh. Go háirithe, aontaíonn sé leis na cúiseanna a chuireann BRA chun tosaigh chun údar a thabhairt leis an ngá le beart réitigh ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 18(5) de Rialachán [SRA].'

65 An 7 Meitheamh 2017 chomh maith, chuir BRA an scéim réitigh faoi chonspóid in iúl do FROB, agus d'fhoilsigh sé fógra ar a láithreán gréasáin maidir le glacadh na scéime sin chomh maith le doiciméad ina ndéantar achoimre ar éifeachtaí an réitigh.

66 Ar an dáta sin chomh maith, ghlac FROB na bearta ba ghá chun an scéim réitigh faoi chonspóid a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán SRA.

D. Fíorais tar éis ghlacadh na scéime réitigh faoi chonspóid

67 An 14 Meitheamh 2018, sheol Deloitte luacháil na córa neamhionanna chuig BRA, dá bhforáiltear in Airteagal 20(16) go (18) de Rialachán SRA, a rinneadh chun a chinneadh an gcaithfí níos fearr le scairshealbhóirí agus creidiúnaithe dá mbeadh Banco Popular faoi réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta. An 31 Iúil 2018, sheol Deloitte aguisín chuig BRA leis an luacháil sin lenar ceartaíodh earráidí foirmiúla áirithe.

68 An 11 Iúil 2017, d'fhoilsigh BRA leagan neamhrúnda den scéim réitigh faoi chonspóid ar a láithreán gréasáin. Sa leagan sin, chuir BRA, *inter alia*, faisnéis áirithe in aithrisí 23 go 26 de i bhfolach, a bhaineann le géarchéim leachtachta Banco Popular, agus codanna suntasacha d'Airteagal 6(3) agus (4) den scéim réitigh faoi chonspóid maidir le feidhmiú na cumhachta dímheasa agus comhshóite.

69 I mí Iúil 2017, d'fhoilsigh BCE ar a láithreán gréasáin leagan neamhrúnda dá mheasúnú maidir le staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular.

70 An 2 Feabhra agus an 31 Deireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh BRA leaganacha neamhrúnda ní bá lú folaithe den scéim réitigh faoi chonspóid, ina raibh faisnéis áirithe, dá dtagraítear i mír 68 den bhreithiúnas seo, cé is moite d'fhigiúirí áirithe, le feiceáil ag an am sin a bhí i bhfolach roimhe sin. Sa chomhthéacs sin, d'fhoilsigh sé leaganacha neamhrúnda de luachálacha 1 agus 2 chomh maith.

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

71 Trí iarratas arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 18 Meán Fómhair 2017, thionscain an t-achomharcóir caingean chun an scéim réitigh faoi chonspóid agus Cinneadh 2017/1246 a chur ar neamhní.

A. Imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta

72 Le doiciméad arna thaisceadh sa Chlárlann an 15 Samhain 2017, d'iarr BRA ar an gCúirt Ghinearálta, faoi réir Airteagal 92(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, bearta fiosrúcháin a ordú maidir le doiciméid áirithe dá dtagraítear in iarscríbhinn an iarratais sin a thabhairt ar aird. Le cinneadh an 30 Samhain 2017, chinn an Chúirt gan géilleadh don iarratas sin ar bhearta fiosrúcháin ag an gcéim sin de na himeachtaí.

73 Le doiciméid arna dtaisceadh i gClárlann na Cúirte an 6 agus an 30 Samhain 2017 agus an 5 agus an 13 Nollaig 2017 faoi seach, d'iarr Banco Santander, an Chomhairle, Ríocht na Spáinne agus Parlaimint na hEorpa ar chead idiragairt a dhéanamh sna himeachtaí seo mar thaca leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún agus ag BRA. Le cinntí an 6 Lúnasa 2018 agus an 12 Aibreán 2019 faoi seach, ghlac an Chúirt Ghinearálta leis na hiarratais sin ar idiragairt.

74 An 16 Feabhra 2018, d'iarr an Chúirt, i gcomhthéacs na mbeart maidir le heagrú nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 89 dá Rialacha Nós Imeachta, ar BRA an leagan neamhrúnda deireanach den scéim réitigh faoi chonspóid agus leagan neamhrúnda de luacháil 2 arna bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a thaisceadh. Thaisc BRA na doiciméid sin faoin spriocdháta.

75 Trí litir arna taisceadh ag Clárlann na Cúirte Ginearálta an 21 Eanáir 2020, thíolaic an t-achomharcóir saincheist nua de réir Airteagal 84 de na Rialacha Nós Imeachta. Thaisc an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne, an Pharlaimint, an Chomhairle agus Banco Santander a gcuid barúlacha faoin spriocdháta arna shocrú.

76 Trí litir arna taisceadh ag Clárlann na Cúirte Ginearálta an 2 Deireadh Fómhair 2020, thug an t-achomharcóir tairiscint nua ar fhianaise de réir Airteagal 85(3) de na Rialacha Nós Imeachta. Thaisc an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne, an Pharlaimint, an Chomhairle agus Banco Santander a gcuid barúlacha faoin spriocdháta arna shocrú.

77 An 16 Márta 2021, d'iarr an Chúirt, trí bhearta eagrúcháin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 89 dá Rialacha Nós Imeachta, ar an gCoimisiún agus ar BRA roinnt doiciméad a thabhairt ar aird. Le litreacha dar dáta an 30 Márta agus an 20 Aibreán 2021, d'fhreagair BRA go raibh na doiciméid arna n-iarraidh rúnda go hiomlán nó go páirteach agus go bhféadfaí iad a thabhairt ar aird dá nglacfadh an Chúirt beart fiosrúcháin chuige sin..

78 Le hordú an 12 Bealtaine 2021, d'ordaigh an Chúirt Ghinearálta do BRA, ar bhonn, ar an gcéad dul síos, na chéad mhíre d'Airteagal 24 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus, ar an dara dul síos, Airteagal 91(b), Airteagal 92(3) agus Airteagal 103 dá Rialacha Nós Imeachta, go dtabharfadh sé ar aird na leaganacha iomlána den scéim réitigh faoi chonspóid, luacháil 2, measúnú BCE an 6 Meitheamh 2017 ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular, chomh maith le leagan iomlán agus neamhrúnda de litir Banco Popular chuig BCE an 6 Meitheamh 2017, lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann leis, agus litir BCE chuig Banco Popular an 18 Bealtaine 2017.

79 Trí ordú an 9 Meitheamh 2021, bhain an Chúirt den chomhad na leaganacha rúnda de na doiciméid arna dtabhairt ar aird ag BRA agus ordú an 12 Bealtaine 2021 á chur chun feidhme agus chuir sí ar aghaidh chuig an achomharcóir, chuig Ríocht na Spáinne, chuig an bParlaimint, chuig an gComhairle agus chuig Banco Santander litir an 6 Meitheamh 2017 ó Banco Popular chuig BCE gan an iarscríbhinn léi.

B. An breithiúnas faoi achomharc

80 Mar thaca lena chaingean, mhaígh an t-achomharcóir deich saincheist dlí.

81 Éilíodh leis an gcéad saincheist dlí sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua agus ar chearta na cosanta, a chumhdaítear in Airteagail 15 agus 296 CFAE agus in Airteagail 42 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Éilíodh leis an dara saincheist dlí sárú ar phrionsabal *nemo auditur propriam turpitudinem allegans* agus ar Airteagal 88 de Rialachán SRA. Éilíodh pléadáil um neamhdhleathacht Rialachán SRA leis an tríú saincheist dlí, sa mhéid is go sáraítear le hAirteagail 21 agus 24 den Rialachán sin na prionsabail a bhaineann le tarmligean na cumhachta. Éilíodh leis an gceathrú saincheist dlí pléadáil um neamhdhleathacht Rialachán SRA a mhéid a sháraítear le hAirteagail 15 agus 22 den Rialachán sin an ceart chun maoine, a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt, agus prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) CAE. Éilíodh pléadáil um neamhdhleathacht Rialachán SRA leis an gcúigiú saincheist dlí a mhéid a sháraítear le hAirteagail 18 agus 20 de Rialachán SRA an ceart chun éisteacht a fháil, a chumhdaítear in Airteagail 17 agus 41 den Chairt. Éilíodh leis an séú saincheist dlí gur sáraíodh an ceart chun maoine, a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt, agus Airteagal 5(4) CAE. Éilíodh leis an seachtú saincheist dlí gur sáraíodh an ceart chun éisteacht a fháil, atá cumhdaithe in Airteagail 17 agus 41 den Chairt. Éilíodh leis an ochtú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 18 de Rialachán SRA, an dualgas cúraim agus Airteagal 296 CFAE. Éilíodh leis an naoú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagail 14 agus 20 den Rialachán sin, an dualgas cúraim agus Airteagal 296 CFAE. Éilíodh leis an deichiú saincheist dlí sárú ar Airteagal 14 den Rialachán sin, ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 296 CFAE.

82 Leis an mbreithiúnas faoi achomharc, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean ina hiomláine.

83 Sa bhreithiúnas sin, dhiúltaigh sí chomh maith d'iarratais an achomharcóra ar bhearta eagrúcháin nós imeachta agus ar bhearta fiosrúcháin.

IV. Conclúidí na bpáirtithe san achomharc

84 Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar ceal;

– glacadh leis an ordú atá á lorg aige os comhair na Cúirte Ginearálta lena n-iarrtar an scéim réitigh faoi chonspóid agus Cinneadh 2017/1246 a chur ar neamhní agus dearbhú go bhfuil Airteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA neamh-infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 277 CFAE; agus

– a ordú don Choimisiún agus do BRA costais an dá shraith imeachtaí a íoc.

85 Áitíonn an Coimisiún, BRA, an Pharlaimint, an Chomhairle, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander gur cheart don Chúirt an t-achomharc a dhíbhe agus a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

86 I gcás ina seasann an Chúirt leis an achomharc agus ina gcinneann sí, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, rialú a thabhairt í féin ar an gcaingean le haghaidh neamhniú, iarrann Banco Santander uirthi, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 264 CFAE, raon feidhme a breithiúnais le tabhairt a theorannú tríd na héifeachtaí a choimeád a bhaineann le díol Banco Popular le Banco Santander. Iarrann an Chomhairle uirthi, sa chás sin, a chinneadh nach bhfuil aon chúis le dleathacht Airteagail 15, 18, 20, 21, 22 agus 24 de Rialachán SRA a thabhairt faoi cheist.

V. An t-achomharc

87 Mar thaca lena achomharc, maíonn an t-achomharcóir ocht saincheist dlí, lena n-éilítear, faoi seach, sárú ar:

– Airteagal 18 de Rialachán SRA, an dualgas cúraim agus Airteagal 296 CFAE (an chéad saincheist dlí);

– Airteagail 14 agus 20 de Rialachán SRA, an dualgas cúraim agus Airteagal 296 CFAE (an dara saincheist dlí);

– an dualgas cúraim, Airteagail 17 agus 47 den Chairt, chomh maith le hAirteagal 14 de Rialachán SRA (an tríú saincheist dlí);

– na cearta cosanta a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt agus faoi Airteagal 296 CFAE (an ceathrú saincheist dlí);

– Airteagal 296 CFAE agus na cearta cosanta a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt maidir le rúndacht na scéime réitigh faoi chonspóid agus luacháil 2 (an cúigiú saincheist dlí);

– Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ('ECHR'), arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950, a mhéid a dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d'iarratas an achomharcóra doiciméid a thabhairt ar aird (an séú saincheist);

– Airteagail 17 agus 52 den Chairt, a mhéid a dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do phléadáil um neamhdhleathacht Airteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA (an seachtú saincheist dlí), agus

– Airteagail 17 agus 52 den Chairt agus Airteagal 5(4) CAE (an t-ochtú saincheist dlí).

A. Réamhbharúlacha

88 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara, leis an gcaingean is bun leis an achomharc seo, gur iarr an t-achomharcóir go gcuirfí ar neamhní an scéim réitigh faoi chonspóid agus Cinneadh 2017/1246 araon.

89 Cé gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, ina breithiúnas an 18 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *BRA* (C-551/22 P, EU:C:2024:520, míreanna 102 agus 103), nach gníomh inchonspóidte í an scéim réitigh faoi chonspóid de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, dá bhrí gur do-ghlactha an chaingean sin a mhéid a bhaineann sí leis an scéim sin, tá tréithe gnímh ag Cinneadh 2017/1246, trínar cheadaigh an Coimisiún an scéim sin, a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar caingne le haghaidh neamhniú faoin gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

90 É sin ráite, shoiléirigh an Chúirt, i gcaingean le haghaidh neamhniú atá dírithe ar chinneadh ón gCoimisiún amhail Cinneadh 2017/1246, gur ceadmhach do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha lena mbaineann a agairt gur neamhdhleathach an scéim réitigh a d'fhormheas an institiúid sin dá bhrí go dtugtar éifeachtaí dlí riachtanacha di, rud a fhágann go ráthaítear go bhfuil cosaint leordhóthanach dlí aici. Ina theannta sin, meastar go dtacaíonn an Coimisiún, trína fhormheas mar sin, leis na gnéithe agus na forais atá sa scéim sin, dá bhrí, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil freagracht le glacadh aige astu os comhair chúirteanna an Aontais (breithiúnas an 18 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *BRA*, C-551/22 P, EU:C:2024:520, mír 96 agus an cásdlí dá dtagraítear).

91 Is sa chomhthéacs sin nach mór, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna dlí lena gcuirtear i gcoinne dhleathacht na scéime réitigh faoi chonspóid.

B. An chéad saincheist dlí agus an ceathrú saincheist dlí go dtí an séú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 296 CFAE, ar Airteagal 18 de Rialachán SRA, ar an dualgas cúraim atá ar BRA, ar Airteagal 47 den Chairt, ar Airteagal 6 de ECHR agus ar phrionsabal na sáraíochta

92 Lena chéad saincheist dlí agus lena cheathrú go dtí an séú saincheist dlí, atá le scrúdú ar dtús, maíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, go raibh gá le rochtain ar an leagan iomlán, *inter alia*, den scéim réitigh faoi chonspóid, luachálacha 1 agus 2 chun críocha a cheart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú (an cúigiú saincheist dlí), gur luadh na cúiseanna leis an scéim réitigh faoi chonspóid go neamhleor agus mar atá contrártha mar gheall ar an bhfaisnéis i bhfolach sa scéim sin agus i luachálacha 1 agus 2 (an chéad saincheist dlí agus an ceathrú saincheist dlí) agus, dá bhrí sin, nár mhór don Chúirt Ghinearálta a ordú, trí bheart eagrúcháin nós imeachta, na doiciméid sin agus doiciméid sa bhreis a thabhairt ar aird ina n-iomláine (an séú saincheist dlí).

1. An cúigiú saincheist dlí

93 Lena chúigiú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt á gcur i bhfeidhm trí chinneadh, i míreanna 354 go 402 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh gá leis an bhfaisnéis rúnda sa scéim réitigh atá faoi chonspóid agus i luacháil 2 chun a ceart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú. Tá ceithre chuid sa tsaincheist dlí sin.

(a) Argóintí na bpáirtithe

94 Leis an gcéad chuid den chúigiú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 356 go 359 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur dlíodh dó, de réir Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, go gcuirfí é ar an eolas maidir le leagan iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid, fiú murab é seolaí na scéime sin é.

95 I ndáil leis sin, áitíonn sé nár mhór dó faoi Airteagal 88(1) de Rialachán SRA téacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid a iarraidh d'fhonn caingean a thionscnamh. Thairis sin, tugann sé chun cuimhne go bhfuil feidhm ag an gceart chun eolas a fháil ar na cúiseanna ar a bhfuil beart bunaithe ní hamháin maidir le seolaithe an chinnidh atá i gceist ach maidir leis na tríú páirtithe lena mbaineann sé chomh maith. Sna himthosca sin, cé, i gcás nach bhfoilsítear nó nach bhfógraítear a leithéid de chinneadh, gur faoi na daoine sin atá sé téacs iomlán an chinnidh sin a iarraidh, níl tús inchurtha leis an tréimhse caingne ach ón tráth a bhfuil cur amach beacht acu ar ábhar agus forais an ghnímh i gceist, ionas gur féidir leo a gceart chun caingean a thionscnamh a fheidhmiú go héifeachtach. In 2017, d'iarr an t-achomharcóir go sonrach rochtain ar théacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid.

96 Leis an dara cuid den chúigiú saincheist dlí, áitíonn sí gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, a mhéid a rialaigh sí, i míreanna 381 agus 388 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur comhlíonadh Airteagal 88 de Rialachán SRA le foilsiú leagan folaithe den scéim réitigh faoi chonspóid.

97 Go deimhin, leis an leagan den scéim réitigh faoi chonspóid arna fhoilsiú ar dtús, cuireadh cosc le heolas a bheith ag an achomharcóir, go háirithe, ar na cuspóirí réitigh agus rochtain a fháil ar luacháil 1. Fiú amháin leis an leagan reatha den scéim réitigh faoi chonspóid, ní féidir na cuspóirí sin go léir a fhionnadh ná raon feidhme ghéarchéim leachtachta Banco Popular, na cúiseanna nárbh fhéidir an instealladh airgid práinneach a sholáthar agus na cúiseanna lenar spreagadh luach níos lú ná EUR 8.2 billiún a roghnú chun críocha an dímheas a thuiscint.

98 De réir an achomharcóra, deimhnítear fiúntas an cháinte sin toisc gur ordaigh an Chúirt Ghinearálta do BRA, an 16 Feabhra 2018, leagan níos iomláine de na doiciméid sin a thabhairt ar aird agus toisc, dar léi, go bhfuil an breithiúnas faoi achomharc bunaithe go príomha ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil in 2018. Thairis sin, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 389 go 393 den bhreithiúnas faoi achomharc, ní raibh cinntí choiste achomhairc BRA an 28 Samhain 2017 agus an 19 Meitheamh 2018, a thug rochtain ar na doiciméid sin ina dhiaidh sin, bunaithe ar chor ar bith ar an am arna chaitheamh ó ghlacadh an scéim réitigh faoi chonspóid.

99 Leis an tríú cuid dá chúigiú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt trína chinneadh, ar an gcéad dul síos, i míreanna 394 agus 395 den bhreithiúnas faoi achomharc, nár sáraíodh cearta na cosanta ós rud é go raibh an t-achomharcóir in ann caingean a thionscnamh agus barúlacha a thíolacadh maidir leis na leaganacha nua den scéim réitigh faoi chonspóid. Mar sin féin, dar leis an achomharcóir, ní hionann a bheith in ann caingean a thionscnamh agus cearta na cosanta a fheidhmiú go héifeachtach. Chuige sin, measann sí nach mór an ceart a bheith ag na daoine a dhéantar difear dóibh le cinneadh téacs iomlán an chinnidh sin a iarraidh d'fhonn caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh. Go deimhin, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile ar fáil, níorbh fhéidir na modhanna sásaimh iomchuí a chur le chéile agus a fhorbairt ina n-iomláine. Ina theannta sin, bheadh sé an-deacair pléadálacha nua a dhéanamh tar éis thaisceadh an iarratais don

Chúirt Ghinearálta, rud a dheimhnítear toisc, sa chás seo, nár cuireadh an dá shaincheist dlí nua arna n-ardú sa fhreagra ag an gcéad chéim san áireamh nó gur dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta gur do-ghlactha iad, i míreanna 701 go 704 agus 710 go 713 den bhreithiúnas faoi achomharc.

100 Ar an dara dul síos, rialaigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 396 agus 397 den bhreithiúnas sin, go bhféadfaí á chur ina cheart nár luadh cúiseanna *a posteriori*, ós rud é, ó thús, go raibh an fhaisnéis rúnda sa scéim réitigh faoi chonspóid, i luachálacha 1 agus 2, bíodh is nár cuireadh iad in iúl don achomharcóir.

101 Leis an gceathrú cuid den chúigiú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, sa mhéid gur chinn sí, le hordú an 9 Meitheamh 2021 dá dtagraítear i mír 723 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh téacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid, luacháil 2 agus an measúnú ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular ábhartha do thoradh na caingne. I ndáil leis sin, áitíonn sé gurb é cuspóir don iarratas ar rochtain atá á lorg ar na doiciméid sin a bheith in ann argóintí nua nó fiú saincheisteanna dlí nua a ardú.

102 Ina theannta sin, tá leaganacha iomlána na ndoiciméad sin ar eolas maith ní hamháin ag BRA agus ag an gCoimisiún, ach ag an gCúirt Ghinearálta chomh maith, agus dá bhrí sin is gá go mbeadh tionchar áirithe acu ar an dearcadh atá acu ar na hargóintí arna gcur chun cinn. Dá bhrí sin, i mír 278 den bhreithiúnas faoi achomharc, bhraith an Chúirt Ghinearálta ar an iarscríbhinn a ghabhann le litir Banco Popular chuig BCE an 6 Meitheamh 2017, cé nár cuireadh an doiciméad sin in iúl don achomharcóir. Sna himthosca sin, bhí sé ar neamhréir le prionsabal na sáraíochta nár cuireadh na doiciméid sin in iúl dó.

103 Áitíonn an Coimisiún agus Banco Santander gur do-ghlactha an cúigiú saincheist, ar an bhforas nach ndéanann an t-achomharcóir ach athrá agus athfhriotal focal ar fhocal ar na saincheisteanna dlí agus na hargóintí arna dtíolacadh os comhair na Cúirte Ginearálta. Áitíonn BRA gur do-ghlactha an tríú cuid den tsaincheist dlí seo ós ag céim an achomhairc den chéad uair a chuirtear chun tosaigh na hargóintí arna n-ardú mar thaca leis an gcuid sin, eadhon an gá le teacht ar an bhfaisnéis ar fad ar mhaithe le intíolacthacht a iarratais.

104 Maidir leis an tsubstaint, áitíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an gcúigiú saincheist dlí.

(b) Cinntí na Cúirte

(1) Inghlacthacht

105 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an bpléadáil do-ghlacthachta arna hardú ag an Coimisiún agus Banco Santander, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach, go leanann sé as an dara fomhír d'Airteagal 256(1) CFAE, as an gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus as Airteagal 168(1)(d) agus Airteagal 169(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte nach mór a shonrú go beacht in achomharc na gnéithe den bhreithiúnas atá faoi chonspóid a bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh a chur ar ceal chomh maith leis na hargóintí dlí lena dtacaítear go sonrach leis an iarratas sin, faoi phian dho-ghlacthacht an achomhairc nó na saincheiste dlí lena mbaineann. Ní chomhlíontar na ceanglais maidir le cúiseanna a lua de réir na bhforálacha sin le hachomharc, nach bhfuil argóintí

fiú ann lena bhféachtar leis an earráid dlí a aithint trínar cuireadh an breithiúnas faoi achomharc ó mhaith, nach ndéantar leis ach athrá agus athfhriotal focal ar fhocal ar na saincheisteanna dlí agus na hargóintí arna gcur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, lena n-áirítear na saincheisteanna dlí agus na hargóintí, a bhfuil bunús leo, dar dhiúltaigh an chúirt sin go sainráite. Níl ina leithéid d'achomharc i ndáiríre ach iarraidh ar athscrúdú a dhéanamh ar an iarratas arna chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, rud nach dtagann faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais (breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Planistat Europe agus Charlot* v *an Coimisiún*, C-363/22 P, EU:C:2024:20, míreanna 40 agus 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

106 I gcás, áfach, ina gcuireann achomharcóir léiriú nó cur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag an gCúirt Ghinearálta faoi chonspóid, is féidir na pointí dlí arna scrúdú ag an gcéad chéim a athphlé mar chuid achomhairc. Mura bhféadfadh achomharcóir, dá bhrí sin, a achomharc a bhunú ar shaincheisteanna dlí agus ar argóintí arna n-úsáid cheana féin os comhair na Cúirte Ginearálta, bhainfí cuid dá chiall ó na himeachtaí achomhairc (breithiúnais an 12 Meán Fómhair 2006, *Reynolds Tobacco agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-131/03 P, EU:C:2006:541, mír 51, agus an 9 Iúil 2020, *Haswani* v *an Chomhairle*, C-241/19 P, EU:C:2020:545, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

107 Sa chás seo, is é is aidhm don chúigiú saincheist dlí, go bunúsach, cinneadh na Cúirte Ginearálta a thabhairt faoi cheist maidir le roinnt ceisteanna dlí a cuireadh faoina bráid ag an gcéad chéim maidir le, *inter alia*, oibleagáid na n-institiúidí cúiseanna a lua faoi Airteagal 296 CFAE agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt. Ina theannta sin, sa mhéid a bhfuil idir fhaisnéis bheacht sa saincheist dlí sin ar mhíreanna an bhreithiúnais faoi achomharc atá á gcur faoi chonspóid agus na hargóintí is bun leo, ní fhéadfaí a dhearbhú gur do-ghlactha í ina hiomláine.

108 Bíodh is amhlaidh an cás, ansin, a mhéid a chuireann an t-achomharcóir faoi chonspóid míreanna 389 go 393 den bhreithiúnas faoi achomharc, de réir an dara cuid den chúigiú saincheist dlí, ar an bhforas, ina chinntí an 28 Samhain 2017 agus an 19 Meitheamh 2018, mar fhreagra ar na hiarratais ar rochtain de chuid an achomharcóra, gur chuir Coiste Achomhairc BRA san áireamh an t-am arna chaitheamh ó glacadh na scéime réitigh faoi chonspóid chun measúnú a dhéanamh ar rúndacht sonraí áirithe, ní áitíonn sé, ná ní chruthaíonn sé, *a fortiori*, leis gur shaobh an Chúirt Ghinearálta an fhianaise trí rialú, i mír 392 den bhreithiúnas faoi achomharc, a mhéid a rinneadh na cinntí sin níos mó ná sé mhí agus bliain amháin, faoi seach, tar éis ghlacadh na scéime réitigh faoi chonspóid, dar leis, go bhfuil tionchar inimeartha leis an gcaitheamh ama ón nglacadh sin ar an measúnú ag rúndacht an choiste achomhairc sin, ó thaobh cé acu ar comhlíonadh na coinníollacha a bhfuil rúndacht na faisnéise faoina réir.

109 De réir cásdlí comhsheasmhach, is léir ó Airteagal 256(1) CFAE agus ón gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil achomharc le bheith teoranta do phointí dlí agus, dá bhrí sin, go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta chun na fíorais agus an fhianaise ábhartha a chinneadh agus a mheas. Ní hionann measúnú ar na fíorais, ach amháin i gcás ina ndéantar iad a shaobhadh, agus pointe dlí atá, ann féin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais mar chuid d'achomharc (breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *European Food agus páirtithe eile*, C-638/19 P, EU:C:2022:50, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

110 Dá réir sin, is do-ghlactha an dara cuid den chúigiú saincheist dlí, a mhéid a dhírítear í ar mhíreanna 389 go 393 den bhreithiúnas faoi achomharc.

111 Ar deireadh, maidir leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn BRA go mícheart gur agair an t-achomharcóir den chéad uair ina achomharc go n-áitíonn an t-achomharcóir argóint lena n-éilítear go bhfuil gá le teacht a bheith ar an bhfaisnéis uile ar mhaithe lena cheart chun achomhairc a fheidhmiú Is léir ó iarratas tionscanta na caingne ag an gcéad chéim, tar éis do BRA diúltú an fhaisnéis sin a sholáthar, gur iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta a ordú go dtabharfaí ar aird, *inter alia*, leagan iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid agus luacháil 1 ionas gurb infhíoraithe ar comhlíonadh na coinníollacha faoina réir a chuirtear glacadh réitigh le hAirteagail 18 agus 20 de Rialachán BRA sa chás seo.

(2) Substaint

112 Leis na ceithre chuid den chúigiú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, de bhun Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, go raibh sé le haithint go bhfuil ceart rochtana aige ar leaganacha iomlána na scéime réitigh faoi chonspóid agus ar na luachálacha ullmhúcháin, lena n-áirítear an fhaisnéis rúnda atá sna doiciméid sin. Gan leordhóthanacht lua na gcúiseanna a thabhairt faoi cheist a bhí leis an scéim réitigh faoi chonspóid, inti féin, cuireann sé faoi chonspóid gur cuireadh forais agus faisnéis áirithe i mbunleagan na scéime réitigh sin i bhfolach ar dtús sa leagan arna fhoilsiú ar an láithreán gréasáin agus nár nochtadh ach go páirteach iad i ndiaidh na caingne a thionscnamh.

113 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar an gcéad dul síos, gur ceanglas fíor-riachtanach nós imeachta í an oibleagáid cúiseanna a lua nach mór a idirdhealú ó cé acu bunús a bheith leis na cúiseanna a lua, rud a bhaineann le dleathacht shubstainteach an bhirt atá i gceist (breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *Jenkinson* v *an Chomhairle agus páirtithe eile*, C-46/22 P, EU:C:2024:50, mír 130 agus an cásdlí dá dtagraítear).

114 Is cásdlí comhsheasmhach é, más rud é go bhfuil réasúnaíocht na hinstitiúide, is údar an ghnímh, le léiriú go beacht agus go haonchiallach agus na cúiseanna á lua mar a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE, ionas go bhféadfadh an páirtí leasmhar eolas a chur ar údair na mbeart arna nglacadh agus go bhféadfadh an chúirt inniúil a hathbhreithniú a dhéanamh, caithfear a leithéid de chúiseanna a lua, áfach, mar atá in oiriúint do chineál an ghnímh agus an chomhthéacs inar glacadh é. Ón taobh sin de, ní gá na fíorais agus pointí dlí ábhartha go léir a shainiú agus na cúiseanna á lua, a mhéid nach mór measúnú a dhéanamh ar an gceist an leor faoi mar a luaitear cúiseanna ní hamháin maidir lena fhoclaíocht ach maidir lena chomhthéacs agus maidir leis na rialacha dlíthiúla go léir lena rialaítear an t-ábhar i gceist chomh maith agus, go háirithe, de réir an bhealaigh a bhfuil sé chun leasa na seolaithe mínithe a fháil (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Bealtaine 2019, *Landeskreditbank Baden-Württemberg* v *BCE*, C-450/17 P, EU:C:2019:372, míreanna 85 agus 87; agus an 29 Meán Fómhair 2022, *ABLV* Bank v BRA, C-202/21 P, EU:C:2022:734, mír 193 agus an cásdlí dá dtagraítear).

115 Ina theannta sin, tá cinnte cheana féin ag an gCúirt Bhreithiúnais nach mór cúiseanna a lua a bheaichte sin agus atá díréireach don mhéid is féidir go praiticiúil agus leis na dálaí teicniúla nó leis an tréimhse faoina bhfuil siad le lua. Mar sin, agus gníomh á dhréachtú acu, ní cheanglaítear ar institiúidí an Aontais seasamh a ghlacadh maidir le hábhair atá tánaisteach go soiléir ná teacht roimh agóidí féideartha (féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Iúil 2008, *Bertelsmann agus Sony Corporation of America* v *Impala*, C-413/06 P, EU:C:2008:392, mír 167 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Samhain 2012, *Éditions Odile Jacob* v *an Coimisiún*, C-551/10 P, EU:C:2012:681, mír 48).

116 Maidir le hAirteagal 47 den Chairt, ceanglaítear le héifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a ráthaítear leis an Airteagal sin, de réir chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, nach mór eolas a bheith inchurtha ar na forais is bun leis an gcinneadh arna dhéanamh ina leith tríd an gcinneadh féin a léamh nó trí na forais sin a chur in iúl dó ar iarratas uaidh, gan dochar do chumhacht na cúirte inniúla a cheangal ar an údarás lena mbaineann iad a chur in iúl, d'fhonn a ligean dó a chearta a chosaint faoi na dálaí is fearr is féidir, a chinneadh agus láneolas aige ar cé acu cás a thabhairt roimh an gcúirt inniúil chomh maith le ligean don chúirt sin rialú a chur ar dhleathacht an chinnidh i gceist (breithiúnais an 4 Meitheamh 2013, *ZZ*, C-300/11, EU:C:2013:363, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 24 Samhain 2020, *Minister van Buitenlandse Zaken*, C-225/19 agus C-226/19, EU:C:2020:951, mír 43).

117 Ó thaobh, go sonrach, cúiseanna a chur in iúl do dhaoine seachas seolaí gnímh, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur chinn an Chúirt cheana féin go gceanglaítear ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i bprionsabal, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le rúndacht gnó a chosaint, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é, a léirítear go sonrach in Airteagal 339 CFAE, gan faisnéis rúnda arna soláthar ag trádálaí príobháideach a nochtadh dá iomaitheoirí (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear).

118 Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a áirithiú, chinn an Chúirt, i roinnt réimsí dhlí an Aontais, go bhféadfaí teorainn a chur, go pointe áirithe, le cúiseanna a lua le gníomh is cúis gearáin ag dlíthí, a bhunaítear ar mheasúnú ar sheasamh coibhneasta trádálaithe príobháideacha, d'fhonn faisnéis ar na trádálaithe sin a chosaint, ar fáisnéis í a thagann faoi rúndacht gnó. Bíodh is amhlaidh an cás, ní fhéadfaí an oibleagáid cúiseanna a lua a chur ó shubstaint leis an oibleagáid rúndachta gnó. Dá bhrí sin, bíodh is go bhféadfaí cúiseanna a lua go leordhóthanach lena leithéid de ghníomh, i bhfianaise na n-oibleagáidí rúndacht gnó a chomhlíonadh, gan figiúirí is bun leis an réasúnaíocht a chur san áireamh, tá an réasúnaíocht sin chomh maith leis an modheolaíocht arna húsáid le léiriú go beacht aonchiallach agus na cúiseanna á lua (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Iúil 2008, *Chronopost agus La Poste* v *UFEX agus páirtithe eile*, C-341/06 P agus C-342/06 P, EU:C:2008:375, míreanna 108 go 111; an 21 Nollaig 2016, *Club Hotel Loutraki agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-131/15 P, EU:C:2016:989, mír 48, agus an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, míreanna 110, 111 agus 120).

119 Faoin gcóras arna bhunú le Rialachán SRA, soiléirítear comhlíonadh cheanglais na rúndachta gnó a leagtar síos in Airteagal 339 CFAE, *inter alia*, leis an dara fomhír d'Airteagal 88(1) den Rialachán sin, lena gcuirtear toirmeasc ar BRA an fhaisnéis a chumhdaítear leis na ceanglais sin a nochtadh d'eintiteas poiblí nó príobháideach eile, ach amháin i gcás go ndéanfar an nochtadh sin chun críche imeachtaí breithiúnacha. Ina theannta sin, foráiltear dó le hAirteagal 90(4) den Rialachán sin go bhfuil cead rochtana ar chomhad BRA ag daoine atá faoi réir chinntí BRA, faoi réir leas dlisteanach daoine eile nach nochtfaí a rúin ghnó, agus luaitear go sainráite ann nach mbaineann an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad le faisnéis rúnda ná doiciméid ullmhúcháin inmheánacha BRA.

120 Maidir leis an gcéad saincheist dlí go dtí an tríú cuid den tsaincheist dlí seo, atá le scrúdú le chéile, is é a thagann as na breithnithe roimhe seo gur chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, i mír 357 den bhreithiúnas faoi achomharc, a mhéid nárbh é an t-achomharcóir ba sheolaí na scéime réitigh faoi chonspóid arna cur chuig FROB, ba cheart gan an scéim sin a sheoladh chuige ina hiomláine ach go háirithe.

121 Ina theannta sin, i mír 381 den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, ina caingean ag an gcéad chéim, nár ardaigh an t-achomharcóir aon argóint shonrach le léiriú gur thángthas salach ar phrionsabal na trédhearcachta leis an dearbhú maidir le rúndacht na faisnéise arna cur i bhfolach sa scéim réitigh faoi chonspóid. Sna himthosca sin, ba gan earráid dlí a dhéanamh gur chinn an Chúirt, i mír 388 den bhreithiúnas sin, go bhfuil feidhm ag an gcásdlí a chuirtear chun cuimhne i míreanna 117 agus 118 den bhreithiúnas seo maidir leis an bhfaisnéis rúnda atá ag BRA, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 88(1) de Rialachán SRA. I gcomhréir leis an gcásdlí sin, ní bhíonn ceart chun leagan iomlán den scéim sin a fháil ag tríú páirtí lena mbaineann i gcónaí.

122 Murab ionann agus an méid a áitíonn an t-achomharcóir sa chéad chuid den chúigiú saincheist dlí, ní chuirtear bac ar an léiriú sin toisc go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar nochtadh faisnéise a chumhdaítear leis na ceanglais rúndachta gnó, de réir an dara fomhír d'Airteagal 88(1) de Rialachán SRA, 'ach amháin i gcás go ndéanfar an nochtadh sin chun críche imeachtaí breithiúnacha'.

123 Ní mór an forchoimeádas sin, lena dtugtar an ceart do na ceanglais a eascraíonn as 339 CFAE agus as Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, a léiriú i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 117 agus 118 den bhreithiúnas seo. Mar sin, ceanglaíodh leis na dara fomhír d'Airteagal 88(1) de Rialachán SRA go ndéanfadh BRA go bhfuil an réasúnaíocht atá ag an gcomhlacht sin chomh maith leis an modheolaíocht arna húsáid le feiceáil go rí-soiléir sna na cúiseanna leis an scéim réitigh, gan nochtadh faisnéise a thagann faoi rún gnó agus na bhfigiúirí ar fad dá dtagraítear sa scéim sin a cheangal leis an oibleagáid sin, áfach, rud a chuirtear treise leis trí aithris 116 den Rialachán sin.

124 Is léir, go deimhin, ón aithris sin 'go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag faisnéis maidir le hábhar agus sonraí pleananna réitigh iontu féin chomh maith le toradh aon mheasúnaithe ar na pleananna sin, go háirithe ar na gnóthais lena mbaineann', rud a fhágann '[gur] gá mar sin a áirithiú go mbeidh sásraí iomchuí chun rúndacht na faisnéise sin a chothabháil, amhail inneachar agus sonraí na bpleananna réitigh agus an toradh ar aon mheasúnacht a dhéanfar sa chomhthéacs sin'.

125 Thairis sin, tá an rúndacht a cheanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 88(1) de Rialachán SRA, arna léamh i gcomhar le haithris 116 den Rialachán sin, beartaithe ní hamháin chun leasanna sonracha na ngnóthas lena mbaineann go díreach a chosaint, ach chun a áirithiú chomh maith gur féidir le BRA na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán sin a chur i gcrích go héifeachtach. Chuige sin, le hAirteagal 34(1) agus (2) de Rialachán SRA, tugtar an chumhacht do BRA, *inter alia*, an fhaisnéis uile is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh a iarraidh ar institiúidí creidmheasa, gan na hinstitiúidí sin a chur ón oibleagáid an fhaisnéis sin a sholáthar leis ceanglais na rúndachta gnó. I gcás nach bhfuiltear muiníneach go leanfaidh an fhaisnéis arna soláthar, i bprionsabal, de bheith rúnda, tá an baol ann go mbainfí d'aistriú réidh na faisnéise atá de dhíth ar na cúraimí sin a dhéanamh (féach, de réir analaí, maidir le Treoir 2004/39/CE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, breithiúnas an 19 Meitheamh 2018, *Baumeister*, C-15/16, EU:C:2018:464, míreanna 31 go 33).

126 Sa dara cuid den chúigiú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 381 agus 388 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur comhlíonadh na ceanglais faoin dara fomhír d'Airteagal 88(1) den Rialachán sin le leagan leasaithe den scéim réitigh faoi chonspóid a fhoilsiú. Is bun leis an argóint sin, áfach, léamh atá mícheart go follasach a bhaineann le rúndacht na scéime sin, gan plé le leordhóthanacht na bhforas atá le feiceáil sa

leagan neamh-rúnda den scéim sin. Tagtar salach le hargóint an achomharcóra ar an gcinneadh i mír 400 den bhreithiúnas sin chomh maith gur thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, go bunúsach, gur phléigh sí leis na hargóintí gur nochtadh na cúiseanna atá sa leagan neamhrúnda leis an scéim réitigh faoi chonspóid go neamhleor, mar a líomhnaítear, ní i míreanna 354 go 399 den bhreithiúnas faoi achomharc, ach i gcuid eile, eadhon i míreanna 330 go 353, den bhreithiúnas sin.

127 Sa chomhthéacs sin, maidir le míreanna 394 agus 395 den bhreithiúnas faoi achomharc, cé gur thug an Chúirt Ghinearálta dá haire sna míreanna sin go raibh an t-achomharcóir in ann caingean a thionscnamh agus argóintí a thíolacadh maidir leis na leaganacha sin ag foilsiú comhleanúnach an leagain neamhrúnda den scéim agus leaganacha den scéim sin nach bhfuil chomh folaithe céanna agus luachálacha 1 agus 2, d'fhéach sí le freagra a thabhairt ar argóint an achomharcóra lena líomhnaítear nach raibh a chearta inchosanta gan rochtain a bheith ar leaganacha iomlána na ndoiciméad sin. Os a choinne sin, níor chinn an Chúirt Ghinearálta ar chor ar bith, sna míreanna sin, gur leor gur thionscain sé caingean le cruthú nár comhlíonadh a cheart chun leigheas éifeachtach.

128 Ós rud é, mar a cuireadh in iúl i mír 126 den bhreithiúnas seo, nár bhain scrúdú na Cúirte Ginearálta i míreanna 354 go 399 den bhreithiúnas faoi achomharc leis gur nochtadh na cúiseanna leis an scéim réitigh faoi chonspóid go neamhleor, mar a líomhnaítear, níl feidhm ag argóint an achomharcóra lena líomhnaítear nach raibh sé neamhleor mar sin, a ndéantar achoimre uirthi i míreanna 97 agus 98 den bhreithiúnas thuas.

129 Ar deireadh, tá an cáineadh i leith mhíreanna 396 agus 397 den bhreithiúnas faoi achomharc bunaithe ar léamh follasach mícheart ar na míreanna sin chomh maith. Go deimhin, ba gan glacadh le hinréititeacht neamhdhleathacht gnímh de réir easpa cúiseanna a lua ina dhaidh sin gur chinn an Chúirt Ghinearálta nár chuir BRA ar chor ar bith leis na cúiseanna arna lua leis an scéim réitigh agus le luachálacha 1 agus 2 trí fhaisnéis nach raibh sa doiciméid sin ar dtús. Os a choinne sin, de réir chinntí na Cúirte Ginearálta nár chuir an t-achomharcóir faoi chonspóid, d'fhoilsigh BRA i ndiaidh a chéile ar a láithreán gréasáin faisnéis a bhí sna doiciméid sin cheana féin ar dtús, agus é den tuairim gur faisnéis rúnda í.

130 Dá réir sin, níl bunús leis an gcéad chuid go dtí an tríú cuid den chúigiú saincheist dlí, a mhéid arb inghlactha iad.

131 Leis an gceathrú cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn an t-achomharcóir, trína iarraidh ar an gCúirt Ghinearálta a ordú go dtabharfaí ar aird téacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid, luacháil 2 agus measúnú BCE ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular, go raibh sí ag iarraidh argóintí nua nó fiú pléadálacha nua a ardú. Sna himthosca sin, measann sí gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt trína chinneadh, in ordú an 9 Meitheamh 2021 dá dtagraítear i mír 723 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh téacs iomlán na ndoiciméad sin ábhartha do thoradh na caingne ag an gcéad chéim.

132 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, a mhéid ar féidir údar a thabhairt trí fhaisnéis rúnda a chosaint, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 88(1) de Rialachán SRA, arna léiriú i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 117 agus 118 den bhreithiúnas seo, leis na figiúirí a chur i bhfolach agus cúiseanna á lua leis an scéim réitigh faoi chonspóid, go dtugtar údar tríd an gcosaint sin leis an méid sin a bheith neamh-inchonspóidte ag an achomharcóir chomh maith. Go deimhin, is é toradh díreach ar chomhréiteach riachtanach cheanglais Airteagal 339 CFAE ar

thaobh amháin agus Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt ar an taobh eile, ná go dtugtar údar, de réir cásdlí socair, leis an bhfaisnéis a thagann faoin rúndacht gnó gan a nochtadh, ná gur neamh-inchonspóidte na figiúirí sin, iontu féin.

133 Ní mór a chur in iúl, áfach, nach ndíolmhaítear na figiúirí sin ó gach aon chaingean fhéideartha ós rud é, de réir an chásdlí chéanna, go bhfuil an réasúnaíocht leis an ngníomh is cúis gearán ag an dlíthí agus ina bhfuil na figiúirí agus an mhodheolaíocht arna húsáid le léiriú go beacht aonchiallach agus na cúiseanna á lua. Is cúis easpa ina leith sin le ceart chun achomhairc os comhair chúirt an Aontais a thabhairt don dlíthí lena mbaineann.

134 Sna himthosca sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí le cinneadh, in ordú an 9 Meitheamh 2021 dá dtagraítear i mír 723 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh téacs iomlán na ndoiciméad sin ábhartha do thoradh na caingne ag an gcéad chéim.

135 Thairis sin, bíodh is go n-áitíonn an t-achomharcóir go n-imreofaí tionchar ar chinneadh na Cúirte Ginearálta leis an bhfaisnéis neamhnochtaithe, ní mór a thabhairt faoi deara nach dtacaíonn sé ar chor ar bith lena argóintí agus go mbraitheann sé, a mhéid a thagraíonn sé do mhír 278 den bhreithiúnas faoi achomharc, ar léamh ar an mbreithiúnas sin atá mícheart go follasach. Is léir ó fhoclaíocht iarbhír na míre sin nár bhraith an Chúirt Ghinearálta ar chor ar bith ar an iarscríbhinn a ghabhann le litir Banco Popular chuig BCE an 6 Meitheamh 2017, ach nach ndearna sí ach athfhriotal ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an iarscríbhinn sin a bhí sa litir sin. Ní chuireann an t-achomharcóir faoi chonspóid gur cuireadh an litir sin in iúl dó.

136 Dá réir sin, ní mór diúltú don chúigiú saincheist dlí toisc é a bheith do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

2. An chéad saincheist dlí

137 Lena chéad shaincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 275 go 327 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chomhlíon BRA a dhualgas cúraim agus Airteagal 296 CFAE maidir le measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha réitigh a leagtar síos in Airteagal 18(1)(a) agus (b) de Rialachán SRA. Tá dhá chuid sa tsaincheist dlí sin.

(a) Argóintí na bpáirtithe

138 I gcomhthéacs an chéad chuid den chéad shaincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, murab ionann agus leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 292 go 302 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur sháraigh BRA (a) agus (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1)) de Rialachán SRA, a dhualgas cúraim agus an oibleagáid cúiseanna a lua faoi Airteagal 296 CFAE, sa mhéid gur theip air na fíorais go léir a bhaineann le géarchéim leachtachta Banco Popular a bhailiú go críochnúil neamhchlaonta agus na cúiseanna a shonrú nárbh annamh léi an ghéarchéim sin.

139 Dar leis an achomharcóir, níor foras réitigh an ceanglas maidir le cumhdach leachtachta ach ba thoradh é nach mór do BCE tréimhse a thabhairt do Banco Popular lena staid eacnamaíoch a athbhunú agus d'fhéadfadh sé, i gcás inarb iomchuí, pionóis a fhorchur, rud nach ndearna sé. Measann sé nár bhraith BRA ach ar chritéar amháin, a bhaineann le hinstealladh airgid práinneach a bheith indéanta, an 7 Meitheamh 2017, rud a chruthaíonn, de réir an achomharcóra, gurbh annamh an ghéarchéim í. De réir threoirlínte ÚBE an 6 Lúnasa 2015,

maidir leis an léiriú ar gcásanna éagsúla ina meastar go bhfuil institiúid i staid chliste iarbhír nó intuartha de réir Airteagal 32(6) de Threoir 2014/59 (EBA/GL/2015/07), a luaitear i mír 294 den bhreithiúnas faoi achomharc, áfach, ní fhéadfadh géarchéim leachtachta a bheith ina cúis le staid chliste iarbhír nó intuartha ach i gcás nach sealadach an ghéarchéim sin. Agus tagairt á déanamh aige do staid bainc eile, áitíonn an t-achomharcóir nach mór breis is 5 mhí a bheith sa ghéarchéim leachtachta ionas nach bhféadfaí a mheas a thuilleadh gurb annamh í.

140 Leis an dara cuid den chéad shaincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir go bhfuil an breithiúnas faoi achomharc ó mhaith ag earráid dlí arna déanamh agus an dualgas cúraim atá ar BRA chomh maith le hAirteagal 296 CFAE á gcur i bhfeidhm, a mhéid a mhaígh an Chúirt Ghinearálta, i mír 303 den bhreithiúnas sin, nárbh ábhartha na himthosca agus na cúiseanna a thug ar BCE a chinneadh go raibh Banco Popular ag cliseadh. I bhfianaise na lánrogha leithne atá ag BRA i gcomhthéacs Airteagal 18(1)(b) agus (4)(c) de Rialachán SRA, ceanglaítear ar BRA scrúdú críochnúil neamhchlaonta a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha uile agus na cúiseanna lena chinneadh a lua i bhfianaise na faisnéise sin. Mar sin, níorbh fhéidir le BRA ach tagairt a dhéanamh do mheasúnú BCE ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular.

141 Go háirithe, ba cheart don Chúirt Ghinearálta, murab ionann agus an méid a chinn sí i mír 315 den bhreithiúnas faoi achomharc, na cúiseanna a lorg nárbh fhéidir an instealladh airgid práinneach a dheonú do Banco Popular agus arbh fhéidir léi instealladh airgid práinneach sa bhreis a fháil. Chuige sin, níor mhór do BRA méid an insteallta airgid phráinnigh a údaraíodh, an méid a bhí ar fáil agus méid an insteallta airgid phráinnigh a d'fhéadfaí a iarraidh a bhailiú. I ndáil leis sin, deimhnítear le breithniú na Cúirte Ginearálta nach dtagann deonú airgid phráinnigh faoi inniúlachtaí BRA nár chomhlíon an comhlacht sin a dhualgas cúraim.

142 Áitíonn an Coimisiún gur do-ghlactha an chéad saincheist dlí, sa mhéid nach ndéanann an t-achomharcóir ach athrá nó athfhriotal focal ar fhocal ar na pléadálacha agus na hargóintí arna gcur chun cinn ina chaingean ag an gcéad chéim, gan míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí. Dar le BRA, agraíonn an t-achomharcóir, den chéad uair ag céim an achomhairc, nach foras réitigh é neamhchomhlíonadh an chóimheasa cumhdaigh leachtachta, nár ghearr BCE pionós ar Banco Popular as neamhchomhlíonadh an cheanglais maidir le cumhdach leachtachta agus go léirítear leis an iarratas ar instealladh airgid práinneach breise gur sealadach an ghéarchéim leachtachta.

143 In aon chás, maíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an gcéad saincheist dlí.

(b) Cinntí na Cúirte

(1) Inghlacthacht

144 Lena chéad shaincheist dlí, féachann an t-achomharcóir, go bunúsach, le fiúntas na bhforas ar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá hochtú saincheist dlí ag an gcéad chéim a thabhairt faoi cheist, lena n-éilítear gur sháraigh BRA (a) agus (b)den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán SRA, a dhualgas cúraim agus an oibleagáid cúiseanna a lua faoi Airteagal 296 CFAE. Sa mhéid a bhfuil faisnéis bheacht sa tsaincheist dlí sin maidir leis na pointí den bhreithiúnas faoi achomharc a chuirtear faoi chonspóid agus na hargóintí is bun leo, ní fhéadfaí a dhearbhú gur neamh-inghlactha í ina hiomláine, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 106 den bhreithiúnas seo.

145 Maidir leis na hargóintí, go sonrach, lena n-éilítear, i gcomhthéacs an chéad chuid den chéad saincheist dlí, nár ghearr BCE pionós ar Banco Popular as na ceanglais maidir le cumhdach leachtachta gan a chomhlíonadh agus as an iarraidh ar instealladh airgid práinneach sa bhreis, caitear amhras ar fhorais sonracha d'argóintí an bhreithiúnais faoi achomharc leis na hargóintí sin. Sna himthosca sin, maíonn BRA go mícheart gur argóintí nua neamh-inghlactha iad i gcomhthéacs an achomhairc.

146 Go deimhin, féadfaidh achomharcóir achomharc a dhéanamh trí na saincheisteanna dlí a eascraíonn ón mbreithiúnas faoi achomharc a áiteamh, a bhfhéachtar a bhfiúntas ó thaobh an dlí de a chur faoi chonspóid (breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *European Food agus páirtithe eile*, C-638/19 P, EU:C:2022:50, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

(2) Substaint

147 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara, cé go n-éilíonn an t-achomharcóir, trína chéad shaincheist dlí, go ndearnadh sárú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) agus (b) de Rialachán SRA, ar an dualgas cúraim agus ar an oibleagáid cúiseanna a lua faoi Airteagal 296 CFAE, nach ndéanann sé agóid i gcoinne léiriú na Cúirte Ginearálta ar (a) agus (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán SRA, ach go bhfuil sé teoranta, go bunúsach, d'agóid a dhéanamh i gcoinne fhiúntas an chinnidh gur chomhlíon BRA a dhualgas cúraim agus a oibleagáid cúiseanna a lua nuair a mheas sé gur comhlíonadh sa chás seo na coinníollacha réitigh a leagtar síos in (a) agus (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán SRA.

(i) An chéad chuid den chéad shaincheist dlí

148 Áitíonn an t-achomharcóir, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 292 go 302 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur sháraigh BRA a dhualgas dícheallachta agus a oibleagáid cúiseanna a lua le teip air na fíorais go léir a bhaineann le géarchéim leachtachta Banco Popular a bhailiú agus a shoiléiriú, ar dá réir nach mór a mheas nach annamh an ghéarchéim í.

149 Ní mór a chinneadh gurb é is bun leis na hargóintí sin ná léamh atá mícheart go follasach ar an mbreithiúnas faoi achomharc agus ar an scéim réitigh faoi chonspóid.

150 Ar an gcéad dul síos, is léir ó mhíreanna 276 go 302 den bhreithiúnas faoi achomharc, de réir chinntí na Cúirte Ginearálta, gurbh iomaí bunús a bhí ag BRA le cinneadh, mar gheall ar fhadhbanna leachtachta, nach mbeadh Banco Popular in ann a fhiacha ná a dhliteanais eile a íoc a thuilleadh go gairid de réir mar a bheadh siad dlite agus, dá bhrí sin, go raibh sé i staid chliste intuartha de réir bhrí (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) agus (c) den chéad fhomhír (4)(c) de Rialachán SRA.

151 Dá bhrí sin, maidir leis na cora sa scéal ó thaobh staid leachtachta Banco Popular, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, ar an gcéad dul síos, i mír 290 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn BRA, in aithris 23 den scéim réitigh faoi chonspóid, ag tagairt don mheasúnú a rinne BCE, go raibh meath suntasach tagtha ar staid cistí Banco Popular ó mhí Dheireadh Fómhair 2016 mar gheall ar aistarraingtí taiscí i ngach deighleog custaiméirí. Dúirt an Chúirt Ghinearálta chomh maith, san aithris chéanna, gur thuig BRA ó na cora sin sa scéal sin nach raibh roghanna leordhóthanacha ag Banco Popular chun a staid eacnamaíoch a athbhunú chun a áirithiú go mbeadh sé in ann a dhliteanais a urscaoileadh de réir mar a bheadh siad dlite. Ina dhiaidh sin, i

mír 291 den bhreithiúnas sin, chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh, in aithris 24 den scéim réitigh faoi chonspóid, gur liostaigh BRA na himeachtaí poiblí éagsúla ba chúis, ó mhí Feabhra 2017 ar aghaidh, le meath tapa ar staid leachtachta Banco Popular agus méadú ar aistarraingtí taiscí. Ar deireadh, i mír 292 den bhreithiúnas sin, dúirt sé chomh maith, ina theannta sin, gur luaigh BRA, ón 12 Bealtaine 2017 ar aghaidh, nár chomhlíon an banc sin an ceanglas maidir le cumhdach leachtachta agus nach raibh sé fós in ann cloí le dáta glactha na scéime sin.

152 Sna himthosca sin, áitíonn an t-achomharcóir go mícheart nár cuireadh critéar san áireamh ach nárbh fhéidir airgead a instealladh go práinneach an 7 Meitheamh 2017. Os a choinne sin, ós rud é gur luadh gur diúltaíodh dá leithéid d'instealladh in aithris 26 den scéim, níor chuir BRA é san áireamh ach sa bhreis ar an méid dá dtagraítear i mír 151 den bhreithiúnas seo, a liostaítear in aithrisí 23 agus 24 den scéim sin.

153 Ina dhiaidh sin, is léir ó na cinntí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, nár mheas BRA agus an Chúirt Ghinearálta ar chor ar bith gur foras réitigh ab ea gan an ceanglas maidir le cumhdach leachtachta a chomhlíonadh, ann féin. Go deimhin, cuireadh an neamhchomhlíonadh sin san áireamh, mar aon le himthosca eile, chun a chinneadh go raibh Banco Popular, mar gheall ar fhadhbanna leachtachta, i staid chliste intuartha de réir bhrí (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(4) de Rialachán SRA, rud a thacaítear leis tríd na breithnithe a leagtar amach i míreanna 294 go 299 den bhreithiúnas faoi achomharc.

154 I ndáil leis na pointí sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, agus na tosca éagsúla dá dtagraítear i mír 151 den bhreithiúnas seo á gcur san áireamh, gur chomhlíon BRA, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 5(2) de Rialachán SRA, Treoirlínte ÚBE an 6 Lúnasa 2015 maidir le léiriú na gcásanna éagsúla ina meastar go bhfuil institiúid i staid chliste iarbhír nó intuartha faoi Airteagal 32(6) de Threoir 2014/59. De réir na dTreoirlínte sin, tá inchomhlíontacht na n-íoscheanglas leachtachta i measc a bhfuil le cur san áireamh chuige sin, *inter alia*.

155 Ar deireadh, i bhfianaise na dtosca go léir dá dtagraítear i mír 151 den bhreithiúnas seo, tá an t-achomharcóir mícheart le BRA a chur i gcionta leis an gcúis leis gan a shoiléiriú nach mór a mheas nach annamh an ghéarchéim í. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, go bunúsach, i mír 302 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur léir ó na tosca sin nárbh fhéidir a mheas gurbh annamh amháin fadhbanna leachtachta Banco Popular. Mheas an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, gur deimhníodh an cinneadh sin, mar a chuirtear san áireamh in aithris 36 den scéim réitigh faoi chonspóid chomh maith, gur chuir an banc sin in iúl do BCE, trí litir an 6 Meitheamh 2017, go raibh sé i staid chliste mar gheall ar fhadhbanna leachtachta.

156 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach bhfuil bunús leis an gcéad chuid den chéad shaincheist dlí.

(ii) An dara cuid den chéad shaincheist dlí

157 Áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 303 agus 315 den bhreithiúnas faoi achomharc, oibleagáid BRA faoi Airteagal 18(1)(a) agus (b) de Rialachán SRA, ar a dhualgas cúraim agus ar Airteagal 296 CFAE scrúdú a dhéanamh go críochnúil neamhchlaonta ar an bhfaisnéis ábhartha a scrúdú agus cúiseanna a lua lena chinneadh i bhfianaise na faisnéise sin.

158 Maidir le mír 303 den bhreithiúnas faoi achomharc, cé go dtugann an t-achomharcóir faoi deara, mar is ceart, gur chinn an Chúirt Ghinearálta sa mhír sin nach raibh na himthosca agus na cúiseanna a thug ar BCE a chinneadh gur cliseadh ar Banco Popular ábhartha, ba cheart a thabhairt faoi deara gur fhreagair an Chúirt Ghinearálta, tríd na forais sin, d'argóint an achomharcóra nach bhféadfaí fadhbanna leachtachta Banco Popular inchurtha i leith an bhainc sin ach go raibh siad mar thoradh ar chora eile sa scéal.

159 Ba mar fhreagairt ar an argóint sin a rialaigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, nach raibh na cúiseanna leis an gcliseadh ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar dhleathacht na scéime réitigh faoi chonspóid i bhfianaise Airteagal 18 de Rialachán SRA. Sna himthosca sin, ní féidir a mheas, sa mhír sin, gur chinn an Chúirt Ghinearálta nárbh fhéidir le BRA ach tagairt a dhéanamh do mheasúnú BCE ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular gan féachaint le faisnéis a fháil ina leith sin. Is amhlaidh is mó atá ós rud é, mar is léir ón anailís ar an gcéad chuid den chéad saincheist dlí, gur chinn an Chúirt Ghinearálta, go háirithe i míreanna 291 agus 302 den bhreithiúnas faoi achomharc, go raibh measúnú BRA bunaithe ní hamháin ar an measúnú sin ó BCE ach chomh maith ar imeachtaí eolais phoiblí agus ar litir Banco Popular an 6 Meitheamh 2017, inar cuireadh in iúl do BCE go raibh sé ag cliseadh mar gheall ar fhadhbanna leachtachta.

160 Maidir le mír 315 den bhreithiúnas faoi achomharc, is fíor gur chinn an Chúirt Ghinearálta nach féidir leis an achomharcóir BRA a chur i gcionta le scrúdú gan a dhéanamh, sa scéim réitigh faoi chonspóid, an bhféadfadh Banco Popular instealladh airgid práinneach sa bhreis a fháil.

161 Chun teacht ar an gconclúid sin, áfach, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire i míreanna 311 agus 313, ar an gcéad dul síos, gur léir ó Airteagal 3(2)(d) den scéim réitigh faoi chonspóid, nár leor instealladh airgid práinneach i bhfianaise luas an mheatha ar staid leachtachta Banco Popular, ar an dara dul síos, nárbh fhéidir airgead práinneach sa bhreis a instealladh a thuilleadh i ndiaidh cinneadh gur chlis an banc sin an lá tar éis an chéad insteallta airgid phráinnigh, agus, ar an tríú dul síos, nach raibh aon ról ag BRA maidir le hinstealladh airgid práinneach a sholáthar, rud a thagann faoi inniúlacht na mbanc ceannais náisiúnta.

162 Sna himthosca sin, bhí sé ar chumas na Cúirte Ginearálta a chinneadh, gan earráid dlí a dhéanamh, go ndearna BRA scrúdú, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, ar cé acu an féidir airgead sa bhreis a instealladh in Banco Popular go práinneach.

163 In aon chás, níl sé inchurtha i gcionta leis nár fhiosraigh sé na cúiseanna le hairgead sa bhreis gan a instealladh go práinneach in Banco Popular. Go deimhin, cuirtear glacadh scéime réitigh faoi réir an choinníll leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán SRA, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an t-eintiteas lena mbaineann i staid chliste iarbhír nó intuartha, agus ar an dara dul síos, i bhfianaise na sprioc-amanna is gá agus imthosca ábhartha eile, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go gcuirfí cosc ar chliseadh an eintitis laistigh de thréimhse ama réasúnta le bearta eile ón earnáil phríobháideach i leith an eintitis agus, ar an tríú dul síos, go bhfuil gá le beart réitigh ar mhaithe le leas an phobail. Ar an taobh eile, ní dhéantar aon tagairt san fhoráil sin do na cúiseanna atá leis an staid chliste ná le beart malartach gan bheith ann.

164 Ina theannta sin, dá gcuirfí na cúiseanna sin san áireamh, bheadh sé ar neamhréir le cuspóirí Rialachán SRA, lena bhféachtar, mar is léir go háirithe ó aithris 58 de, le cobhsaíocht airgid a chaomhnú, leanúnachas seirbhísí airgeadais riachtanacha a áirithiú agus taisceoirí a chosaint. Go háirithe, ní fhéadfaí cosc a chur ar BRA beart réitigh a ghlacadh leis na himthosca ba chúis le cliseadh an bhainc lena mbaineann, cé go bhfuil na coinníollacha go léir a leagtar síos sa chéad

fhomhír d'Airteagal 18(1) den Rialachán sin comhlíonta sa mhéid is go bhfuil an banc sin lena mbaineann ag cliseadh, níl aon réiteach malartach ann agus, go háirithe, tá réiteach i gcomhréir le leas an phobail.

165 I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, níl bunús leis an dara cuid den chéad saincheist dlí. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tsaincheist dlí sin ar fad toisc í a bheith gan bhunús.

3. An ceathrú saincheist dlí

166 Éilítear leis an gceathrú saincheist dlí sárú ar Airteagal 47 den Chairt, ar Airteagal 296 CFAE agus ar na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais. Áitíonn an t-achomharcóir gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 330 go 353 den bhreithiúnas faoi achomharc, nár luadh cúiseanna leis an scéim réitigh faoi cheist mar atá contrártha ná neamhleor. Tá dhá chuid sa tsaincheist dlí sin.

(a) Argóintí na bpáirtithe

167 Leis an gcéad chuid den cheathrú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 341 go 344 den bhreithiúnas faoi achomharc, go bhfuil neamhréiteach i lua na gcúiseanna leis an scéim réitigh faoi chonspóid sa mhéid gur chuir BRA, ar an gcéad dul síos, luach diúltach níos lú ná EUR 8.2 billiún i leith Banco Popular i bhfeidhmiú na cumhachta dímheasa, in Airteagail 6(3) agus 6(4) den scéim sin, agus, ar an dara dul síos, i gcomhthéacs luacháil 2, ar cuid dhílis den scéim sin é, go raibh an banc sócmhainneach.

168 Éilítear leis an dara cuid den tsaincheist dlí sin sárú ag an gCúirt Ghinearálta ar Airteagal 296 CFAE a mhéid a chinn sí, i míreanna 345 go 353 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur leor a luadh cúiseanna in aithrisí 23, 24 agus 26(c) den scéim réitigh faoi chonspóid chun tromchúis ghéarchéim leachtachta Banco Popular a thuiscint. Measann an t-achomharcóir, áfach, gur cineálach agus infheidhme maidir le haon ghéarchéim leachtachta an fhaisnéis atá sna haithrisí sin. Chun an ghéarchéim leachtachta sin a thuiscint a bhí Banco Popular thíos léi, ba cheart go mbeadh ag saineolaí eacnamaíoch faisnéis sa bhreis agus, go háirithe, figiúirí a léiríonn go beacht staid leachtachta an bhainc sin an 6 agus an 7 Meitheamh 2017. Ina theannta sin, ní raibh na cúiseanna leis nach ndearna Banco de España instealladh airgid práinneach sa bhreis ar na cúiseanna a luadh sa scéim réitigh.

169 Áitíonn BRA agus Banco Santander gur do-ghlactha an dá chuid den cheathrú saincheist dlí ar an bhforas nach ndéanann an t-achomharcóir ach athrá nó athfhriotal focal ar fhocal ar na saincheisteanna dlí agus na hargóintí arna gcur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, gan aon earráid dlí sa bhreithiúnas faoi achomharc a agairt.

170 In aon chás, maíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an gceathrú saincheist dlí.

(b) Breithniú na Cúirte

171 Maidir leis an gcéad chuid den cheathrú saincheist dlí, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i míreanna 342 go 344 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta cheana féin nach raibh cinneadh sócmhainneachta Banco Popular, bunaithe ar a luach de réir na leabhar, ar neamhréir leis an gcinneadh go raibh luach eacnamaíoch diúltach de níos lú ná EUR 8.2 billiún

ann. Ina achomharc, ní dhéanann an t-achomharcóir ach athrá ar a argóint lena n-éilítear go raibh neamhréiteach sna forais, gan an chúis a mhíniú a raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart a mheas, i míreanna 342 go 344 den bhreithiúnas sin, nár mhór idirdhealú a dhéanamh idir luach de réir na leabhar agus luach eacnamaíoch Banco Popular.

172 Dá bhrí sin, ní mór a mheas gur do-ghlactha i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 105 den bhreithiúnas seo an chéad chuid den cheathrú saincheist dlí, a mhéid nach ndéantar leis ach athrá ar ach na hargóintí arna dtíolacadh don Chúirt Ghinearálta cheana.

173 Maidir le hinghlacthacht an dara cuid dá cheathrú saincheist dlí, ní mór a thabhairt faoi deara, gan ach athrá a dhéanamh na arna dtíolacadh ag an gcéad chéim, go gcuireann an t-achomharcóir i gcoinne mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar an na cúiseanna arna lua in aithrisí 23, 24 agus 26(c) den scéim réitigh faoi chonspóid ar an bhforas, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, ó ba riachtanach na figiúirí sa scéim réitigh faoi chonspóid a bhí fós i bhfolach ar chúiseanna rúndachta chun géarchéim leachtachta Banco Popular a anailísiú agus a thuiscint.

174 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don phléadáil do-ghlacthachta arna hagairt ag BRA agus Banco Santander, a mhéid a bhaineann sí leis an dara cuid den cheathrú saincheist dlí.

175 Maidir leis an tsubstaint, is léir ó aithrisí 23 go 25 agus aithris 26(c) den scéim réitigh faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, raibh meath suntasach ar staid leachtachta Banco Popular ó mhí Dheireadh Fómhair 2016, mar thoradh ar aistarraingtí taiscí i ngach deighleog custaiméirí agus nach raibh roghanna leordhóthanacha ag an mbanc sin chun a staid eacnamaíoch a athbhunú d'fhonn a áirithiú go mbeadh sé in ann a dhliteanais a chomhlíonadh tráth a aibíochta, ina dhiaidh sin, gur laghdaigh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa rátáil chreidmheasa an bhainc sin i ndiaidh a chéile mar gheall ar an meath ar a staid leachtachta gur agus, ar deireadh, i bhfianaise an mheatha sin, gur tháinig BCE ar an gconclúid go raibh Banco Popular i staid chliste iarbhír nó intuartha. Ní mór a lua go nochtar go soiléir aonchiallach leis an bhfaisnéis sin an réasúnaíocht ar chloígh BRA léi, dá bhrí go gcomhlíontar na ceanglais atá le comhlíonadh agus cúiseanna a lua i gcás ina bhfuil faisnéis rúnda i gceist, i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 88(1) de Rialachán SRA, arna léiriú i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 117 agus 118 den bhreithiúnas sin.

176 Dá bhrí sin, níor sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 296 CFAE le rialú, i míreanna 345 go 353 den bhreithiúnas faoi achomharc, gurbh intuigthe tromchúis ghéarchéim leachtachta Banco Popular ón bhfaisnéis in aithrisí 23 go 25 agus 26(c) den scéim réitigh faoi chonspóid mar gheall ar aistarraingtí taiscí ba chúis leis an gcinneadh, ag BCE agus BRA, go raibh sé i staid chliste iarbhír nó intuartha, gan gá le heolas a bheith go díreach ar mhéid na n-aistarraingtí sin.

177 Is cosúil gur lú an gá líomhainte atá le heolas ar na méideanna sin agus ar fhigiúirí eile a bhfuil an t-achomharcóir ag brath orthu ós rud é go luaitear, in aithris 36 a ghabhann leis an scéim sin, go raibh bord stiúrthóirí Banco Popular ag teacht le measúnú BCE maidir lena staid chliste iarbhír nó intuartha, rud nach gcuireann an t-achomharcóir faoi chonspóid.

178 Dá bhrí sin, níl bunús leis an dara cuid den cheathrú saincheist dlí.

179 Mar sin, ní mór diúltú don cheathrú saincheist dlí toisc é a bheith do-ghlactha nó gan bhunús go páirteach.

4. An séú saincheist dlí

180 Lena séú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 6 de ECHR agus prionsabal *audi alteram partem* sa mhéid gur dhiúltaigh sí, i míreanna 721 go 728 den bhreithiúnas faoi achomharc, do na bearta fiosrúcháin a iarradh, ar an bhforas nach raibh siad ábhartha nó gur leor an t-ábhar sa chomhad chun go mbeadh an Chúirt Ghinearálta in ann rialú a dhéanamh. Tá trí chuid sa tsaincheist dlí sin.

(a) Argóintí na bpáirtithe

181 Leis an gcéad chuid den séú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, chun prionsabal na sáraíochta agus cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh, nár mhór don Chúirt Ghinearálta a ordú go dtabharfaí ar aird téacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid, luachálacha 1 agus 2, measúnú BCE ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular agus plean réitigh 2016. Go deimhin, ceanglaítear le prionsabal na sáraíochta ar na páirtithe in imeachtaí nach mór eolas a bheith infhaighte ag na páirtithe ar na doiciméid nó na barúlacha go léir a chuirtear faoi bhráid na cúirte chun tionchar a imirt ar a cinneadh agus chun iad a phlé. I gcás ina raibh corrlach lánroghnach ag an gCúirt Ghinearálta maidir le hábharthacht na fianaise a mheas, ní féidir léi a mheas gur fianaise é an gníomh féin atá faoi chonspóid nach bhfuil ábhartha do thoradh na díospóide. I ndáil leis sin, ní bhaineann rúndacht fhéideartha na ndoiciméad arna n-iarraidh, dar leis an achomharcóir, le hábhar, ós inréitithe na leasanna i gceist ag na gealltanais rúndachta faoi Airteagal 103(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

182 Maidir leis an dara cuid den tsaincheist dlí sin, measann an t-achomharcóir, mar thaca léi, gur cheart don Chúirt Ghinearálta glacadh le fianaise ó bhéal an tsaineolaí a shínigh an tuarascáil eacnamaíoch a thíolaic sé mar thaca lena caingean ag an gcéad chéim, a mhéid, dar léi, a bhí gá leis an bhfianaise sin chun an fhaisnéis theicniúil agus chasta atá sa scéim réitigh faoi chonspóid agus luachálacha 1 agus 2 a fhíorú agus a thuiscint agus, in aon chás, chun leigheasanna éifeachtacha a cheapadh.

183 Leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin, maíonn an t-achomharcóir nár mhór don Chúirt Ghinearálta a ordú go dtabharfaí ar aird doiciméid éagsúla dá réir go bhféadfaí a phlé cé acu an foras réitigh géarchéim leachtacha nó an bhfuil bearta níos comhréirí ná an scéim ann, amhail insealladh airgid práinneach.

184 Áitíonn an Coimisiún agus Banco Santander gur do-ghlactha an séú saincheist dlí, sa mhéid nach ndéanann an t-achomharcóir ach athrá agus athfhriotal focal ar fhocal ar na saincheisteanna dlí agus na hargóintí arna gcur ar aghaidh ag an gcéad chéim, fad a d'iarr sé ar an gCúirt Bhreithiúnas measúnú na Cúirte Ginearálta ar na fíorais agus ar an bhfianaise a chur in ionad a measúnú féin. Ina theannta sin, is ábhar do mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar na fíorais é cé acu an fianaiseach nó nach fianaiseach na doiciméid nós imeachta, rud nach dtagann faoi raon feidhme athbhreithnithe na Cúirte Breithiúnais mar chuid d'achomharc, ach amháin i gcás ina saobhadh ciall shoiléir na fianaise arna tíolacadh nó i gcás inar léir ó na doiciméid arna gcur leis an gcomhad gur mícheart ó thaobh an ábhair de chinntí na Cúirte Ginearálta. Ní chuireann an t-achomharcóir in iúl ach nach bhfuil sé i bhfách le measúnú na Cúirte Ginearálta, gan an saobhadh nó an míchruinneas substainteach sin a agairt.

185 In aon chás, maíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander nach bhfuil bunús le hargóintí an achomharcóra.

(b) Cinntí na Cúirte

(1) Inghlacthacht

186 Maidir leis na pléadálacha do-ghlacthachta arna n-ardú ag an gCoimisiún agus Banco Santander, ní mór a thabhairt faoi deara, leis an séú saincheist dlí, go gcáineann an t-achomharcóir léiriú agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 721 go 728 den bhreithiúnas faoi achomharc. I gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 106 den bhreithiúnas seo, ní féidir, dá bhrí sin, a dhearbhú gur do-ghlactha an séú saincheist dlí ina hiomláine.

187 Bíodh is gurb amhlaidh an cás, cuireann an Coimisiún agus Banco Santander in iúl, mar is ceart, gurb í an Chúirt Ghinearálta amháin a mheasann gur gá an fhaisnéis atá ar fáil di maidir leis na cásanna atá os a comhair a fhorlíonadh. Mar sin, braitheann a cineál fianaiseach nó neamhfhianaiseach ar an measúnú ar na fíorais dá chuid féin, rud nach bhfuil neart ag an gCúirt Bhreithiúnas air i ndáil le hachomharc, ach amháin i gcás shaobhadh na fianaise arna tíolacadh chuig an gCúirt Ghinearálta nó i gcás inar léir ó na doiciméid arna gcur leis an gcomhad go bhfuil cinntí na Cúirte míchruinn ó thaobh an ábhair de (breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Mamoli Robinetteria* v *an Coimisiún*, C-619/13 P, EU:C:2017:50, mír 117).

188 I gcomhthéacs an dara agus an tríú cuid den séú saincheist dlí, ní éilíonn an t-achomharcóir ach gur cheart don Chúirt Ghinearálta bearta áirithe fiosrúcháin a ordú, gan gearán a agairt, áfach, lena n-éilítear saobhadh nó míchruinneas substainteach na bhfíoras nó na fianaise ag an gCúirt Ghinearálta.

189 Dá bhrí sin, is do-ghlactha an dara agus an tríú cuid den séú saincheist dlí.

(2) Substaint

190 Maidir le substaint an chéad chuid den tsaincheist dlí sin, a mhéid a bhraitheann an t-achomharcóir ar shárú ar Airteagal 6 de ECHR, ní mór a thabhairt chun cuimhne, cé go ndeimhnítear le hAirteagal 6(3) CAE go bhfuil na cearta bunúsacha a aithnítear le ECHR ina gcuid de dhlí an Aontais mar phrionsabail ghinearálta agus go bhforáiltear dó le hAirteagal 52(3) den Chairt gurb ionann brí agus raon feidhme na gceart atá sa Chairt a chomhfhreagraíonn do na cearta a ráthaítear le ECHR agus na cearta a leagtar síos le ECHR, nach ionstraim dlí é atá comhtháite i ndlíchóras an Aontais fad nach n-aontaíonn an tAontas leis. Dá bhrí sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar dhleathacht ghníomhartha an Aontais ach amháin i bhfianaise na gceart bunúsach a ráthaítear leis an gCairt, go háirithe Airteagal 47 di (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Feabhra 2016, N., C-601/15 PPU, EU:C:2016:84, míreanna 45 agus 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

191 Maidir le prionsabal na sáraíochta, atá mar chuid de chearta na cosanta, a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an chéad chuid den séú saincheist measctha, ar an gcéad dul síos, leis na hargóintí arna n-agairt mar thaca leis an gcúigiú saincheist dlí a mhéid a mheasann an t-achomharcóir gur cheart don Chúirt Ghinearálta a ordú go dtabharfaí ar aird téacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid, luachálacha 1 agus 2, an measúnú ar staid chliste iarbhír nó intuartha Banco Popular agus plean réitigh 2016 a chéile. Mar sin féin, mar a rialaíodh i míreanna 117 agus 118 den bhreithiúnas seo, i bhfianaise na faisnéise rúnda atá sna doiciméid sin, ní féidir rath a bheith ar an argóint sin.

192 Ar an dara dul síos, tá an argóint lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na sáraíochta measctha, go bunúsach, leis an argóint gur bhunaigh an Chúirt Ghinearálta a scrúdú ar dhleathacht ar fhaisnéis atá sna doiciméid sin nár cuireadh in iúl don achomharcóir. Mar a cuireadh in iúl i mír 135 den bhreithiúnas seo, áfach, tá a leithéid d'éileamh tuairimeach ina iomláine agus tá sé bunaithe ar léamh ar mhír 278 den bhreithiúnas faoi achomharc chomh maith, ar léamh é atá mícheart go follasach. Sna himthosca sin, níl bunús leis an argóint lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na sáraíochta.

193 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don séú saincheist dlí toisc é a bheith do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

C. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 17 agus 52 den Chairt agus ar Airteagal 5(4) CAE

194 Lena sheachtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagail 17 agus 52 den Chairt agus Airteagal 5(4) CAE sa mhéid gur dhiúltaigh sí, i míreanna 150 go 219 den bhreithiúnas faoi achomharc, don phléadáil neamhdhleathachta, arna hagairt ar bhonn Airteagal 277 CFAE, a bhaineann le hAirteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA, lena n-éilítear cur isteach díréireach ar an gceart chun maoine agus easpa cúiteamh iomchuí. Tá cúig cuid sa tsaincheist dlí seo.

1. Argóintí na bpáirtithe

195 Leis an gcéad chuid go dtí an tríú cuid agus an cúigiú cuid den seachtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, ar an gcéad dul síos, go raibh an Chúirt Ghinearálta ag brath go mícheart, i mír 171 *et seq*. den bhreithiúnas faoi achomharc, ar an gcásdlí a d'eascair, go háirithe, as breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus páirtithe eile* (C-526/14, EU:C:2016:570), le cinneadh nach ionann Airteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA agus cur isteach díréireach ar cheart na scairschealbhóirí chun maoine, cé go mbaineann an cásdlí sin le bainc a raibh fadhbanna sócmhainneachta nó caillteanais acu a d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le heasnamh caipitil agus nach mór do na scairshealbhóirí a sheasamh, ar an gcéad dul síos. Thairis sin, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta *inter alia* i míreanna 171, 185 agus 204 den bhreithiúnas faoi achomharc, ní faoiseamh malartach do bhanc sócmhainneach é beart réitigh, ós rud é gur mó a leithéid de shócmhainní bainc ná a dhliteanais.

196 Ina dhiaidh sin, cuireann an t-achomharcóir i gcoinne an fhiúntais le diúltú don argóint, i míreanna 177 go 181 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach gceadaítear le hAirteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA imthosca ábhartha an cháis a chur san áireamh agus, go háirithe, sócmhainneacht an bhainc nó a chomhréireacht leis na ceanglais maidir le cóimheas caipitil. Tá foclaíocht chomh leathan sin in Airteagail 15, 21 agus 22 de Rialachán SRA gur féidir, sa chleachtas, an chumhacht dímheasa a fheidhmiú, cé nach bhfuil fadhbanna leachtachta bainc shócmhainnigh inréitithe le dímheas scairchaipitil, ar banc é, in éagmais easnaimh chaipitil, nach mbeadh caillteanais acu le tabhú ag na scairshealbhóirí.

197 Cáineann an t-achomharcóir míreanna 169 agus 175 go 189 den bhreithiúnas faoi achomharc chomh maith, ar an bhforas nach bhforáiltear le hAirteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA d'fhaoiseamh éagsúil do bhainc a bhfuil fadhbanna leachtachta acu, idir bhainc dhócmhainneacha agus bhainc shócmhainneacha. Níor ceapadh aon cheann de na huirlisí réitigh dá bhforáiltear in Airteagal 22 den Rialachán sin chun géarchéim leachtachta lena ndéantar difear

do bhanc sócmhainneach a réiteach. Dar leis an achomharcóir, tá faoiseamh malartach ann nach bhfuil chomh sáiteach céanna chun freagairt dá leithéid de ghéarchéim sin, amhail instealladh airgid práinneach nó an fhéidearthacht státchairde a chur ar íocaíochtaí.

198 Ar deireadh, i mír 201 *et seq.* den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart go bhforáiltear le hAirteagal 20(16) agus Airteagal 76(1)(e) de Rialachán SRA do chúiteamh leordhóthanach lena bhféadfaí comhréireacht an chur isteach ar cheart na scairshealbhóirí chun maoine a áirithiú, trína áirithiú gur lú fabhraí a chaitear le scairshealbhóirí ná mar a chaithfí leo i gcás dócmhainneachta. Sa mhéid a ghlactar leis, agus an cúiteamh dá bhforáiltear leis na forálacha sin á ríomh, go bhfuil an institiúid dócmhainneach, fiú má bhí an banc sócmhainneach agus nach raibh aon chaillteanas aige, ní chuirtear san áireamh sna forálacha sin imthosca sonracha na maoine díshealbhaithe agus éagsúlacht na staideanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn, murab ionann agus an méid a cheanglaítear le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a eascraíonn as breithiúnais an 21 Bealtaine 2002, *Jokela* v *an Fhionlainn* (CE:ECHR:2002:0521JUD002885695, § 53) agus an 25 Márta 1999, *Papachelas* v *an Ghréig* (CE:ECHR:1999:0325JUD003142396, § 53).

199 Sa chomhthéacs sin, cáineann an t-achomharcóir míreanna 191 agus 211 go 219 den bhreithiúnas faoi achomharc chomh maith, ar an bhforas, dar leis, nach ráthaítear le Rialachán SRA cóir chomhionann do na scairshealbhóirí uile agus ceart na scairshealbhóirí agus na gcreidiúnaithe chun cúiteamh cóir a fháil. Níl feidhm ag an gcúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 20(11) agus (12) den Rialachán sin, sa bhreis ar an gcúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 20(16), maidir le gach uirlis réitigh, ach bunaítear leis cóir neamhionann ag brath ar an uirlis réitigh arna húsáid.

200 Ina theannta sin, measann sí gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na comhréireachta, a mhéid a chinn sí, i mír 169 den bhreithiúnas faoi achomharc, go raibh údar leis an gcur isteach ar an gceart chun maoine a eascraíonn as dímheas ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha réitigh a eascraíonn as Airteagal 18 de Rialachán SRA.

201 Leis an gceathrú cuid den seachtú saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir gur sáraíodh prionsabal na comhréireachta a chumhdaítear in Airteagal 52(1) den Chairt agus in Airteagal 5(4) CAE, ar an bhforas nár chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh nach bhforáiltear le hAirteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA do shásraí chun comhréireacht fheidhmiú na cumhachta chun dímheas a áirithiú i gcásanna práinne. Go bunúsach, áitíonn sí go bhfágann na forálacha sin gur féidir, i gcás éigeandála, an chumhacht dímheasa a fheidhmiú gan luacháil a dhéanamh ar shócmhainní agus dliteanais an bhainc. Dá bhfaighfí amach ina dhiaidh sin, áfach, i gcomhthéacs luacháil chinntitheach *ex post*, gur mó glanluach shócmhainní an bhainc ná glanluach na ndliteanas, bheadh an lagú iomarcach nó fiú neamhriachtanach.

202 Áitíonn BRA agus Banco Santander go bhfuil an seachtú saincheist dlí neamh-inghlactha, ar an bhforas nach ndéanann an t-achomharcóir ach athrá ar na hargóintí arna gcur ar aghaidh cheana os comhair na Cúirte Ginearálta agus nach n-aithníonn sé aon earráid dlí arna déanamh ag an gCúirt Ghinearálta. Tugann an Chomhairle faoi deara, i gcomhthéacs an seachtú saincheist dlí, gur cosúil go bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh bailíocht ní Airteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA, ag an gcéad chéim, ach bailíocht fhorálacha eile an Rialacháin sin chomh maith, go háirithe Airteagail 18, 20 agus 21 de, a thabhairt faoi cheist cé nach gcuireann sé i gcoinne dhleathacht na nAirteagal sin os comhair na Cúirte Ginearálta.

203 Ar aon chuma, áitíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne, agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an seachtú saincheist dlí.

2. Cinntí na Cúirte

(a) Inghlacthacht

204 Maidir leis an pléadáil do-ghlacthachta arna hagairt ag BRA agus Banco Santander, ní mór a thabhairt faoi deara go n-áitíonn an t-achomharcóir, leis an seachtú saincheist dlí dá chuid, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart dá phléadáil go sáraítear le hAirteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA an ceart chun maoine a ráthaítear in Airteagal 17 den Chairt agus, go sonrach, prionsabal na comhréireachta a chumhdaítear in Airteagal 51(1) de agus in Airteagal 5(4) CAE, agus na míreanna den bhreithiúnas faoi achomharc agus na hargóintí ar a bhfuil sé ag brath á sonrú aici. Dá bhrí sin, ní féidir a dhearbhú go bhfuil an tsaincheist dlí sin neamh-inghlactha ina hiomláine.

205 Maidir leis an bpléadáil do-ghlacthachta arna hardú ag an gComhairle, cé go dtagraíonn an t-achomharcóir d'Airteagail 18, 20 agus 21 de Rialachán SRA chomh maith, ní agraíonn sé argóintí nua lena dtugtar faoi cheist dhleathacht na nAirteagal sin, ach cuireann sé san áireamh iad chun bunús a thabhairt lena argóintí a bhaineann le neamhdhleathacht líomhainte Airteagail 15 agus 22 den Rialachán sin a d'ardaigh sé cheana os comhair na Cúirte Ginearálta.

206 Bíodh is amhlaidh an cás, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 105 dá Tuairim, is do-ghlactha an ceathrú cuid den tsaincheist dlí sin, a mhéid nach n-aithnítear go beacht leis an achomharc, de shárú ar an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 169(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, na pointí sna forais atá á gcáineadh. Cuirtear bac leis an easpa beachtais sin ar an athbhreithniú ar dhleathacht atá le déanamh ag an gCúirt.

207 Ina theannta sin, mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl, agus an ceart aici, sa mhír chéanna dá Tuairim, gur do-ghlactha go páirteach an cúigiú cuid den seachtú saincheist dlí, ó thaobh hidirdhealú a eascraíonn as roghnú na huirlise réitigh. Ós rud é, mar is léir ó mhír 190 *et seq*. den bhreithiúnas faoi achomharc, nár agair an t-achomharcóir ag an gcéad chéim a leithéid d'idirdhealú idir uirlisí réitigh éagsúla ach idirdhealú idir aicmí éagsúla creidiúnaithe.Dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú gur argóint nua neamh-inghlactha é seo ag céim an achomhairc.

(b) Substaint

208 Lena sheachtú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 150 go 219 den bhreithiúnas faoi achomharc, dá phléadáil neamhdhleathachta a bhaineann le hAirteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA, lena n-éilítear cur isteach díréireach ar an gceart chun maoine agus easpa cúiteamh iomchuí na scairshealbhóirí.

209 Mar is léir ón mbreithiúnas faoi achomharc, bhain an phléadáil neamhdhleathachta sin, go sonrach, le hAirteagal 15(1)(a) den Rialachán sin, lena leagtar síos prionsabal ginearálta an réitigh, ar dá réir gurb iad scairshealbhóirí na hinstitiúide faoi réiteach na chéad scairshealbhóirí a thabhódh na caillteanais, agus le hAirteagal 22(1) den Rialachán sin.

210 Foráiltear dó leis an bhforáil dheireanach sin, agus an prionsabal dá dtagraítear sa mhír roimhe seo á chur i bhfeidhm, i gcás ina gcinnfidh BRA uirlis réitigh a chur i bhfeidhm agus go mbeidh caillteanais a thabhóidh creidiúnaithe nó comhshó a n-éileamh mar thoradh ar an mbeart réitigh

sin, go bhfuil ar BRA treoir a thabhairt, díreach sula gcuirfear an uirlis réitigh i bhfeidhm nó ar a cur i bhfeidhm, do na húdaráis réitigh náisiúnta an chumhacht a fheidhmiú chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhímheas agus a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin.

211 Maidir leis an gceart chun maoine a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt, ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir fhomhír 1 den Airteagal sin, '[t]á ag gach duine an ceart chun a shealúchais nó a sealúchais arna bhfáil go dleathach a shealbhú, a úsáid, a dhiúscairt agus a thiomnú. Ní fhéadfar a shealúchais nó a sealúchais a cheilt ar dhuine ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí agus sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí, ach sin faoi réir cúiteamh cóir a íoc in am trátha mar chomaoin ar chailleadh na sealúchas sin. Féadfar úsáid maoine a rialáil le dlí a mhéad is gá sin ar mhaithe leis an leas ginearálta.'.

212 Tagann ionstraimí cothromais, amhail scaireanna, faoi raon feidhme Airteagal 17(1) den Chairt, a mhéid atá luach sócmhainne acu agus a thugann siad seasamh dlíthiúil faighte dá sealbhóir lena ndéantar gurb infheidhmithe go neamhspleách na cearta a eascraíonn as sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, míreanna 40 agus 43).

213 I gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt, a mhéid atá cearta ann a fhreagraíonn do chearta arna ráthú le ECHR, is ionann brí agus raon feidhme na gceart sin agus na cearta a leagtar síos leis an gCoinbhinsiún sin. Ní chuirtear cosc, áfach, leis an bhforáil sin ar dhlí an Aontais cosaint níos forleithne a sholáthar. Dá bhrí sin, chun Airteagal 17 den Chairt a léiriú, is gá cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 1 dePhrótacal Breise Uimh. 1 le ECHR, arna shíniú i bPáras an 20 Márta 1952, lena gcumhdaítear cosaint an chirt chun maoine, a chur san áireamh mar íostairseach cosanta (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Bealtaine 2019, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Ceart chun talamh talmhaíochta a úsáid)*, C-235/17, EU:C:2019:432, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

214 Mar a chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go comhsheasmhach maidir le hAirteagal 1 de Phrótacal Breise Uimh. 1 le ECHR, ní mór a chinneadh go bhfuil trí fhoráil ar leith in Airteagal 17(1) den Chairt. Leis an gcéad cheann, a chuirtear in iúl sa chéad abairt den fhoráil sin agus atá de chineál ginearálta, léirítear go nithiúil prionsabal na hurraime do mhaoin. Baineann an dara habairt, atá sa dara habairt den fhoráil sin, le díothacht an chirt sin agus fágann sí go bhfuil sí faoi réir coinníollacha áirithe. Maidir leis an tríú habairt den fhoráil sin, tugann sí an chumhacht do Stáit, *inter alia*, úsáid maoine a rialú a mhéid is gá ar mhaithe le leas an phobail. Mar sin féin, ní rialacha iad seo nach bhfuil aon bhaint acu lena chéile. Baineann an dara agus an tríú riail le samplaí sonracha de chur isteach ar an gceart chun maoine agus ní mór iad a léiriú i bhfianaise an phrionsabail a chumhdaítear sa chéad cheann de na rialacha sin (breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 38).

215 De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, chun a shuíomh gurb ann do chailleadh maoine, is gá ní hamháin scrúdú a dhéanamh ar chur as seilbh fhoirmiúil nó díshealbhú foirmiúil, ach scrúdú a dhéanamh chomh maith arbh ionann an staid faoi chonspóid agus díshealbhú *de facto* (breithiúnas na Cúirte an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 44; ECtHR, 28 Iúil 1999, *Immobiliare Saffi* v *an Iodáil*, CE:ECHR:1999:0728JUD002277493, § 46; ECtHR, 29 Márta 2010, *Depalle* v *an Fhrainc*, CE:ECHR:2010:0329JUD003404402, § 78).

216 Sa chás seo, is éard atá sa bheart réitigh dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán SRA, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21 den Rialachán sin, ionstraimí cothromais a chomhshó agus/nó a dhímheas, gan na hionstraimí lena mbaineann a chur as seilbh ná a dhíshealbhú go foirmiúil, áfach. Go háirithe, ní dhéantar leis an mbeart sin na cearta a eascraíonn as na hionstraimí sin a bhaint dá sealbhóirí go héigeantach, go hiomlán agus go cinntitheach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Bealtaine 2019, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Cearta chun talamh talmhaíochta a úsáid)*, C-235/17, EU:C:2019:432, mír 81).

217 Maidir leis an gceist an bhféadfadh díshealbhú *de facto* a bheith mar thoradh ar a leithéid de bheart a ghlacadh, i gcás ionstraimí cothromais a dhíshealbhú go suntasach nó fiú go hiomlán, ní mór a thabhairt chun cuimhne go nglactar leis, mar is léir ó Airteagal 22(2) de Rialachán SRA, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 18(6)(b) den Rialachán sin, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm scéime réitigh a leagtar síos in (a) go (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(1), leis an Rialachán sin, eadhon, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an t-eintiteas i gceist i staid chliste iarbhír nó intuartha, ar an dara dul síos, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go bhféadfaí cosc a chur trí bhearta ón earnáil phríobháideach nó stuamachta leis an gcliseadh laistigh de thréimhse ama réasúnta agus, ar an tríú dul síos, go bhfuil gá le beart réitigh a ghlacadh ar mhaithe le leas an phobail.

218 Leanann sé ó Airteagal 18(5) agus (8) den Rialachán sin, i gcás ina gcomhlíontar an chéad dá choinníoll, dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, a bhaineann le staid chliste iarbhír nó intuartha agus an easpa beart malartach, nach mór an t-eintiteas lena mbaineann a leachtú go rianúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme mura bhfuil a réiteach chun leas an phobail. Is léir, dá bhrí sin, cé go bhforáiltear dó le (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(4) den Rialachán sin go measfar go bhfuil an t-eintiteas lena mbaineann i staid chliste iarbhír nó intuartha i gcás nach bhfuil an t-eintiteas sin in ann a fhiacha nó a dhliteanais eile a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite, nó nach amhlaidh a bheidh sé go gairid, go ndéantar le Rialachán SRA nach bhfuil scéim réitigh inghlactha ach le haghaidh géarchéimeanna leachtachta eisceachtúla lena dtugtar faoi cheist an ann fiú don eintiteas sin, nach bhfuil aon fhaoiseamh eile ann seachas réiteach nó leachtacht de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta.

219 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nach bhfuil caillteanas luacha na n-ionstraimí cothromais mar thoradh ar fheidhmiú na cumhachta dímheasa agus comhshó faoi Airteagal 22(1) de Rialachán SRA, ach mar thoradh ar chliseadh nó ar bhaol cliste na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 48).

220 Dá bhrí sin, is ionann beart réitigh arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 18, 22 agus 24 de Rialachán SRA agus cailleadh maoine, de réir bhrí an dara habairt d'Airteagal 17(1) den Chairt, nach mór aghaidh a thabhairt leis, *inter alia*, ar na coinníollacha maidir le cúis mhaith phoiblí a bheith ann chun maoin a chailleadh agus cúiteamh cóir a íoc in am trátha, ach ar rialú ar úsáid maoine, de réir bhrí an tríú habairt d'Airteagal 17(1) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, míreanna 49 agus 50).

221 Is léir ó fhoclaíocht na forála deiridh sin go bhféadfaí úsáid maoine a rialú le dlí a mhéid is gá ar mhaithe le leas an phobail. Thairis sin, de réir chásdlí na Cúirte, ní saincheart daingean é an ceart chun maoine a ráthaítear le hAirteagal 17 den Chairt agus d'fhéadfaí srianta a chur le feidhmiú an chirt sin a bhfuil údar leo de bharr cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2016, *Ledra Advertising agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus BCE*, C-8/15 P go C-10/15 P, EU:C:2016:701, mír 69).

222 I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt, ní mór ábhar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a chomhlíonadh agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfaí teorainneacha a chur leis na cearta agus na saoirsí sin ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraítear leo i ndáiríre do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Leis an dara fomhír d'Airteagal 5(4) CAE, ceanglaítear go sonrach ar institiúidí an Aontais an prionsabal comhréireachta sin a chomhlíonadh i gcás ina ngníomhaíonn siad i bhfeidhmiú inniúlachta a thugtar dóibh.

223 I ndáil leis sin, d'aithin an Chúirt go bhfuil ag reachtas an Aontais corrlach lánroghnach mór, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó, i gcás ina bhfuil roghanna polaitíochta, eacnamaíocha agus sóisialta i gceist le caingean agus ina n-iarrtar air measúnaithe casta agus breithmheas casta a dhéanamh (breithiúnais an 30 Eanáir 2019, *Planta Tabak*, C-220/17, EU:C:2019:76, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Meitheamh 2019, P. M. agus páirtithe eile, C-264/18, EU:C:2019:472, mír 26). Agus Rialachán SRA á ghlacadh, bhí na roghanna sin le déanamh ag reachtas an Aontais, fad a iarradh air measúnuithe agus breithmheas casta a dhéanamh.

224 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór don Chúirt Bhreithiúnais scrúdú a dhéanamh, a mhéid is inghlactha iad, ar na hargóintí arna gcur chun cinn ag an achomharcóir mar thaca leis an gcéad chuid go dtí an tríú cuid agus an cúigiú cuid den seachtú saincheist dlí.

225 Mar thaca leis an tsaincheist dlí sin, maíonn an t-achomharcóir nach gcomhlíontar prionsabal na comhréireachta le hAirteagal 15(1)(a) agus Airteagal 22(1) de Rialachán SRA, ar an bhforas nach gceadaítear leis na forálacha sin a bhfuil idir cás bainc atá thíos le géarchéim leachtachta agus cás bainc dhócmhainnigh a chur san áireamh. Go sonrach, áitíonn sí, go bunúsach, nach bhfuil fadhbanna leachtachta inréitithe le beart comhshó agus dímheasa, go bhfuil bearta nach bhfuil chomh sriantach sin ann chuige sin agus, in éagmais cúiteamh leordhóthanach, nach bhfuil a leithéid de bheart comhréireach.

226 Ní mór a lua gur léamh ar na forálacha sin atá mícheart go follasach is bun leis na hargóintí sin.

227 Maidir le hinréititheacht fadhbanna leachtachta le beart comhshó agus dímheasa, is ríléir ó fhoclaíocht Airteagal 22(1) den Rialachán sin, nach bhforáiltear d'fheidhmiú na cumhachta comhshó agus dímheasa ach amháin i gcás ina mbeadh caillteanais ag creidiúnaithe nó ina dímheasfaí nó ina gcomhshófaí a gcuid éileamh ar aon slí eile de thoradh ar an uirlis réitigh arna roghnú ag BRA. Tugtar le tuiscint uaidh sin gur chinn an Chúirt Ghinearálta, gan earráid dlí a dhéanamh, i míreanna 177 go 181 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach bhfuil feidhm uathoibríoch ag an bhforáil sin faoi na dálaí uile, ach tá dálaí gach cáis ar leith inchurtha san áireamh aici.

228 Go háirithe, tugtar le tuiscint ó théarmaí Airteagal 22(1) den Rialachán sin go bhforáiltear leis nach é chun fadhbanna leachtachta an eintitis lena mbaineann a réiteach a fhoráiltear le hAirteagal 22(1) den Rialachán sin d'ionstraimí cothromais a dhímheas agus/nó a chomhshó, ach, a mhéid is féidir, chun fanacht glan ar chaillteanais a bheith ag creidiúnaithe nó comhshó a gcuid éileamh a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm na hionstraime réitigh arna roghnú ag BRA. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceartú, i mír 156 den bhreithiúnas faoi achomharc, gan bheith cáinte ag an achomharcóir, is ionann an dímheas agus an comhshó dá bhforáiltear leis an bhforáil sin agus cur i bhfeidhm an phrionsabail, a leagtar síos in Airteagal 15(1)(a) den Rialachán sin, gurb iad na scairshealbhóirí na chéad scairshealbhóirí a thabhóidh na caillteanais.

229 Sna himthosca sin, ní fheadfaí géilleadh don argóint nach iomchuí an beart dímheasa dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán SRA chun cur leis an gcuspóir maidir leis na fadhbanna leachtachta atá ag banc sócmhainneach a réiteach.

230 Sa chomhthéacs sin, maidir le míreanna 169 agus 175 go 189 den bhreithiúnas faoi achomharc, is leor a thabhairt faoi deara, sna míreanna sin, nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta comhréireacht na n-uirlisí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán SRA, ach comhréireacht fheidhmiú na cumhachta dímheasa agus comhshó faoi Airteagal 22(1) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, níl feidhm leis an ngearán maidir leis na fadhbanna leachtacha atá ag banc sócmhainneach a bheith inréitithe ag na huirlisí sin.

231 Sa mhéid a cáineann an t-achomharcóir míreanna 169 agus 175 go 189 sin chomh maith ar an bhforas go bhfuil bearta malartacha ann nach bhfuil chomh sáiteach le beart réitigh, ní mór a thabhairt chun cuimhne, maidir leis an gcritéar riachtanais, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán SRA, arna léamh i gcomhar leis an gcéad fhomhír (b) d'Airteagal 18(1) den Rialachán SRA sin, go dtoimhdítear le scéim réitigh a ghlacadh agus, dá bhrí sin, le feidhmiú na cumhachta dímheasa agus comhshó, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur dócha go gcuirfí cosc leis an gcliseadh sin laistigh de thréimhse ama réasúnta trí bhearta san earnáil phríobháideach nó trí bhearta stuamachta eile. Ós in-fheidhmithe an chumhacht dímheasa sin i gcás nach bhfuil bearta malartacha ann amháin, ní leor a leithéid de bhearta malartacha a líomhnaítear a bheith ann chun an gá a thabhairt faoi cheist atá le dímheas agus comhshó faoi Airteagal 22(1) de Rialachán SRA.

232 Maidir le cineál comhréireach an bhirt dímheasa nó comhshó, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 7(2) de Rialachán SRA, go bhfuil BRA freagrach as cinntí réitigh a ghlacadh a bhaineann le hinstitiúidí agus grúpaí airgeadais trasteorann a bhfuil tábhacht áirithe ag baint leo don chobhsaíocht airgeadais san Aontas. Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 14(2)(b) den Rialachán sin, lena leagtar amach na cuspóirí do réiteach, go bhféachtar le beart réitigh na héifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an gcobhsaíocht airgeadais sin a sheachaint.

233 Ar an dara dul síos, ní mór a chur san áireamh, mar a tugadh faoi deara i mír 218 den bhreithiúnas seo, go ndéantar leis na coinníollacha réitigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) den Rialachán sin nach mbaineann glacadh scéime réitigh ach le géarchéimeanna eisceachtúla leachtanna atá ina mbaol eiseach fiú ar an eintiteas lena mbaineann, i gcás nach bhfuil aon fhaoiseamh uathu ach réiteach nó leachtacht de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, i míreanna 171, 185 agus 204 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur faoiseamh é réiteach atá malartach ar ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.

234 Ina theannta sin, cé gur féidir gurb é is cúis le staid chliste iarbhír nó intuartha, mar a luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(4)(b) agus (c) de Rialachán SRA, ná dócmhainneacht agus géarchéim leachtachta na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann, tá an baol céanna ann don chobhsaíocht airgeadais sin ag an gcliseadh iarbhír nó intuartha dá bharr.

235 Sna himthosca sin, an cásdlí ó bhreithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus páirtithe eile* (C-526/14, EU:C:2016:570, mír 74) ba bhun ag an gCúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, le rialú, de réir analach, i gcás eintiteas atá faoi réir beart comhshóite, go bhfuil cur i bhfeidhm an phrionsabail go dtabhódh na scairshealbhóirí a gcaillteanais ar dtús, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 15(1)(a) de Rialachán BRA agus feidhmiú na cumhachta chun ionstraimí cothromais a dhímheas agus a chomhshó, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 22(1) den Rialachán sin, ina thoradh ar an mbaol a

bhaineann lena n-infheistíochtaí a thabhú ag na scairshealbhóirí an baol a bhaineann lena n-infheistíochtaí agus ina dtorthaí eacnamaíochta maidir le réiteach an eintitis arb amhlaidh nó arb intuartha a chliseadh.

236 Ní thugtar an measúnú sin faoi cheist le hargóint an achomharcóra nach dócha go mbeadh ar bhanc sócmhainneach dul i ngleic le fadhbanna leachtachta at bheidh le tabhú ag na scairshealbhóirí. Foráiltear dó le hAirteagal 22(4) de Rialachán SRA go bhfuil na huirlisí réitigh le cur i bhfeidhm chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin a bhaint amach, i gcomhréir le prionsabail an réitigh a leagtar amach in Airteagal 15 den Rialachán sin, nach n-áirítear iontu cuspóirí chaillteanais na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann a íoc. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhfuil dímheas agus/nó comhshó ionstraimí cothromais dá bhforáiltear in Airteagal 22(1) de Rialachán SRA, lena gcuirtear le baint amach na gcuspóirí sin, beartaithe chun caillteanais arna dtabhú ag an eintiteas lena mbaineann a thabhú, ní ghlactar leis gurb ann dá leithéid de chaillteanais lena chur i bhfeidhm.

237 Maidir leis an gcúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 20(16) agus in Airteagal 76(1)(e) de Rialachán SRA, tugadh chun cuimhne mír 220 den bhreithiúnas seo nach ionann feidhmiú na cumhachta chun ionstraimí cothromais a dhímheas agus a chomhshó faoi Airteagal 22(1) den Rialachán sin agus cailleadh maoine, rud a fhágann nach gceanglaítear air, faoin dara habairt d'Airteagal 17(1) den Chairt, cúiteamh cóir a íoc in am trátha.

238 Bíodh gurb amhlaidh an cás, ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 20(16) agus Airteagal 76(1)(e) de Rialachán SRA, i gcás inarb iomchuí, do scairshealbhóirí a chúiteamh, is dócha go gcuirfear le comhréireacht dímheasa agus/nó comhshó ionstraimí cothromais, dá bhforáiltear in Airteagal 22(1) den Rialachán sin. Ina theannta sin, i bhfianaise mhíreanna 234 go 236 de na breithnithe a leagtar amach sa bhreithiúnas seo, áitíonn an t-achomharcóir go mícheart nach mór caitheamh le scairshealbhóirí bainc shócmhainnigh atá gan cosaint ar fhadhbanna leachtachta go héagsúil ó scairshealbhóirí bainc dhócmhainnigh. Dá bhrí sin, ní mór diúltú do na gearáin i mír 201 *et seq*. den bhreithiúnas faoi achomharc.

239 Thairis sin, léamh atá mícheart go follasach ó thaobh an mhéid sin is bun le gearán an achomharcóra i gcoinne mhír 169 den bhreithiúnas faoi achomharc. Go deimhin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta ach a thabhairt dá haire, agus an ceart aici, go nglactar trí chur i bhfeidhm Airteagail 15 agus 22 de Rialachán SRA le comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le beart réitigh a glacadh, gan aon rialú a thabhairt go bhfuil údar leis an gcur isteach ar an gceartú maoine de dheasca na dímheasa ó chomhlíontar na coinníollacha.

240 Dá bhrí sin, níl bunús leis an gcéad chuid go dtí an tríú cuid agus an cúigiú cuid den seachtú saincheist dlí.

241 Dá réir sin, tá an seachtú saincheist dlí do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

D. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 14 agus 20 de Rialachán SRA, Airteagal 39 de Threoir 2014/59 ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 296 CFAE

242 Lena dhara saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, i míreanna 520 go 569 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, de shárú ar Airteagail 14 agus 20 de Rialachán SRA, Airteagal 39 de Threoir 2014/59, an dualgas cúraim agus Airteagal 296 CFAE, dá argóint go raibh próiseas díola Banco Popular curtha ó mhaith ag mírialachtaí agus nach raibh an praghas is airde infhaighte leis. Tá ceithre chuid sa tsaincheist dlí sin.

1. Argóintí na bpáirtithe

243 Leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí le cinneadh, i míreanna 522 agus 568 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach bhfuil sé ar chuspóirí an réitigh a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán SRA an praghas díola a uasmhéadú, cé, dar léi, go leanann sé sin as léamh ar Airteagal 14 den Rialachán sin agus Airteagal 39 de Threoir 2014/59 in éineacht. Chun an cuspóir maidir le praghas a uasmhéadú a bhaint amach, is gá critéir na hiomaíochta, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe a leagtar amach in Airteagal 39(2) den Treoir sin a chomhlíonadh. Sa chás seo, áfach, níor comhlíonadh na ceanglais sin ós rud é gur glacadh le tairiscint Banco Santander, cé gur tíolacadh í agus an spriocdháta thart, gan na ceannaitheoirí ionchasacha eile, go háirithe Banco Bilbao Vizcaya Argentaria, a bheith curtha ar an eolas go bhféadfaí tairiscint a thaisceadh tar éis an sprioc-ama dá bhforáiltear.

244 Leis an dara cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta ceanglais na hiomaíochta agus uasmhéadú an phraghais díola, de réir Airteagal 14 de Rialachán SRA, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 39(2) de Threoir 2014/59, trí mhaíomh, i míreanna 544 go 551 den bhreithiúnas faoi achomharc, go bhféadfadh BRA gan ach cuireadh a thabhairt don phróiseas díola don chúigear ceannaitheoirí ionchasacha a staon, le linn na n-imeachtaí díola phríobháidigh, ó thairiscint a thíolacadh. Go deimhin, léirítear le teip na n-imeachtaí sin nár spéis leis na ceannaitheoirí ionchasacha sin i smacht a fháil ar Banco Popular, dá bhrí nach raibh ach teip i ndán don phróiseas díola arna thionscnamh ag BRA chomh maith.

245 Éilítear leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin gur sáraíodh prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta. De réir an achomharcóra, sháraigh an Chúirt Ghinearálta na prionsabail sin trí dhearbhú, i míreanna 551 agus 552 den bhreithiúnas faoi achomharc, nár ceanglaíodh ar BRA teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit eile. Ós rud é nár léirigh na hinstitiúidí sin go raibh spéis acu sna himeachtaí díola phríobháidigh, ní féidir údar a thabhairt le teagmháil gan a dhéanamh leo, i bhfianaise na ndifríochtaí i gcoinníollacha na n-imeachtaí díola phríobháidigh agus i gcoinníollacha an phróisis díola a sheol BRA agus go háirithe na féidearthachta an caipiteal a dhímheas. Thairis sin, cuireadh leis an mbaol go loicfeadh ar gheilleagar na Spáinne trí Banco Popular a dhíol le heintiteas de chuid na Spáinne.

246 Leis an gceathrú cuid den dara saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid maidir leis an bpraghas díola a uasmhéadú agus aon scriosadh neamhriachtanach luacha a sheachaint, trí dhearbhú, i míreanna 561 go 566 den bhreithiúnas faoi achomharc, go bhféadfadh forais leasa phoiblí a bheith ina n-údar le glacadh leis an tairiscint arna tairgeadh agus an spriocdháta thart ag Banco Santander.

247 Áitíonn Banco Santander gur do-ghlactha an dara saincheist dlí, ar an bhforas nach ndéanann an t-achomharcóir ach athrá agus athfhriotal focal ar fhocal ar na saincheisteanna dlí agus na hargóintí arna dtíolacadh aige os comhair na Cúirte Ginearálta. Ar na cúiseanna sin, maíonn an Coimisiún, BRA, agus Ríocht na Spáinne gur do-ghlactha go páirteach an chéad chuid go dtí an tríú cuid den tsaincheist dlí sin.

248 Cuireann BRA leis an tríú cuid gur do-ghlactha an argóint lena n-éilítear go gcuirfí leis an mbaol do gheilleagar na Spáinne ós rud é nár ardaíodh ag an gcéad chéim í. Dar léi, is do-ghlactha an ceathrú cuid den saincheist dlí sin, ar an bhforas nach léiríonn an t-achomharcóir riail dlí an Aontais arna sárú go líomhainte.

249 Ar aon chuma, áitíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne, agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an dara saincheist dlí.

2. Measúnú na Cúirte

(a) Inghlacthacht

250 Lena dhara saincheist dlí, cáineann an t-achomharcóir, go bunúsach, na breithnithe ar dá réir a dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá argóintí maidir le mírialachtaí líomhainte sa phróiseas díola. Sa mhéid go bhfuil mionsonraí sa chéad, sa dara agus sa cheathrú cuid den tsaincheist dlí sin maidir leis na míreanna den bhreithiúnas faoi achomharc atá faoi chonspóid agus na hargóintí is bun leo, ní fhéadfaí a dhearbhú, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 106 den bhreithiúnas seo, gur do-ghlactha iad.

251 Thairis sin, ós rud é go n-éilítear leis na codanna sin go léir sárú ar Airteagail 14 agus 20 de Rialachán SRA, ar Airteagal 39 de Threoir 2014/59, ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 296 CFAE, áitíonn BRA go mícheart gur do-ghlactha an ceathrú cuid den tsaincheist dlí sin, ar an bhforas nár shonraigh an t-achomharcóir an riail dlí arna sárú go líomhainte.

252 Os a choinne sin, maidir leis an tríú cuid den dara saincheist dlí, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i míreanna 551 agus 552 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don argóint lena n-éilítear idirdhealú líomhainte i gcoinne Ballstáit eile ar an bhforas, *inter alia*, nach léir ón iarratas tionscanta imeachtaí an chaoi a bhféadfadh spéis a bheith ag a leithéid d'institiúidí sa phróiseas díola poiblí, bíodh is nár léirigh gur spéis leo smacht a fháil ar an mbanc sin le linn na n-imeachtaí díola phríobháidigh. Bíodh is go soiléiríonn an t-achomharcóir anois, ina achomharc, a bhfuil is féidir a bheith ina leithéid de spéis, ní áitíonn sé, áfach, gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as a iarratas tionscanta imeachta chuige sin. Ní chruthaíonn sé gur baineadh míbhrí as mar sin *a fortiori*. Mar sin, is do-ghlactha a argóintí maidir lena leithéid de spéis, i gcomhréir leis na gcásdlí arna thabhairt chun cuimhne i mír 109 den bhreithiúnas seo.

253 Maidir leis an argóint lena n-éilítear go gcuirfí leis an mbaol do chobhsaíocht gheilleagar na Spáinne, a agraíodh chun tacú leis an gcuid sin den tsaincheist dlí, áitíonn BRA, agus an ceart aige, gur do-ghlactha an argóint sin ós rud é nár ardaíodh an argóint sin ag an gcéad chéim. Go deimhin, is cásdlí comhsheasmhach é, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 170(1) de Rialacha Nós Imeachta, nach bhfuil ábhar díospóide os comhair na Cúirte Ginearálta in-athraithe le hachomharc. Is léir ó chásdlí comhsheasmhach chomh maith gurb ionann cead a thabhairt do pháirtí gearán a dhéanamh den chéad uair os comhair na Cúirte Bhreithiúnais nár agair sé os comhair na Cúirte Ginearálta agus údar a thabhairt dó díospóid níos leithne a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, a bhfuil dlínse theoranta aici i ndáil le hachomharc, ná an díospóid bhí os comhair na Cúirte Ginearálta. Mar chuid d'achomharc, níl dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais, dá bhrí sin, ach chun scrúdú a dhéanamh ar mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar na saincheisteanna dlí agus ar na hargóintí arna gcur trí chéile os a comhair (breithiúnas an 18 Eanáir 2024, Jenkinson v an Chomhairle agus páirtithe eile, C-46/22 P, EU:C:2024:50, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

254 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tríú cuid den dara saincheist dlí toisc í a bheith do-ghlactha.

(b) Substaint

255 Éilítear leis an dara saincheist dlí, a bhaineann le míreanna 520 go 569 den bhreithiúnas faoi achomharc, sárú ar Airteagail 14 agus 20 de Rialachán SRA, ar Airteagal 39 de Threoir 2014/59, ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 296 CFAE. Áitíonn an t-achomharcóir, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta sna míreanna sin, go raibh próiseas díola Banco Popular ag BRA curtha ó mhaith ag mírialtachtaí dá bhrí, dar leis, nárbh inbhainte amach an cuspóir do réiteach arb é atá ann an praghas díola a uasmhéadú.

(1) An chéad agus an ceathrú cuid den dara saincheist dlí

256 Leis an gcéad chuid agus an ceathrú cuid den dara saincheist dlí, atá le scrúdú le chéile, áitíonn an t-achomharcóir go bhfuil mír 522 den bhreithiúnas faoi achomharc curtha ó mhaith ag earráid dlí sa mhéid gur chinn an Chúirt Ghinearálta nach cuspóir réitigh de réir bhrí Airteagal 14 de Rialachán SRA é an praghas díola a uasmhéadú. Ina theannta sin, áitíonn sí, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 561 go 566 agus 568 den bhreithiúnas sin, nár chomhlíon BRA an oibleagáid an praghas díola a uasmhéadú agus aon scriosadh neamhriachtanach ar luach a sheachaint, trí ghlacadh leis an tairiscint arna tíolacadh agus an spriocdháta thart ag Banco Santander.

257 Maidir leis an gcáineadh ar mhír 522 den bhreithiúnas faoi achomharc, ar an gcéad dul síos, ní mór a thabhairt chun cuimhne go bhforáiltear dó le hAirteagal 14(1) de Rialachán SRA, agus iad ag gníomhú de réir na n-nós imeachta réitigh dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán sin, go gcuirfidh BRA agus an Coimisiún na cuspóirí réitigh san áireamh agus go roghnóidh siad na huirlisí réitigh agus na cumhachtaí réitigh is fearr leo chun na cuspóirí do réiteach atá ábhartha in imthosca an cháis seo a bhaint amach.

258 De réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 14(2) den Rialachán sin, is iad na cuspóirí réitigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin leanúnachas feidhmeanna ríthábhachtacha a áirithiú, éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an gcobhsaíocht airgeadais a sheachaint, acmhainní Stáit a chosaint trí thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, taisceoirí a chumhdaítear le Treoir 2014/49/AE agus infheisteoirí a chumhdaítear le Treoir 97/9 a chosaint agus cistí agus sócmhainní custaiméirí a chosaint.

259 Dá bhrí sin, níl uasmhéadú an phraghais díola ar cheann de na cuspóirí réitigh a liostaítear in (2) den chéad fhomhír d'Airteagal 14 de Rialachán SRA, rud a chuirtear treise leis trí (2). Go deimhin, de réir an dara fomhír, is chun na cuspóirí do réiteach a shaothrú, dá dtagraítear in (2) den chéad fhomhír den Rialachán sin, a fhéachann BRA agus an Coimisiún le costas an réitigh a íoslaghdú agus le scriosadh luacha a sheachaint, i gcás amháin mura gceanglaítear a leithéid chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

260 Maidir le pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(2) de Threoir 2014/59 atá le cur san áireamh ag BRA agus na socruithe díola faoi Airteagal 24(2)(d) de Rialachán SRA á gcinneadh aige, ní mór a thabhairt chun cuimhne, trí fhoráil dó nach mór a fhéachaint leis an díol beartaithe mar chuid den uirlis díolta gnó a chur i bhfeidhm praghas díola na n-ionstraimí úinéireachta, sócmhainní, ceart nó gealltanas eile lena mbaineann a uasmhéadú, a mhéid is féidir, nach leagtar amach cuspóir réitigh le hAirteagal 39(2) den Treoir sin ach ceann de na prionsabail trína bhfuil cur i bhfeidhm na huirlise díola gnó le rialú go sonrach.

261 Tugtar le tuiscint uaidh sin gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, i mír 522 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach cuspóir do réiteach de réir bhrí Airteagal 14 de Rialachán SRA atá in uasmhéadú an phraghais díola ann féin.

262 Ar an dara dul síos, maidir le glacadh thairiscint Banco Santander ag BRA i ndiaidh éag don tréimhse i litir FROB, dá dtagraítear i mír 49 den bhreithiúnas seo, ní mor a thabhairt chun cuimhne, de réir Airteagal 24(3) de Rialachán SRA, go n-úsáidfidh BRA an uirlis díolta gnó gan déanamh de réir na gceanglas díola, i gcás ina gcinneann sé go gcuirfí as do bhaint amach ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí do réiteach le déanamh dá réir. Tagann sé ó théarmaí féin na forála sin go bhféadfaí údar a thabhairt trí chomhlíonadh riachtanach na gcuspóirí do réiteach le gan déanamh de réir na gceanglas díola, lena n-áirítear spriocdháta arna fhorchur chun tairiscintí a thíolacadh.

263 Go háirithe, is léir ó Airteagal 24(3) de Rialachán BRA, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 14(2)(b) de, go bhféadfaidh BRA cinneadh a dhéanamh gan na ceanglais a bhaineann leis an díol a chomhlíonadh, i gcás ina measann sé go ndéantar nó go gcuirtear le mórbhagairt ar chobhsaíocht airgeadais na mBallstát le cliseadh iarbhír nó féideartha na hinstitiúide atá faoi réir nós imeachta réitigh ina nó go bhfuil baol ann go ndéanfaí difear trí dhéanamh de réir na gceanglas i gceist d'éifeachtúlacht na huirlise díolta gnó na hinstitiúide lena mbaineann trí chur as d'inchosantacht na huirlise ar an mbagairt leis nó don chuspóir a bheith inbhainte amach maidir le mór-éifeachtaí diúltacha don chobhsaíocht airgeadais a sheachaint.

264 Cé go gceanglaítear le baint amach na gcuspóirí sin nach gcomhlíonfar na ceanglais a bhaineann leis an díol, ní féidir a mheas go bhfuil gá leis an gcomhlíonadh sin i bhfianaise na rialach a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 14(2) de Rialachán SRA. Mar a cuireadh in iúl i mír 259 den bhreithiúnas seo, foráiltear dó go sainráite leis an bhforáil sin nach ndéanfaidh BRA agus an Coimisiún iarracht gan ach costas réitigh a íoslaghdú agus scriosadh luacha a sheachaint, mura n-éilítear amhlaidh chun na cuspóirí réitigh a bhaint amach.

265 Ina theannta sin, is léir ó fhoclaíocht phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(2) de Threoir 2014/59 nach bhféachtar leis an díol ach an praghas díola a uasmhéadú a mhéid is féidir, rud a chiallaíonn nach mór do BRA agus don Choimisiún na critéir eile lena rialaítear an díol, a leagtar amach in Airteagal 39(2) den Treoir sin agus, go háirithe, an gá atá le gníomhaíocht réitigh phras, a chur san áireamh chomh maith. In aon chás, ní mór don Choimisiún agus BRA a áirithiú nach dtagtar salach leis na bearta atá beartaithe d'fhonn an praghas díola a uasmhéadú ar na cuspóirí réitigh, ar cuspóirí do réiteach a iad in Airteagal 31(2) den Treoir sin, mar atá ar chomhfhocal le hAirteagal 14(2) de Rialachán SRA.

266 Ní mór a lua chomh maith, a mhéid a iarrtar ar BRA agus ar an gCoimisiún roghanna de chineál teicniúil a dhéanamh agus réamh-mheastacháin agus measúnuithe casta a dhéanamh agus scéim réitigh á glacadh acu, nach mór a aithint go bhfuil rogha áirithe acu. I bhfianaise na rogha sin, ní mór gan tabhairt air tríd an athbhreithniú breithiúnach atá le déanamh ag cúirt an Aontais ar fhiúntas scéim réitigh a measúnú féin a chur in ionad mheasúnú BRA agus an Choimisiúin ach tá sé beartaithe a fhíorú nach bhfuil an cinneadh sin bunaithe ar fhíorais atá míchruinn ó thaobh ábhair de agus nach bhfuil an cinneadh sin curtha ó mhaith ag aon earráid fhollasach measúnaithe nó mí-úsáide cumhachtaí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *BCE* v *Crédit lyonnais*, C-389/21 P, EU:C:2023:368, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

267 Sa chás seo, chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 561 go 566 den bhreithiúnas faoi achomharc, ar an gcéad dul síos, gur chuspóir do chlár ama na n-imeachtaí díola arna leagan amach i litir FROB an 6 Meitheamh 2017, dá dtagraítear i mír 49 den bhreithiúnas seo, na gnásanna go léir a chur i gcrích roimh thús a chur leis na conarthaí ionas, *inter alia*, nach gcuirfí isteach ar fheidhmeanna ríthábhachtacha Banco Popular, ar an dara dul síos, gur ghlac FROB le tairiscint Banco Santander nuair ba chosúil gur dheimhin nach raibh tairiscint le tairgeadh ag aon cheann eile de na hinstitiúidí eile ar iarradh orthu páirt a ghlacadh sna himeachtaí díola agus, ar an tríú dul síos, gur mheas BRA in Airteagal 6(6) den scéim réitigh faoi chonspóid, sna himthosca sin, gur stuama glacadh le coinníollacha na haon institiúide amháin a thíolaic tairiscint agus cosc a chur le dócmhainneacht neamhrialaithe Banco Popular mar sin, dá bhrí, *inter alia*, go bhféadfaí difear a dhéanamh dá fheidhmeanna ríthábhachtacha. Ina achomharc, níor áitigh an t-achomharcóir ar chor ar bith go raibh breithmheas BRA sin curtha ó mhaith ag earráid fhollasach bhreithmheasa.

268 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh, i míreanna 561 go 566 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhféadfadh BRA, i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán SRA, glacadh le tairiscint Banco Santander, cé gur tairgeadh í i ndiaidh éag don tréimhse arna leagan amach i litir FROB an 6 Meitheamh 2017.

269 Ina theannta sin, cé go n-áitíonn an t-achomharcóir, sa chomhthéacs sin, nár cuireadh na ceannaitheoirí ionchasacha eile ar an eolas faoin bhféidearthacht tairiscint a thaisceadh agus an spriocdháta thart, is leor a thabhairt faoi deara, i mír 562 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta nár glacadh le tairiscint Banco Santander ach amháin nuair ba chosúil gur dheimhin nach raibh tairiscint le tairgeadh ag aon cheann eile de na hinstitiúidí eile ar iarradh orthu páirt a ghlacadh sna himeachtaí díola. Ní mhaíonn an t-achomharcóir go bhfuil an cinneadh sin curtha ó mhaith ag saobhadh. Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach bhfuil feidhm ag an argóint lena n-éilítear nár soláthraíodh faisnéis do na ceannaitheoirí ionchasacha eile, mar a líomhnaítear.

270 Dá bhrí sin, níl bunús leis an gcéad chuid agus leis an gceathrú cuid den dara saincheist dlí.

(2) An dara cuid den dara saincheist dlí

271 Mar is léir ó na téarmaí sin de phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(2) agus an dara fomhír de Threoir 2014/59, ní chuirtear cosc tríd na critéir díola dá dtagraítear sa chéad fhomhír sin le ceannaitheoirí ionchasacha áirithe a iarraidh ag an údarás réitigh, ar choinníoll nach dtugtar buntáiste míchuí do cheannaitheoirí ionchasacha ná nach ndéantar idirdhealú.

272 Sa chás seo, chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 545 agus 550 den bhreithiúnas faoi achomharc gur bun ag BRA leis an gcinneadh gan cuireadh a thabhairt chuig próiseas díola poiblí Banco Popular mar chuid den réiteach ach do na cúig institiúid a ghlac páirt in imeachtaí díola phríobháidigh na hinstitiúide sin, ná critéir oibiachtúla a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis an spéis arna léiriú le linn na n-imeachtaí díola phríobháidigh ag na gnóthais a rinneadh teagmháil leo, ar an dara dul síos, le cúiseanna práinne agus ama an-teoranta ar fáil le haghaidh an phróisis díola phoiblí arna sheoladh ag BRA agus, ar an tríú dul síos, leis an ngá rúndacht an phróisis díola phoiblí a áirithiú.

273 Ina achomharc, cuireann an t-achomharcóir faoi chonspóid, go bunúsach, fiúntas an chéad chritéar a bhaineann leis an spéis arna léiriú cheana féin. Measann sé, ós rud é nach raibh na himeachtaí díola phríobháidigh curtha i gcrích, go raibh teip i ndán don phróiseas díola poiblí arna sheoladh ag BRA chomh maith.

274 I gcomhthéacs an tríú cuid den dara saincheist dlí, áfach, aithníonn an t-achomharcóir féin gurbh inspreagtha spéis na n-institiúidí nár léiríodh le linn na n-imeachtaí díola phríobháidigh trí choinníollacha éagsúla agus níos fabhraí an phróisis díola phoiblí, go háirithe trí ísosphraghas EUR 1 arna cheangal ag BRA agus tríd an bhféidearthacht an caipiteal a dhímheas. Sna himthosca sin, níl sé inbhuanaithe ag a chuid argóintí go ndearna BRA earráid fhollasach bhreithmheasa tríd an bpróiseas díola poiblí a theorannú, i bhfianaise na spéise arna léiriú cheana féin, d'institiúidí a ghlac páirt sna himeachtaí díola phríobháidigh cheana féin.

275 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach bhfuil bunús leis an dara cuid den dara saincheist dlí.

276 Dá bhrí sin, tá an dara saincheist dlí do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

E. An tríú agus an t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine agus ar phrionsabal na comhréireachta

277 Lena thríú saincheist dlí agus lena ochtú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, go sáraítear leis an scéim réitigh faoi chonspóid an ceart chun maoine a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt agus prionsabal na comhréireachta.

1. An tríú saincheist dlí

278 Lena thríú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 14 de Rialachán SRA, Airteagail 17 agus 47 den Chairt agus an dualgas cúraim agus cearta na cosanta, a mhéid a chinn sí, i míreanna 669 go 697 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh sé de cheangal ar BRA a fhíorú ná a léiriú an gcuirfí cosc le scriosadh luacha ag bearta malartacha eile. Tá trí chuid sa tsaincheist dlí sin.

(a) Argóintí na bpáirtithe

279 Leis an gcéad chuid den tríú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 14(2) de Rialachán SRA, arna léamh i bhfianaise Airteagail 17 agus 52 den Chairt, trí mhaíomh, i míreanna 674 go 678 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh sé de cheangal ar BRA a léiriú an seachnófaí scriosadh luacha le faoiseamh eile, nó measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na caingne réitigh i bhfianaise cheart na scairshealbhóirí chun maoine. De réir an achomharcóra, ní féidir a chinneadh nár thabhaigh scairshealbhóirí Banco Popular níos mó caillteanas ná na caillteanais a bheadh le tabhú acu mar chuid d'imeachtaí dócmhainneachta, cé gur shócmhainneach an banc sin tráth a réitigh.

280 Leis an dara cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn sé gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart nach raibh na hearráidí i bplean réitigh 2016 ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar dhleathacht na scéime réitigh faoi chonspóid arna glacadh in 2017. Dar leis an achomharcóir, ní chuirtear san áireamh sna cúiseanna sin nár tugadh an plean réitigh sin cothrom le dáta ó 2016 i leith. D'fhéadfadh BRA a ordú go ndeighlfí na scaireanna dá dtabharfaí an plean cothrom le dáta.

281 Leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn an t-achomharcóir, i míreanna 479 go 492 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a chearta cosanta trí chinneadh, ar an gcéad dul síos, nach dtugtar bunús de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá leis an gcaoi a bhféadfaí na cuspóirí réitigh a bhaint amach tríd an bhfaoiseamh malartach a mholtar trína

barúlacha agus an tuarascáil ó na saineolaithe arna tíolacadh aici agus, ar an dara dul síos, gur thóg sí go déanach, tráth an fhreagra, ar bhonn phlean réitigh 2016, an argóint gur ullmhaigh BRA an réiteach go mícheart. Measann sé, áfach, gur cuireadh cosc, trí rúndacht na scéime réitigh i gceist, le tíolacadh a leithéide d'argóintí nó fianaise aici níos luaithe.

282 Áitíonn Banco Santander gur do-ghlactha an chéad chuid den tríú saincheist dlí, ar an bhforas nach ndéanann an t-achomharc ach athfhriotal focal ar fhocal na hargóintí arna ndéanamh cheana féin os comhair na Cúirte Ginearálta. Ar an ábhar céanna, áitíonn sí, mar a áitíonn an Coimisiún, gur do-ghlactha an dara cuid den tsaincheist dlí sin, cé go maíonn BRA, i ndáil leis sin, gur ardaíodh san achomharc den chéad uair an argóint lena n-éilítear gur féidir plean réitigh 2016 a thabhairt cothrom le dáta. Maidir leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin, maíonn BRA agus Banco Santander nach agraíonn an t-achomharcóir aon earráid dlí agus nach soiléirítear ann na codanna agus na míreanna den bhreithiúnas faoi achomharc a cháineann an t-achomharcóir.

283 Ar aon chuma, áitíonn an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne, agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an tríú saincheist dlí.

(b) Measúnú na Cúirte

(1) Inghlacthacht

284 Maidir leis an gcéad chuid den tríú saincheist dlí, ní mór a thabhairt faoi deara, leis an gcuid sin, go n-áitíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, go ndearnadh difear go díréireach leis an scéim réitigh faoi chonspóid dá cheart chun maoine, fad a sonraíodh leis na míreanna den bhreithiúnas faoi achomharc atá faoi chonspóid agus na hargóintí ar a bhfuil sé ag brath. I gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 106 den bhreithiúnas seo, ní féidir a dhearbhú gur neamh-inghlactha an chéad chuid sin ina hiomláine.

285 Maidir leis an dara cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn BRA, agus an ceart aige, gur do-ghlactha an argóint go bhféadfadh BRA a ordú ndeighlfí na scaireanna dá dtabharfaí an plean cothrom le dáta, a mhéid a ardaíodh an argóint sin den chéad uair mar chuid den achomharc. Go deimhin, is léir ó mhír 688 den bhreithiúnas faoi achomharc gur agair an t-achomharcóir os comhair na Cúirte Ginearálta earráidí arna ndéanamh agus an plean réitigh sin á ullmhú, cé go dtugann sé faoi cheist anois nár tugadh an plean sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin. Ní mhaíonn an t-achomharcóir gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as a iarratas ag an gcéad chéim chuige sin.

286 Maidir leis an tríú cuid den tsaincheist dlí sin, is léir, go bunúsach, ón achomharc go n-éilítear leis an gcuid sin sárú ar chearta cosanta an achomharcóra ag an gCúirt Ghinearálta agus go dtagraítear léi do mhíreanna 479 go 492 den bhreithiúnas faoi achomharc, i ndáil le moill líomhainte a chuid argóintí lena dtugtar faoi cheist ullmhú míchuí an réitigh agus le cur san áireamh na dtuarascálacha éagsúla ó shaineolaithe arna dtíolacadh ag an achomharcóir. Tugtar le tuiscint, sa chuid sin, go soiléiríonn an t-achomharcóir an t-ábhar cáinte sa bhreithiúnas faoi achomharc agus na hargóintí a bhraitheann a ghearáin orthu.

287 Dá bhrí sin, ní mór a mheas gurb in-ghlactha an chéad chuid agus an tríú cuid den tríú saincheist dlí. Ní mór a dhearbhú gur do-ghlactha an dara cuid den tsaincheist dlí sin.

(2) Substaint

288 Éilítear sa chéad chuid den tríú saincheist dlí sárú ar Airteagal 14(2) de Rialachán SRA, arna léamh i bhfianaise Airteagail 17 agus 52 den Chairt. Áitíonn an t-achomharcóir gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 674 go 678 den bhreithiúnas faoi achomharc, nár ceanglaíodh ar BRA a fhíorú gur comhlíonadh an beart réitigh prionsabal na comhréireachta i bhfianaise cheart na scairshealbhóirí chun maoine agus, go háirithe, cé acu an seachnófaí scriosadh luacha a sheachaint le faoiseamh eile.

289 Ní mór a lua gur léamh ar an mbreithiúnas faoi achomharc atá mícheart follasach is bun leis an argóint sin.

290 Ar an gcéad dul síos, agus é á áitiú aici gur chinn an Chúirt Ghinearálta nár ceanglaíodh ar BRA a fhíorú gur comhlíonadh leis an mbeart réitigh prionsabal na comhréireachta i bhfianaise cheart na scairshealbhóirí chun maoine, braitheann an t-achomharcóir ar léamh ar leith, agus, dá bhrí sin, ar léamh mícheart, ar mhír 674 den bhreithiúnas faoi achomharc. Go deimhin, i mír 673 den bhreithiúnas sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta go gcumhdaítear le scriosadh luacha de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 14(2) de Rialachán SRA ní hamháin leasanna dílseánaigh scairshealbhóirí agus shealbhóirí ionstraimí cothromais an eintitis, ach leasanna dílseánaigh a thaisceoirí, a fhostaithe agus a chreidiúnaithe eile chomh maith.

291 Ón taobh sin de, d'fhéach an Chúirt Ghinearálta le béim a leagan air, go bunúsach, i mír 674, nach mór a chur san áireamh sa scrúdú ar chomhréireacht an bheirt réitigh, ní hamháin leasanna na scairshealbhóirí, ach leasanna eile chomh maith, rud a thacaítear leis trí anailís na Cúirte Ginearálta ina dhiaidh sin. Mar sin, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, i mír 675 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn BRA, in Airteagal 5(2) den scéim réitigh faoi chonspóid, gur modh iomchuí, riachtanach agus comhréireach é an uirlis díolta gnó chun na cuspóirí réitigh a bhaint amach. Go háirithe, i mír 678 den bhreithiúnas sin, leag an Chúirt Ghinearálta béim air, *inter alia*, de réir an mheasúnaithe atá in Airteagal 4(6) den scéim sin, go gcúiteofaí na míbhuntáistí agus na costais a bhaineann le beart réitigh a ghlacadh, go príomha na caillteanais ag na scairshealbhóirí agus ag fo-chreidiúnaithe, leis na buntáistí dá réir, eadhon feidhmeanna ríthábhachtacha Banco Popular a chaomhnú, teorainn a chur leis na héifeachtaí diúltacha don gheilleagar agus don chobhsaíocht airgeadais agus caillteanais a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ag creidiúnaithe eile.

292 A mhéid a áitíonn an t-achomharcóir gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart nach raibh caillteanais níos mó ag scairshealbhóirí Banco Popular i ndiaidh a réiteach ná mar a bheadh sé mar chuid d'imeachtaí dócmhainneachta, is leor a thabhairt faoi deara, i mír 678 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta ach achoimre ar ábhar Airteagal 4(5) agus (6) den scéim réitigh faoi chonspóid, d'fhonn freagairt, mar is léir ón mír seo a leanas den bhreithiúnas faoi achomharc, d'argóint an achomharcóra nár chuir BRA san áireamh, sa scéim sin, go bhféadfaí luach a scriosadh, dar léi, le haghaidh scairshealbhóirí Banco Popular tríd an uirlis díolta gnó.

293 Ar an dara dul síos, murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an achomharcóir, níor rialaigh an Chúirt Ghinearálta ar chor ar bith gurbh fhéidir le BRA staonadh ó fhíorú an seachnófaí scriosadh luacha le faoiseamh eile. Os a choinne sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 675 go 677 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn BRA, in Airteagal 5(3) den scéim réitigh faoi

chonspóid, nárbh iomchuí na huirlisí réitigh eile dá bhforáiltear le Rialachán SRA agus nach raibh na cuspóirí do réiteach a inbhainte amach sin agus a bhí leis an uirlis díolta gnó dá bhrí gur thug BRA údar leis an ngá atá leis an uirlis sin chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

294 Sa chomhthéacs sin, ní thugtar faoi cheist ar chor ar bith tríd an gcinneadh atá i mír 677 sin an ceanglas comhréireachta nach mór, i gcás ina bhfuil rogha ann idir roinnt bearta iomchuí, an ceann is lú sriantaí a úsáid (féach, maidir leis an gceanglas sin, breithiúnas an 9 Samhain 2023, *Altice Group Lux* v *an Coimisiún*, C-746/21 P, EU:C:2023:836, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear). Go deimhin, níorbh ach sa mhéid a thug BRA údar le gá na huirlise díolta gnó chun na cuspóirí do réiteach a bhaint amach, gur chinn an Chúirt Ghinearálta nár shonraigh BRA an mbeadh scriosadh luacha inseachanta le faoiseamh eile.

295 Dá bhrí sin, níl bunús leis an gcéad chuid den tríú saincheist dlí.

296 Leis an tríú cuid den tríú saincheist dlí, agraíonn an t-achomharcóir sárú ar a chearta cosanta a rinne an Chúirt Ghinearálta ar mhíreanna 479 go 492 den bhreithiúnas faoi achomharc. Áitíonn sí, go bunúsach, gur cuireadh cosc trí rúndacht na scéime réitigh faoi chonspóid uirthi le tacú níos mó lena hargóintí maidir le freagra a bheith ann atá de mhalairt ar réiteach agus ar áitiú, roimh thaisceadh a fhreagra ag an gcéad chéim, gurbh fhéidir le BRA, i bhfianaise na n-easnamh líomhainte i bplean réitigh 2016, a an réiteach a ullmhú níos fearr.

297 Ar an gcéad dul síos, is léir go háirithe ó mhíreanna 345 go 353 den bhreithiúnas faoi achomharc nár shuigh an t-achomharcóir nach raibh na leaganacha den scéim réitigh faoi chonspóid agus de luacháil 2, a foilsíodh ar láithreán gréasáin BRA agus a raibh rochtain aige orthu, réasúnaithe go leor. Ar an dara dul síos, i mír 400 den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nár shonraigh an t-achomharcóir a mhéid a bhí gá leis na sonraí eacnamaíocha atá fós folaithe sna leaganacha neamhrúnda den scéim sin agus de luacháil 2 chun an scéim sin a thuiscint agus chun a cheart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fheidhmiú.

298 Ina theannta sin, cinneadh i míreanna 131 go 134 den bhreithiúnas seo nár sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 296 CFAE ná Airteagal 47 den Chairt agus í ag cinneadh, in ordú an 9 Meitheamh 2021 dá dtagraítear i mír 723 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh téacs iomlán na scéime réitigh faoi chonspóid ábhartha do thoradh na caingne.

299 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nár bhunaigh an t-achomharcóir de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, maidir le faoiseamh malartach a bheith ann agus maidir leis an ullmhúchán do réiteach Banco Popular le plean réitigh 2016, gur cuireadh cosc lena chearta a chosaint go héifeachtach os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh trí rúndacht na scéime réitigh faoi chonspóid.

300 Dá bhrí sin, níl bunús leis an tríú cuid den tríú saincheist dlí.

301 Dá bhrí sin, tá an tríú saincheist dlí do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

2. An t-ochtú saincheist dlí

302 Lena ochtú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagail 17 agus 52 den Chairt agus Airteagal 5(4) CAE trí dhearbhú, i míreanna 463 go 492 den bhreithiúnas faoi achomharc, nár sáraíodh leis an scéim réitigh faoi chonspóid an ceart chun maoine. Tá trí chuid sa tsaincheist dlí sin.

(a) Argóintí na bpáirtithe

303 Leis an gcéad chuid den ochtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, i míreanna 467 go 469 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart nach raibh cur isteach díréireach ar cheart scairshealbhóirí Banco Popular chun maoine i gceist leis an scéim réitigh faoi chonspóid, ar an bhforas gurb iad imeachtaí dócmhainneachta an t-aon rogha mhalartach ar réiteach. Sa chomhthéacs sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid chomh maith agus í ag brath ar a cásdlí féin ó bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2018, *K. Chrysostomides & Co. agus páirtithe eile* v *an Chomhairle agus páirtithe eile* (T-680/13, EU:T:2018:486) go háirithe, ar dá réir gur cheart gurbh iad scairshealbhóirí na chéad scairshealbhóirí a thabhódh caillteanais ar dócha go mbeadh easnamh caipitil mar thoradh orthu. Agus tagairt á déanamh dá argóintí arna gcur chun cinn i gcomhthéacs an seachtú foras agus a bhfuil achoimre déanta air i mír 195 den bhreithiúnas seo, áfach, measann an t-achomharcóir nach bhfuil feidhm ag an gcásdlí sin maidir le bainc atá sócmhainneach, amhail Banco Popular tráth an réitigh. Thairis sin, murab ionann agus an méid a luaitear sa bhreithiúnas faoi achomharc, ní dhéantar talamh slán de dhócmhainneacht le Rialachán SRA.

304 Leis an dara cuid den tsaincheist dlí sin, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ar chinneadh, i míreanna 466, 467 agus 481 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur comhlíonadh leis an scéim réitigh faoi chonspóid na ceanglais faoi Airteagal 52(1) den Chairt. Go sonrach, éilíonn sé nár luaigh sé ach gur comhlíonadh coinníollacha (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(4) de Rialachán SRA, gan a fhíorú, áfach, ar fheidhmigh BRA a chumhacht dímheasta faoi na coinníollacha a leagtar síos le dlí agus ar bhealach neamhthreallach agus, go háirithe, gan measúnú a dhéanamh an raibh feidhmiú na cumhachta sin bunaithe ar luacháil shócmhainní agus dhliteanais an bhainc, rud a cheanglaítear le hAirteagal 20(5)(c) agus le hAirteagal 21(8) de Rialachán SRA.

305 De réir an achomharcóra, bunaítear Airteagal 6(3) agus (4) den scéim réitigh faoi chonspóid ar luacháil 2 go mícheart. Go deimhin, luadh go sainráite sa tuarascáil luachála nach raibh sé beartaithe a chinneadh ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le réiteach nó dímheas a ghlacadh agus, dá bhrí sin, cuireadh as an áireamh úsáid na gcoinníollacha sin chun críocha fheidhmiú na cumhachta dímheasta. Mar sin, ba threallach dímheas scairchaipiteal Banco Popular a bhunú ar luacháil 2, in ainneoin gach rud. Ina theannta sin, ba gur bhréagnaitheach treallach a bhainfí luach EUR -8.2 billiún de chonclúid le luacháil 2 i ndáil le Banco Popular, bíodh is gur shócmhainneach an banc sin.

306 Leis an tríú cuid den ochtú saincheist dlí, cuireann an t-achomharcóir an Chúirt Ghinearálta i gcionta le sárú ar Airteagail 17 agus 52 den Chairt agus Airteagal 5(4) CAE trí rialú, i míreanna 474 go 476 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur comhlíonadh prionsabal na comhréireachta leis na hionstraimí úinéireachta a dhímheas. Ní fhéadfaí a mheas, áfach, gur comhréireach difear a dhéanamh dá cheart chun maoine, gan cúiteamh iomchuí lena gcuirtear san áireamh sócmhainneacht Banco Popular tráth an réitigh.

307 Áitíonn BRA gurb inghlactha an chéad chuid den ochtú saincheist dlí ar an bhforas nach dtugann an t-achomharcóir chun suntais aon earráid dlí arna déanamh ag an gCúirt Ghinearálta maidir leis an sárú líomhainte ar an gceart chun maoine. Pléadálann BRA agus Banco Santander sé gur do-ghlactha an dara cuid den tsaincheist dlí seo, ar an bhforas go dtugtar fíorais agus argóintí nua isteach leis ag céim an achomhairc agus nach dtagraítear leis d'aon chinneadh sonrach sa bhreithiúnas faoi achomharc. Ar na cúiseanna sin, pléadálann BRA gur do-ghlactha an tríú cuid den tsaincheist dlí sin.

308 Ar aon chuma, measann an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander nach bhfuil bunús leis an ochtú saincheist dlí.

(b) Measúnú na Cúirte

309 Maidir le hinghlacthacht an ochtú saincheist dlí agus, go sonrach, an chéad chuid di, cuireann an t-achomharcóir an Chúirt Ghinearálta, *inter alia*, i gcionta le rialú a thabhairt go ndéantar talamh slán de dhócmhainneacht le Rialachán SRA. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 115 dá Tuairim, áfach, ní aithnítear san achomharc na pointí i bhforais an bhreithiúnais faoi achomharc ina ndearna an Chúirt Ghinearálta a leithéid de chinneadh agus sháraigh sí, dá bhrí sin, na ceanglais ó Airteagal 169(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Dá bhrí sin, is do-ghlachta go páirteach an chéad chuid den tsaincheist dlí sin.

310 Ina theannta sin, is bun leis an dara cuid agus an tríú cuid den saincheist dlí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá haire, agus an ceart aici, i mír 117 dá Tuairim, na hargóintí arna n-ardú den chéad uair ag céim an achomhairc a mhéid a agraíonn an t-achomharcóir anois idir go bhfuil an luacháil ó mhaith ag mírialtachtaí líomhainte agus nár tugadh cúiteamh iomchuí. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dá chuid sin.

311 Maidir le fiúntas an chéad chuid den ochtú saincheist dlí, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuireann an t-achomharcóir locht ar mhíreanna 467 go 469 den bhreithiúnas faoi achomharc agus go mbraitheann sé, i ndáil leis sin, go bunúsach, ar na hargóintí céanna arna n-ardú mar chuid dá seachtú saincheist dlí agus atá achoimrithe i mír 195 den bhreithiúnas seo. Mar sin, ar chúiseanna arb ionann iad agus na cúiseanna atá, go háirithe, i míreanna 233 go 235 den bhreithiúnas seo, ní mór a rialú nach bhfuil bunús leis an snáithe argóna sin.

312 Dá bhrí sin, tá an t-ochtú saincheist dlí do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

313 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór diúltú don achomharc.

VI. Costais

314 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina bhfuil an t-achomharc gan bhunús, déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh maidir leis na costais.

315 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha sin, is infheidhme maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

316 Sa chás seo, ós rud é nár éirigh leis an achomharcóir, is gá, ag féachaint do na cineálacha ordaithe atá á lorg ag an gCoimisiún, ag BRA, agus ag Banco Santander, a ordú dó a chostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún, ag BRA, agus ag Banco Santander a íoc.

317 I gcomhréir le hAirteagal 140(1) de na Rialacha Nós Imeachta, a bhfuil feidhm aige maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) díobh, íocfaidh na Ballstáit agus na hinstitiúidí a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostais féin.

318 Dá bhrí sin, ordaítear do Ríocht na Spáinne, an Pharlaimint agus an Chomhairle a gcostais féin a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Diúltaítear don achomharc.**

2. **Ordaítear do Aeris Invest Sàrl a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, ag an mBord Réitigh Aonair (BRA) agus ag Banco Santander a íoc.**

3. **Ordaítear do Ríocht na Spáinne, don Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcostais féin a íoc.**

Sínithe